

Tuarascáil bhliantúil 2018/19

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

www.cit.ie





Campas Bhaile an Easpaig CIT




Ceolscoil Chorcaí (CSC CIT)



Coláiste Ealaíne & Deartha CIT (CEDC CIT)



Coláiste Náisiunta Mara na hÉireann (CNMÉ)



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tuarascáil Bhliantúil 18/19

www.cit.ie

Stair

Is fada agus is oiric í stair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Ba ann don Royal Cork Institution, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution nua faisingthe seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oideachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 socraíodh Coláiste Teicniúil a bhunú agus osclaíodh é in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm air. Ainmníodh an institiúid as an Uasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaí a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920aidí, bhí sí rannpháirteach i gcéim san innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh diplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteach Cholaíste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960aidí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shibhialta, sa Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an saol.

Sa bhliain 1963, aistríodh na cúrsaí foirgníochta ón Institiúid, a bhí plódaithe, go dtí Scoil na Foirgníochta nua ag Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Cholaíste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an bhfód i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar Scoil na Foirgníochta agus Innealtóireachta Leictreá a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huaire, Seán Ó Loinsigh TD, an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Mar thoradh ar athbhreithniú náisiúnta ar dhaonchumhacht, iarradh ar Institiúidí Ard-Oideachais tograí a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais in 1978 le haghaidh cúrsaí nua céime a chuirfeadh le scileanna daonchumhachta céimithe an fhórsa oibre in Éirinn. Mhol Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí faoi stiúir a Phríomhaí James P Roche ceithre chúrsa céime, Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach, Innealtóireacht Mheicniúil, agus Ríomhaireacht. Bhí dianghníomhaíocht ar siúl sa choláiste chun ábhar cúrsa a ullmhú do na cúrsaí agus chun creidiúnú a lorg ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais. D'éirigh leis an tionscnamh agus bronnadh a gcuid pár ar chéad chéimithe na gcúrsaí sin in 1983. Thuill na cúrsaí an-mheas ó na páirtithe leasmhara sa tsochaí agus sa tionsclaíocht. Ina dhiaidh sin thug Institiúid Innealtóirí Éireann creidiúnú do na cúrsaí le haghaidh bhallaíochta ghairmiúil na hInstitiúide agus thug ballraíocht san Institiúid do chéimithe na gcúrsaí sin in

Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach, agus Innealtóireacht Mheicniúil. Thug Institiúid na hInnealtóirí Ceimiceacha creidiúnú ar leith don chéim in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht) le haghaidh bhallaíochta chorparáideach na hInstitiúide.

Tionóladh na 25ú Comórtais Idirnáisiúnta do Phrintísigh i gColáiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí ó 2 – 17 Meán Fómhair 1979. Tionóladh na Comórtais féin i dtíocha is ceithre scil ceirde i gcampas Bhaile an Easpag go príomha agus bhí cúig thír déag ón Eoraip, ón Áise agus ó Mheiriceá san iomaíocht. Sheas an dian-ullmhúchán do na comórtais níos mó ná bliain agus ba ghá láithreáin theicniúla ar ardshonraíocht a ullmhú. Bhí breis is sé chéad iomaitheoir agus feidhmeannach ar an láthair agus ba mhór an cúram é cóiríocht a aimsiú do na cuairteoirí sin in óstáin na cathrach agus an chontae. Rinneadh ócáidí sóisialta a réiteach go cúramach do na haíonna agus bhí cuid mhaith imeachtaí cultúrtha agus cuairteanna ar áiteanna áille sa réigiún i gceist. Léiríodh ardleibhéal sástachta le cur i láthair na n-imeachtaí cultúrtha Gaelacha. D'oscail an tAire Oideachais, John Wilson TD, na comórtais agus bhronn an tAire Saothair, Gene Fitzgerald TD, na duaiseanna ag an searmanas dúnta. Thug Uachtarán na hÉireann, an Dr Pádraig Ó hIarghaile, cuairt ar na comórtais. Mheas idir chuireoirí agus an Roinn Oideachais gur éirigh thar barr go hidirnáisiúnta leis na himeachtaí agus bhí Éire sa tríú háit i dtábla na mbonn. Chuir an t-imeacht go mór le cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar ionad don leibhéal is airde d'ullmhúchán agus éachtaí teicniúla.

Rinneadh aonán féinrialaithe den CRTC ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste

Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin do dhá fhoras oideachais eile a bhí á rialú ag an CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Theicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis sin ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oilte chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus ar shaotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na hInstitiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 rinne Micheál Martin TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta, an CRTC a athainmniú mar “Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí”.

In 1998 rinne grúpa athbhreithnithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) agus, mar thoradh ar a gcuid moltaí, chinn an Rialtas in 1999 go dtabharfaí cumhacht don Institiúid a cuid Dioplómaí agus Teastas féin a bhronnadh de réir gnáthaimh a comhaontaíodh le Comhairle Náisiúnta na gDámhachtainí Oideachais. Ba é sin an chéad chéim i dtarmligeán údaráis d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a céimeanna oideachais féin a bhronnadh.

I nDeireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpaig de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoráid i Rinn an Scidígh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é CNMÉ atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh trádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd. atá freagrach as bainistíú saoráidí ag an gColáiste.

Rinne Chomhairle Náisiúnta na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) lánúdarás dámhachtana a tharmligeán don Institiúid dá cuid Clár Múinte uile go dtí Leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) agus an leibhéal sin san áireamh de chuid Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQAI) i mí an Mheithimh 2005.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligeán dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005, rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharmligeán d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh an t-údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmligeán le comhaontú NQAI agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá inchomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás seo dámhachtainí a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT. Le linn na tréimhse 2005 – 2007, cuireadh críoch le agus áitíodh sraith foirgneamh duaiseora d’ardchaighdeán, mar atá Lárionad na Mac Léinn, an tÁras Riaracháin, an tÁras Turasóireachta agus Fáilteachais, agus iad mórthimpeall ar chlós. Cuireann na foirgnimh sin go mór le híomhá agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tógadh Lárionad Rubicon ar shuíomh dhá heicteár a ceannaíodh in 2002. Ó osclaíodh é in Eanáir 2006, tá Lárionad Rubicon tar éis é féin a shocrú mar chatalaíoch, agus é ag cabhrú le fiontraithe a gcuid tionscadal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Is é ról Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le foirmiú agus le fás gnólachtaí dian-fhaisnéiseacha ag an luathstaid, trí spás fisiceach agus tacaíocht bainistíochta inti, agus teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí san Institiúid. Tá mar aidhm ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas leanúnach i gcónaí ar fhás an taighde tráchtála agus gnó eolasbhunaithe sa Réigiún Thiar Theas.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí sin, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistí i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt níos lú institiúidí ainmnithe.

Ba chloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta sin don chóras ardoideachais in Éirinn. Ba mhórchéim eile é i bhforbairt na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfochéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtúireachta.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 i Sráid an Chapail Bhuí, Corcaigh, agus is í an Cheolscoil is sine in Éirinn í. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheoirse agus ansin bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956. Thug Tuarascáil Hardiman deis athbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in CIT. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó institiúidí agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d’ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach. Thug an Comhpháirtí Phoiblí Príobháideach, Hochtief, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar láimh go hoifigiúil d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Ó 2007 i leith, lean CIT de thionscadal leathan straitéise a raibh mar aidhm aige feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar láithreach na hInstitiúide ar líne. Ba é a bhí mar chéad chuid den tionscadal sin suíomh gréasáin na hInstitiúide www.cit.ie a dtagann an pobal i dteagmháil leis a athdhearadh agus cuireadh i gcrích ina chéimeanna é. Is é an polasaí i dtaca leis an bpríomhláithreán gréasáin ná go bhfuil sé ann go príomha do dhaoine lasmuigh de CIT. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní bhíonn faisnéis a bhaineann go hábhartha leis an lucht féachana inmheánach le feiceáil ar an bpríomhláithreán gréasáin. Chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil dóibh siúd laistigh de CIT forbraíodh dhá thionscadal breise a raibh mar chuspóir leo seirbhís thiomanta ar líne agus tairseacha cumarsáide a sholáthar d'fhoireann agus do mhic léinn na hInstitiúide. Cuireadh Pas 1 den tionscadal do thairseach na foirne (gateway.cit.ie) i gcrích i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh tairseach na mac léinn (www.mycit.com) ar bun i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i mbun oibre é i gcomhar le córas rphoist na mac léinn.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise (14.175 heicteár) sna 1990aidí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a fhorbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe TD, Staidiam Spóirt nua.

Is comhoibriú í Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCCD) idir Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bronntóir príobháideach. I mí na Samhna 2007 osclaíodh don phobal í mar Lárionad Eolaíochta, Réadlann agus bialann cois abhann agus ghnóthaigh sí gradam idirnáisiúnta.

Ba sa bhliain 1582 a tógadh an chéad túr, atógadh é in 1733 agus tógadh é mar atá sé inniu in 1829. Rinneadh athnuachan air sna 1960aidí agus fuair Bardas Chorcaí seilbh air in 2001. Baineann tábhacht leis an gCaisleán i gcur chun cinn na hEolaíochta agus suntasacht CIT i measc phobal an oideachais agus na sochaí.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe TD, cead do CIT suíomh agus foirgneamh taobh le Campas Bhaile an Easpais a cheannach ón ngnólacht leictreonaice Tyco-Sensormatic as SAM chun an campas a fhairsingiú. Thug fáil an tsuímh agus an fhoirgnimh de 7.4 acra deis do CIT freastal ar gach gníomhaíocht printíseachta dá cuid ar Champas Bhaile an Easpais. Thug CIT cuid den mhaoiniú as a cuid acmhainní féin ach is as an mBuiséad Caipitil d'Institiúidí tríú leibhéal a tháinig formhór an mhaoinithe don fháil. Bhí an tAire i láthair san Institiúid chun an Conradh le Tyco a shíniú ar 16 Deireadh Fómhair 2009 agus i láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, agus Donal Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, Tyco-Sensormatics Electronics.

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad NIMBUS le haghaidh taighde ar Chórais Leabaithe. Agus é á mhaoiniú tríd an gClár Taighde de chuid an ÚAO in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) in 2007, is é NIMBUS an chéad fhoirgneamh a críochnaíodh go náisiúnta sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTL agus léirigh sé comhoibriú agus bainistíú tionscadail an-rathúil ag Oifig Forbartha CIT, na hailtirí, conraitheoirí tógála agus ag an bhfoireann taighdeoirí ar dóibh a dearadh an foirgneamh. Le linn tréimhse cúngaithe airgeadais, ba dhea-theist é chomh maith ar an bhfoireann gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus tús á chur leis in 2005, chuir CIT an t-aistriú go dtí córas seachadta curaclaim modúlbnaithe i gcrích faoin mbliain 2009. Is gnách go gcuirtear modúlachán i bhfeidhm mar chuid de leasuithe níos leithne agus is minic go mbíonn baint aige le hoiliúint le haghaidh cuspóirí sainithe foghlama (go minic cumasbhunaithe); foghlaim i gcomhar; bealaí indibhidiúla oiliúna; agus carnadh creidmheasa agus aistriú. Ba mhar sin a bhí sé leis an tionscadal modúlacháin ag CIT. Chomh maith le córas modúlbnaithe a thabhairt isteach, thug CIT bliain acadúil isteach a raibh dhá sheimeastar inti. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm do mhic léinn nua na chéad bhliana i Meán Fómhair 2007 agus leathnaíodh é go dtí na blianta uile de na cláir fhochéime fhochéime agus iarchéime go léir i Meán Fómhair 2008. Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt céimithe a chuir a gclár iomlán céime onóracha i gcrích faoin gcóras nua i nDeireadh Fómhair 2011.

Osclaíodh Dánlann Ché Wandesford CIT taobh le Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT ar 18 Meitheamh 2010.

Ar 7 Meán Fómhair 2015, cheannaigh an Institiúid foirgneamh i lár na cathrach, 46 Sráid an Chapail Bhuí. Tá ollachar de 1,265mcr ag an bhfoirgneamh thar 4 urlár agus tá sé suite go feiceálach, é ag féachaint amach thar an Meal Theas, é os comhair Sráid an Chapail Bhuí agus é ar bhruach Abhainn na Laoi. Tá sé cóngarach freisin do Dhroichead Coise Nano Nagle. Tá cóiríocht san fhoirgneamh do mhic léinn agus baill foirne as Coláiste Ealaíne agus Deartha Chorcaí CIT.

Le blianta beaga, tá Comhaontuithe sínithe ag CIT le hOllscoileanna agus Institiúidí go náisiúnta agus ar fud an domhain chun comhoibriú ar chláir acadúla agus taighde. Tá naisc láidre forbartha go háirithe ag an Institiúid le Coláiste Ollscoile Chorcaí, leis an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, sa Ghearmáin, agus le hOllscoil Pune, san India.

Misean agus Luachanna Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluachanna na hInstitiúide.

Ár Misean

Táimid bródúil as an misean agus an ról ar leith atá againn i soláthar an ardoideachais don réigiún agus níos faide i gcéin. Is é ár misean:

Oideachas agus taighde mac léinnláraithe agus gairmláraithe a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí mhór sa réigiún agus níos faide i gcéin.

Ár nGealltanais

Tá an Institiúid tiomanta dá ról laistigh den réigiún agus go náisiúnta. Agus ár misean á chomhlíonadh againn thar raon iomlán na ngníomhaíochtaí atá againn, táimid dírithe ar na gealltanais seo a leanas a chuimsíonn tosaíochtaí, éiteas agus luachanna a chomhlíonadh:

- Is Institiúid mac léinnláraithe í CIT
- Déanann CIT oideachas agus taighde mac-léinnláraithe a sheachadadh
- Cuireann CIT rochtain uileghabhálach ar fáil ar an ardoideachas
- Imríonn CIT ról réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta

Ár bhFÍS

Agus aghaidh againn ar an todhchaí, tá ár bhfócas institiúideach cuimsithe inár ráiteas misin arb é:

Daoine aonair a chumhachtú agus an tsochaí a shuibhriú trí úsáid nuálach a bhaint as eolas.

Ár Spriocanna á mBaint Amach

Tá ár spriocanna straitéiseacha ailínithe le spriocanna náisiúnta níos leithne ar a n-áirítear iad siúd a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030.

An Creat Straitéiseach Bainistíochta

Tá glactha ag an Institiúid le cur chuige solúbtha agus oiriúnaitheach do bhainistíocht straitéiseach agus do phleanáil straitéiseach.

Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2018 – 2023.

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Cork Institute of Technology



Clár na n-ábhar

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

	Leathanach
1. Réamhrá	11
1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach	12
1.2 Ráiteas ón Uachtarán	13
1.3 Ráiteas Maidir le Comhionannas	14
1.4 Gaeilge & Cultúr	15
1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin	16
1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide	19
1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt	24
2. Rialachas	29
2.1 Réamhrá	30
2.2 Ballraíocht an Bhord Rialaithe	31
2.3 Cruinnithe den Bhord Rialaithe	32
2.4 Costais an Bhord Rialaithe	34
2.5 Ráiteas an Bhord Rialaithe maidir leis an bhFochoiste Iniúcháireachta & Riosca	35
2.6 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)	36
2.7 Foireann Shinsearach na hInstitiúide	37
3. Gnóthaí Acadúla & Mic Léinn	41
3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla	42
3.2 Ballraíocht Choiste Fheidhmiúcháin na Comhairle Acadúla	45
3.3 Coistí na Comhairle Acadúla	46
3.4 Forbairt Acadúil	47
3.5 Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha a bhí ag feidhmiú in 2018/2019	48
3.6 Cúrsaí Faofa Fáilte Éireann agus Ceardaíochta a bhí ag feidhmiú in 2018/2019	54
3.7 Cúrsaí Faofa - Páirtaimseartha a bhí ag feidhmiú in 2018/2019	55
3.8 Údaráis Bhailíochtaíthe	61
3.9 Scrúdaitheoirí Seachtracha	63
3.10 Staitisticí Mic Léinn	71
3.11 Duaiseanna & Éachtaí Mic Léinn agus Céimí	75
3.12 Ombudsman na Mac Léinn	81
3.13 Tuarascáil ar an tSeirbhís Rochtana	82
4. Taighde, Nuálaíocht & Fiontraíocht, Rannpháirtíocht Sheachtrach & Gníomhaíochtaí Campais Leathnaithe, Rannpháirtíocht Alumní, agus Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE	89
4.1 Taighde	90
4.2 Foilseacháin Taighde	92
4.3 Nuálaíocht & Fiontraíocht	100
4.4 Rannpháirtíocht Sheachtrach & Gníomhaíochtaí Campais Leathnaithe	106
4.5 Rannpháirtíocht Alumní	113
4.6 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE	114
5. Acmhainní Daonna	121
5.1 Tuarascáil ar Acmhainní Daonna	122
5.2 Líon na Foirne	123
5.3 Éachtaí Foirne	125
6. Tuarascáil Airgeadais	131
6.1 Tuarascáil Airgeadais 2018/19	132
6.2 Cuntais Iniúchta 2018/19	133
7. Faisnéis Eile	174
7.1 Nuacht & Imeachtaí	175
7.2 Forbairt Champais	184
7.3 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí	188
7.4 Pointí Teagmhála	190



Coláiste Ealaíne & Deartha CIT (CEDC CIT)

1. Réamhrá

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach
- 1.2 Ráiteas ón Uachtarán
- 1.3 Ráiteas Maidir le Comhionannas
- 1.4 Gaeilge & Cultúr
- 1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin
- 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide
- 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach

Is ábhar áthais dom Tuarascáil Bhliantúil CIT don bhliain 2018/19 a chur i láthair. Leanann CIT de bheith ag iarraidh a misean a chur i gcrích, arb é oideachas mac léinnláraithe a chur ar fáil dá cuid mac léinn in Éirinn. Is í seo an t-ochtú bliain dom sa ról seo agus ba mhór ar fad an onóir agus an phribhléid dom a bheith bainteach leis an mórinstiúid seo agus a bheith ag obair i ndlúthchomhar le mo chomh-Ghobharnóirí.

D'éirigh go hiontach le CIT sa bhliain 2018/19 agus tá gliandar orm a rá go ndearna an Instiúid flúirse éachtaí agus buaicpointí a cheiliúradh le linn na bliana. Sheol Simon Coveney TD, Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha, 'CIT – Do Chomhpháirtí Acadúil ar Feadh an tSaoil – an Straitéis Acadúil d'Instiúid Teicneolaíocht Chorcaí 2019-2023' ag CNMÉ ar 15ú Aibreán. In éineacht le PMTC agus Pfizer, ghnóthaigh an Instiúid Comhghuaillíocht Chomhpháirtíochta na Bliana ag Gradaim Pharma Éireann 2018. Lena chois sin, d'éirigh le Foireann Taighde Halpin i gCNMÉ teastasú ISO9001:2015 a ghnóthú ar a gcéad iarracht – an dara aonán taighde agus nuálaíochta in Éirinn ag a bhfuil teastasú ISO9001:2015.

Rinne CIT roinnt ollscoileanna a óstú le linn na bliana agus leantar de naisc láidre a dhéanamh le hInstiúidí eile ar fud an domhain. Chuir an Instiúid fáilte chroíuil roimh chuairteoirí as Coláiste Endicott, SAM; Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Haaga-Helic, An Fhionnlainn; Ollscoil Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta Botswana; Ollscoil Pretoria, An Afraic Theas; Universidad del Rosario, An Cholóm; agus Ollscoil Da Nang, Vietnam. Tugann na naisc láidre idirnáisiúnta atá ag CIT deis do na mic léinn oideachas éagsúil agus uathúil a bhlaiseadh.

D'óstaigh agus chomhóstaigh CIT cuid mhaith imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn 2018/19 ar a n-áirítear Comhdháil an Industrial Internet Consortium (IIC), Comhdháil Photonics Éireann agus SciFest.

Rinne mic léinn CIT ionadaíocht don Instiúid go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le linn na bliana agus d'éirigh thar barr leo. Ba mhaith leis an mBord Rialaithe comhghairdeas a dhéanamh leo agus le foireann acadúil CIT as sin.

Rinneadh ceiliúradh ar cuid mhaith buanna thar raon éagsúil spóirt ar a n-áirítear treántógáil meáchan, CLG, Peil Astrálach, cispheil, liathróid láimhe, sacar, haca, cicdhornálaíocht, seoltóireacht, galf agus gleacaíocht le linn na bliana. Ba mhór le mo chomh-Ghobharnóirí agus liom féin tréaslú le gach duine a bhí bainteach agus gach rath a ghuí orthu don bhliain seo chugainn.

Is dlúthchuid den saol do phobal CIT iad na healaíona agus an cultúr. Bhí roinnt imeachtaí ar siúl sa bhliain ar a n-áirítear an amharclannaíocht, léachtaí agus léirithe poiblí. Cuireann an Instiúid béim mhór ar chomhpháirtíochtaí rathúla i gcónaí laistigh de na healaíona, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Chuir CIT agus IT Thrá Lí iarratas foirmiúil faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna i mí Feabhra 2019 chun ainmniúchán a lorg mar Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM). Leanann comhpháirtithe OTM de bheith ag obair i dtreo lánchur i bhfeidhm an tionscadail a bhaint amach.

Ar deireadh, ba mhian liom fíormheas agus buíochas croí a chur in iúl don bhainistíocht, don fhoireann agus do na mic léinn uile as a dtiomantas leanúnach agus suntasach don Instiúid seo. Ba mhaith liom freisin an deis seo a thapú chun aitheantas agus buíochas a chur in iúl do mo chomh-Ghobharnóirí a dtéann a gcuid ionchur gaoismhear sa Bhord Rialaithe agus ar choistí éagsúla go mór chun leasa d'fhorbairt CIT.



Bob Savage
Cathaoirleach

1.2 Ráiteas ón Uachtarán

Is cúis mhór bróid dom Tuarascáil Bhliantúil Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí do 2018/19 a chur i láthair i ndiaidh an dara bliain dom mar Uachtarán. Tá fás easpóntúil tar éis teacht ar CIT le linn na bliana seo caite agus b'ábhar áthais dúinn go leor móréachtaí agus forbairtí a cheiliúradh. Aithnítear i gcónaí sárchaighdeán CIT mar Institiúid ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta, idirnáisiúnta agus domhanda i réimsí na hacadúlachta, ealaíon agus cultúir, spóirt, agus taighde agus nuálaíochta. Tá an Institiúid tiomanta i gcónaí chun go bhfaigheadh gach uile mhac léinn de chuid CIT na caighdeáin oideachais is airde.

Seoladh go foirmiúil Plean Straitéiseach 2018-2023 na hInstitiúide ar 13 Nollaig 2018 agus béim leagtha ann ar dhaoine aonair a chumhachtú agus an tsochaí a shaibhriú trí úsáid nuálach a bhaint as an eolas. Seasfaidh CIT lena ról trí oideachas mac léinnláraithe, gairmdhírithé a chur ar fáil agus taighde ar mhaithe le forbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don mhórshochaí sa réigiún agus níos faide i gcéin.

Ar 7 Bealtaine 2019, fuair CIT an scéal go rabhtas chun Gradam Cré-umha an Athena SWAN, a bhfuil an-tóir air, a fháil i ndiaidh dhá bhliain a bheith caite ar shonraí a chruinniú, anailís gap agus féinmheastóireacht a bheith déanta. Anuas air sin, sheol Cumann LGBT* CIT an chéad lámhleabhar teagaisc maidir le conas Comhghuaillíochtaí Aeracha/Díreacha nó Comhghuaillíochtaí Inscne & Gnéasachta a bhunú i scoileanna dara leibhéal ar 20 Márta 2019. Baineann sárthábhacht i gcónaí leis an gcomhionannas, éagsúlacht agus inchuimsitheacht le CIT ina cuid gníomhaíochtaí uile, a chuimsíonn rannpháirtíocht na mac léinn, na foirne agus an phobail.

Bhronn an tAontas Idirnáisiúnta Réalteolaíochta le hAghaidh Spéartha Dorcha do Cách comhghradam Speisialta ar RCCD CIT agus ar Spéir Dhorcha Éireann ar 30 Márta 2019. Lena chois sin, ghnóthaigh CIT, PMTC agus Pfizer Comhaontas Comhpháirtíochta na Bliana ag Gradaim Pharma Éireann 2018 ar 26 Deireadh Fómhair 2018.

Bhí an-ríméad ar an Institiúid an chéad Chomhdháil um Eispéaras Céad Bhliana na hEorpa (EFYE) a tháinig go hÉirinn a óstú. Bhí an t-imeacht ar siúl le linn na 3 lá dar tús 17 Meitheamh 2019 a chuimsigh 140 seisiún agus breis is 350 rannpháirtí.


D'imir cúrsaí ealaíon agus cultúir ról ríthábhachtach i saol na mac léinn agus na foirne le linn na bliana agus bhí an-chuid imeachtaí ar siúl i réimsí na n-amharcealaíon, an cheoil agus na hamharclannaíochta, ar a n-áirítear léachtaí agus léirithe poiblí. Ba onóir do CIT 2ú Féile Bhliantúil Idirnáisiúnta na gClár Faisnéise Mhic Léinn, "STORY?" a óstú idir 3 – 5 Aibreán 2019.

B'iontach an bhliain arís í 2018/19 do CIT i gcúrsaí spóirt agus éachtaí suntasachta bainte amach sa chamógaíocht, cispheil, sacar, peil, liathróid láimhe, galf, seoltóireacht, gleacaíocht, cicdhornálaíocht agus haca. Bhí mic léinn CIT ina mbaill d'fhoirne buachacha camógaíochta Uile-Éireann Sinsearach & Meánacha. Bhí mic léinn agus baill foirne ina mbaill de Pheileadóirí F-20 agus den fhoireann tacaíochta a ghnóthaigh Craobhchluichí na hÉireann i Lúnasa 2019. Bronnadh gradam seaimpíní ar bheirt mhac léinn de chuid CIT, Ross O'Connor agus Rachel O'Mahony, ina gcatagóirí meáchain san imeacht "Strict Curl" ag Craobhchomórtais Tréantógála Meáchan Domhanda i nDeireadh Fómhair 2018. Bhain Dalton O'Shaughnessy, mac léinn de chuid CIT, bonn Óir ag Corn Cicdhornálaíochta Domhanda WAKO san Iodáil i Meitheamh 2019.

Ar 13 Feabhra 2019, chuir CIT agus IT Thrá Lí iarratas foirmiúil faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna d'fhonn ainmniú a fháil mar Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM). Oibríonn an dá institiúid i ndlúthchomhar le chéile i dtreo na hainmníochta sin.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas mór a chur in iúl dár mic léinn, don fhoireann agus do na páirtithe leasmhara go léir. Gan a dtacaíocht siúd ní bheadh forbairtí agus fás na hInstitiúide indéanta. Ba mhian liom freisin meas ó chroí a chur in iúl dár mBord Rialaithe agus don Chathaoirleach, Bob Savage Uas., as an tacaíocht leanúnach a thugann siad i gcaitheamh na bliana. Buíochas ollmhór daoibh uile as bliain an-rathúil.

Míle buíochas le gach éinne.



Dr Barry O'Connor
Uachtarán

1.3 Ráiteas Maidir le Comhionannas

Is fostóir comhdheiseanna í CIT. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann leithcheal ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, datha, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Saothróidh CIT i gcónaí chun cleachtais éagóracha a dhíothú agus cuirfidh agus forbróidh sí éiteas an chomhionannais laistigh den Institiúid.

1.4 Gaeilge & Cultúr

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, ar chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá roinnt mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

Tacaíonn an Institiúid go príomha le Cultúr na Gaeilge trí staidéar leibhéal 8 agus leibhéal 9 a dhéanann speisialú i léiriú Cheol na hÉireann sna cláir BMus agus MA i Léiriú a thairiscint. Ní mór do gach mac léinn BMus modúl éigeantach a dhéanamh i gCeol Traidisiúnta na hÉireann. Sheinn Ensemble Cheol Traidisiúnta na hÉireann ‘Bruach’ de chuid CSC CIT ar fud na tíre, agus rinne an grúpa Ceol Aireagail ‘Strung’ ionadaíocht d’Éirinn ag féilte i SAM agus in Albain. Reáchtáilann mic léinn de chuid CSC CIT cumann ceoil, Cumann Ceol Traidisiúnta na hÉireann, a chuireann an traidisiún chun cinn san Institiúid.

Tá an Ghaeilge ar fáil mar ábhar roghnach, dar teideal ‘An Ghaeilge’ (LANG6014), sa Roinn Staidéar Spóirt, Áineasa & Luathóige do na cúrsaí seo a leanas:

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Oideachas Luathóige
- Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Oideachas Montessori

Lena chois sin, tá sí le fáil freisin mar Mhodúl Saor-Rogha, agus thug mic léinn as cúrsaí éagsúla ar fud na hInstitiúide faoin modúl sin.

Glacann an Institiúid páirt go rialta sna meáin Ghaeilge, ar a n-áirítear Raidió Teilifís Éireann (RTÉ), RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus TG4 agus tacaíonn le himeachtaí i nGaelcholáistí sa réigiún.

1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

Feidhmíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí thar cheithre phríomhshuíomh i gcathair agus i gcontae Chorcaí:

Campas Bhaile an Easpaig atá suite i mbruachbhailte thiar Chathair Chorcaí
Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí
Ceolscoil Chorcaí (CSC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí
Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) atá suite i Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí

Campas Bhaile an Easpaig

Tá an Príomh-Champas, a bhfuil achar 35 heicteár ann, suite i mBaile an Easpaig agus cuimsíonn sé Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, an Dámh Ghnó & Daonnachtaí, Príomh-Leabharlann CIT, Saoráidí Spóirt agus oifigí an Uachtaráin, an Chláraitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla, an Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Seachtracha agus an Leas-Uachtaráin d’Airgeadas & Riarachán.

Tá Lárionad Rubicon agus Lárionad NIMBUS suite ar an gcampas seo freisin.

Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT)

Tá trí roinn i gCEDC CIT. Tá an Roinn Mínealaíne agus Ealaíne Feidhmí agus an Roinn Ealaíon i Sláinte agus Oideachais suite i lár na cathrach – an chéad cheann díobh san fhoirgneamh i Sráid Sharman Crawford, ar foirgneamh liostaithe é atá ann ó go luath sna 1900aidí, agus an ceann deiridh san fhoirgneamh sainchomhartha athchóirithe é a fuarthas le deireanas ag 46 Sráid an Chapaill Bhuí, ina bhfuil cóiríocht freisin don MA in Ealaín agus Próiseas. Is cuid de CEDC CIT freisin í Roinn na Meán Cumarsáide atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig.


Ceolscoil Chorcaí CIT (CSC CIT)

Téann stair CSC CIT siar go dtí 1878 agus tá sí suite anois i saoráid úrscothach ó Mheán Fómhair 2007. Cuimsíonn sí na ranna Staidéar Méarcháir, Staidéar Acadúil & Ceoltóireachta, Staidéar Ceolfhoirne, agus Staidéar Popcheoil, Snagcheoil, Ceoil Thraidisiúnta, Gutha & Amharclannaíochta.


Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ)

Tá an coláiste úrscothach seo, atá ag feidhmiú ó 2004, suite i Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí. Cuireann sé oiliúint agus oideachas ar fáil don loingear tráchtála agus do riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann (CCÉ). Is iad Seirbhísí NMCI an chuid tráchtála den Choláiste.

1.5 Cairt Eagrúcháin Acadúil na hInstitiúide (1 de 2)



1.5 Cairt Eagrúcháin Acadúil na hInstitiúide (2 de 2)



1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide

Feidhmíonn na Lárionaid agus an tAonad seo a leanas faoi choimirce an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha

1. Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCCD)

Trí bhíthin RCCD, tá CIT ag athrú dearcaí i leith na heolaíochta, na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta go dearfach agus é mar aidhm aici aitheantas agus meas uirthi mar lárionad barr feabhais i dtaighde agus in oideachas agus i bhfor-rochtain san eolaíocht a bhaint amach. Trí mheán na réalteolaíochta cuireann RCCD lárionad barr feabhais san eolaíocht ar fáil do phobal Chorcaí agus don mhór-réigiún, rud a chothaíonn spéis san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tugann 100,000 cuairteoir cuairt ar RCCD in aghaidh na bliana.

2. Lárionad Rubicon

Is Lárionad Goir ar champas de chuid CIT é Lárionad Rubicon. Lonnaithe anseo tá 50 cuideachta tionscnaimh eolasbhunaithe agus céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Ar an gcéim choincheapa atá cuid de na cliaint, roinnt eile agus a gcéad orduithe ó chustaiméirí á gcur i gcrích acu agus cuid mhaith eile agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta cheana féin. Ó osclaíodh doirse Lárionad Rubicon in Eanáir 2006, tá sé tár éis áit a bhaint amach mar chatalaíoch don nuálaíocht agus don fhiontraíocht i gCorcaigh. Chuaigh síneadh leis an bhfoirgneamh i mbun oibríochta i Meitheamh 2010, rud a chuir méadú ar an spás iomlán goir go 2,100m². Is é is ról do Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le deilbhí agus forás gnólachtaí dianeolais go luath ina saol trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí Institiúide a chur ar fáil. Tá mar sprioc ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas i gcónaí ar fhás gnólachtaí eolasbhunaithe agus taighde tráchtála a chothú i Réigiún an Iar-dheiscirt.

3. An tAonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha

Cuireadh an tAonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar na Tionscadail de chuid an Chiste Nuálaíochta Straitéise (SIF) atá á dtreorú ag CIT An tOideachas san Fhostaíocht (Timthriall 1) agus Mapa Bóthair do Chomhpháirtíochtaí Fostaíochta-Acadúla (Timthriall 2). Is éard atá i gceist leis ná 9 nInstitiúid Teicneolaíochta agus 2 Ollscoil comhpháirtíochta i gcomhar. Tá an tAonad freagrach freisin as an mbaint atá ag CIT le roinnt tionscadal SIF gaolmhara ar a n-áirítear Aistriú Eolais sa Churaclam atá á threorú ag WIT, an Tionscadal Foghlama Solúbtha atá á threorú ag líT agus an tionscadal IDEAS agus é á threorú ag UL. Chomh maith le haschuir agus gnéithe airgeadais na dtionscadal a bhainistiú, tá an tAonad freagrach freisin as aschur na dtionscadal a scaipeadh agus as gníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus bainteachta a phríomhshruthú.

Feidhmíonn na Lárionaid seo a leanas faoi choimirce Cheann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta:

1. An Lárionad Taighde BIO-EXPLORE

Is é atá sa Lárionad Taighde Bith-Fhionnachtana ná grúpa ildisciplíneach taighdeoirí ina bhfuil baill ó na Bitheolaíochtaí, ó Cheimic, Fhísic agus Ionstraimíocht Fheidhmeach agus Innealtóireacht Bhithleighis. Cuirfidh an Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) timpeallacht ildisciplíneach agus teacht go héasca ar fáil don tionsclaíocht agus do thaighdeoirí cuairte.

Cuimsíonn BIO-EXPLORE:

- MEDIC – an Lárionad d'Innealtóireacht Dearaidh agus Nuálaíochta Leighis. Tá ionstraimí nua agus cur chuige á bhforbairt a thabharfaidh roinnt coincheap táirgí leighis go dtí staid an réamhthráchtálaithe gach bliain.

Dhá sprioc ardleibhéal atá ag MEDIC, mar atá, cur le hacmhainn Taighde Bithleighis agus Eolaíochta Feidhmí CIT agus teicneolaíochtaí leighis agus táirgí a bhfuil acmhainn tráchtála iontu a fhorbairt. Déanfaidh MEDIC na feistí agus na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt go dtí an staid ina mbeidh siad inaistrithe go dtí aonán tráchtálaithe (e.g. cuideachta atá ann cheana féin trí mheán chomhaontú ceadúnais NÓ eischiudeachtaí campais).

Díríonn MEDIC ar thrí shnáithe taighde: feistí leighis SMART (comhtháthú micrileictreonaice i bhfeistí leighis amhail ionchlannáin ortaipéideacha); Athshlánú Cuidithe (úsáid a bhaint as anailís ar an siúl d'fhonn táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh athshlánú íobartach stróic agus/nó feabhas a chur ar fhorbairt fhisiceach le haghaidh leanaí ar a bhfuil parailís cheirbreach; agus Leigheas Theiripeach agus Athghiniúnach – dírithe ar bheangáin ortaipéideacha cnáimhe, comhdhúilí athghiniúnacha agus antabhaictéireacha;

- Taighde Micribhitheolaíochta/Víreolaíochta – dírithe ar scagadh, leithlisiú agus a comhdhúile nua antaimiocróbacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shláinte an duine;
- Taighde ar an mBithfhaisnéisíocht – dírithe ar thacú le faisnéis a bhaint as taiscí sonraí bitheolaíochta;
- Taighde ar Bhia – dírithe ar fhabhtú fungasach agus baictéarach a smachtú i dtáirgí déiríochta agus feola, síneadh a chur le seilfré tháirgí úra agus réamhbhitheachtaí a fhorbairt;

- Taighde ar Mhais-Speictriméadracht agus ar Bhith-Ghníomhaithe – dírithe ar leithlisiú, thréithriú agus ar úsáid comhdhúile bithghníomhacha (ar a n-áirítear luibheanna) i raon leathan feidhmeanna. Baintear úsáid as teicnící na mais-speictriméadrachta a bhfuil na taighdeoirí chun tosaigh go domhanda inti, do chuid mhaith den taighde fiosraithe. Tá taighdeoirí CIT ar thús cadhnaíochta san Eoraip sa réimse sin i gcúrsaí bith-thocsainí bia-iompartha.

2. An Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta (CAMMS)

Tá an lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta nasctha le Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bitheighis & Saoráidí agus le Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla in CIT. Baineann an Lárionad leas as saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochtaithe na Ranna sin chun fadhbanna a réiteach don tionsclaíocht agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teastasuithe atá ar fáil tá City and Guilds, American Society for Quality agus Cumann na hInnealtóirí Déantúsaíochta. Is Comhbhall é an Lárionad den Institiúid Idirnáisiúnta don Taighde Innealtóireachta Táirgthe (CIRP) agus Soláthraí aitheanta Oiliúna d'Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil Innealtóirí Éireann. Féadfar cláir shaindeartha a sheachadadh sa láthair oibre nó ag CIT.

3. An Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí (CCAE)

Is comhfhiontar é idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí a bunaíodh in 2006 agus Comhairle Chathair Chorcaí. Agus gairm na haitireachta laistigh den réigiún ag tacú leis, is fiontar uathúil é an Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus is forbairt nádúrtha é ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhpháirtíocht thrasinstiúideach.

Cuireann sé fochéimeanna agus iarchéimeanna comhdháfa (múinte agus taighde) in Ailtireacht ar fáil.

4. An Lárionad d'Ardfhótónaic & Anailís Próisis (CAPP)

Déanann CAPP taighde feidhmeach agus bunúsach araon ar an bhfótónaic le haghaidh feidhmeanna i réimsí atá chomh héagsúil leis an teileachumarsáid, feistí leighis, bia agus déantúsaíocht cógasáíochta. Is éard atá san fhótónaic ná solas a ghiniúint agus a ionramháil agus is príomhtheicneolaíocht chumasaithe í i raon leathan topaicí. Cuimsíonn Lárionad CAPP breis is 20 taighdeoir agus mac léinn iarchéime, agus tá sé lonnaithe i saotharlanna ar champas Bhaile an Easpaig (tá sé le bogadh go dtí foirgneamh nua taighde CREATE), agus in Institiúid Náisiúnta Tyndall mar chuid den chomhoibriú CIT@Tyndall. Ó 2008, bronnadh maoiniú air de bhreis is €10m, ó fhoinse státchiste agus neamh-státchiste araon, ar a n-áirítear SFI, Fiontar Éireann, ÚAO, AE FP7 agus tionsclaíocht, agus d'fhoilsigh breis is 60 páipéar piara-léirmheasta. Tá sainchúram, ag Gateway Technology agus CAPP atá maoinithe ag Fiontar Éireann, ar leanúint ón Lárionad Feabhsúcháin Taighde CAPP a bhí ann roimhe sin, díriú ar rannpháirtíocht i dtionscal agus i dtaighde feidhmeach comhoibritheach. Déanann CAPP idirghníomhaíochtaí rathúla le breis is 30 cuideachta náisiúnta agus Eorpacha, sa raon sainchomhairleoireacht ghearrthearma ó FMEA agus Process Excursions go tionscadail chomhoibritheacha ilbhliantula tionsclaíochta agus acadúla.

Is comhpháirtí é CAPP i Lárionad Taighde Chomhtháite Fótónaice na hÉireann (I-PIC a maoiníodh le déanaí. Ceann de na seacht Lárionad Taighde é sin a mhaoinigh SFI in 2013 sa chistiú stáit/tionscail/taighde is mó riamh in Éirinn, a mbeidh iomlán de €300m i gceist leis thar 6 bliana. Ba í CIT an t-aon institiúid teicneolaíochta a maoiníodh sa ghla. Laistigh de lárionad I-PIC, a chosain €23, beidh CAPP ag obair ar thionscadail in éineacht le 5 chuideachta réigiúnacha, cuideachtaí ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánacha, chomh maith le croithaighde a bhaineann go hábhartha le gach ball den lárionad.

5. Lárionad NIMBUS don Taighde i gCórais Leabaithe Líonraithe

Is foirgneamh taighde úrscothach de 1,800m² a tógadh le sainchuspóir é Lárionad NIMBUS arb é an Grúpa Taighde Straitéiseach um Chórais Leabaithe Líonraithe a chnámh droma. Is é an t-aon lárionad taighde in Éirinn é atá tiomanta don réimse sin. Cuimsíonn NIMBUS an Grúpa Córas Oiriúnaitheachta Gan Sreang, an Grúpa Córas Cliste Comhtháite agus an Lárionad Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC). Feidhmíonn Lárionad TEC mar an comhéadan príomhúil tionsclaíochta le Lárionad NIMBUS agus cuireann “siopa aon stad” ar fáil don nuálaíocht i gcórais leabaithe le haghaidh tionscail sa réigiún. Cuireann Lárionad NIMBUS deis ar fáil don tionsclaíocht úsáid a bhaint as saotharlanna tionsclaíochta agus teacht ar chlár tacaíochta. Tá foireann de bhreis is 80, idir thaighdeoirí agus mhic léinn iarchéime, lonnaithe ann.

Tá freagracht phríomhúil ar thaighdeoirí NIMBUS as feidhmiú agus sochar a bhaint as an Leaba Tástála Náisiúnta Fuinnimh Inmharthana Tógála a cuireadh i gcrích in 2013 ar Champas Bhaile an Easpaig. Tá an leaba tástála, nach bhfuil a leithéid eile in Éirinn, arna páirtmhaoiniú i gcomhar le United Technologies Research Centre, corparáid ilnáisiúnta Mheiriceánach.

Oibríonn NIMBUS an tsaoráid um Nuálaíocht Córas agus Seirbhísí Uisce i gcomhar le Comhairlí Chontae agus Chathair Chorcaí agus imríonn ról tábhachtach i Lárionad Mhala um Nuálaíocht Córas.

6. An Lárionad Glan-Teicneolaíochta (CTC)

Cuireadh CTC, atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig, ar bun in 1992 mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus é dírithe ar chuir chuige choiscitheacha do chosaint an chomhshaoil. Is uathúil mar a tháinig an CTC ar an bhfód agus mar ar tugadh tacaíocht dó. I ngach tír ina bhfuil lárionad barr feabhais dá leithéid is ag, nó i gcomhar le, rialtas áitiúil nó leis an rialtas náisiúnta amháin a bunaíodh iad. Ach ba mhar thoradh ar fhadhbheathnaitheacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cruthaíodh CTC go príomha agus mar léiriú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach tionsclaíochta.

Is comhlacht neamhspleách é an CTC, arb é a misean comhairle agus cabhair a thabhairt don tionsclaíocht, don rialtas agus don tsochaí araon maidir le patrún inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta níos fearr. Cinntíonn iontaofacht agus cáil an CTC measúnú neamhchlaonta ar shaincheisteanna comhshaoil. Is é atá mar sprioc aige tomhaltas agus patrún táirgeachta a bhogadh i dtreo chur chuige atá níos coiscthigh, trí Tháirgeacht Níos Glaine agus úsáid na Teicneolaíochta Níos Glaine. Baineann buntáistí eacnamaíochta, sóisialta, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil le táirgeadh níos glaine. Ó shin i leith, tá forás tagtha air sin go dtí “táirgeacht inbhuanaithe” a bhfuil san áireamh inti gnéithe amhail freagracht shóisialta chorparáideach.

Óna thús, aithníodh CTC mar lárionad barr feabhais i réimse an bhainistithe comhshaoil agus mar cheann den dream is mó a chuireann an táirgeacht níos glaine agus na cuir chuige coisctheacha le haghaidh chosaint an chomhshaoil chun cinn in Éirinn agus san Eoraip. Bhí sé gníomhach riamh i dtaighde agus sainchomhairleacht i gcúrsaí comhshaoil chun comhairle mhaith agus cabhair a chur ar fáil do raon leathan cliant náisiúnta agus idirnáisiúnta. Orthu siúd áirítear cuideachtaí aonair, grúpaí earnálacha, agus scátheagraíochtaí tionsclaíocha. Tá punann tionsclaíoch de bhreis agus 250 cuideachta ag CTC. Ar na cliant eile tá údarás áitiúla, áisíneachtaí náisiúnta agus Ranna Rialtais chomh maith le roinnt Stiúthóireachtaí Ginearálta de chuid Choimisiún na hEorpa. Chuir CTC 120 tionscadal taighde ar an gcomhshaoil i ngníomh le breis agus 100 comhpháirtí as breis is 30 tír.

7. Lárionad CREATE

Osclaíodh Lárionad CREATE go hoifigiúil ar 6 Meitheamh 2014. Maoinítear é tríd an ÚAO faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú-Leibhéal, Timthriall 5. Tá achar 1600m² i Lárionad CREATE ar dhá urlár agus cuireann sé spás ar fáil le haghaidh breis is 60 taighdeoir agus dá gcomhpháirtithe acadúla agus gnó, ar chostas de bhreis is €4m. Ar na príomh-chomhpháirtithe tá Coláiste Ollscoile Chorcaí, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Teagasc (Moorepark) agus Ospidéal Ollscoile Chorcaí.

Tá taighde CREATE dírithe go príomha ar an réimse taighde sláinte trasnáisiúnta agus cuimsíonn sé trí réimse chomhlántacha de na heolaíochtaí bitheacha, teicneolaíochtaí bithleighis agus ard-bhithíomháú d’fhonn taighde a spreagadh in Ard-Innealtóireacht Theiripeach. Éascóidh sé cur chuige níos cumasctha a chuireann foirne idirdhisciplíneacha ar fáil go sonrach a bhfuil speisialtachtaí acu san fhisic, ceimic, bitheolaíocht agus in innealtóireacht bhithleighis chun fíorfhadhbanna domhanda a réiteach.

Déanfaidh nádúr ildisciplíneach na timpeallachta nua taighde fionnachtain den scoth a spreagadh agus aistriú na fionnachtana sin chuig feidhmeanna nua feabhsaithe agus giniúint paitinní, ceadúnas agus cuideachtaí tosaithe sa réigiún agus go náisiúnta.

Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce Cheann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí

1. Lárionad Hincks don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht

D’fhógair CIT cruthú an Lárionad don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht, Lárionad Hincks, ar 29 Eanáir 2013. Agus an chéad Lárionad don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht á chruthú aici, tá CIT ag cur lena tiomantas fada láidir chun cuidiú leis an iarracht fiontraíochta ag an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta. Tá i gceist ag CIT aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá san acmhainn reatha in Éirinn oiliúint agus tacaíocht a thabhairt do na grúpaí leasmhara go léir a thugann tacaíocht agus cothú don fhiontraíocht. Rachaidh Lárionad Hincks i ngleic freisin le roinnt bearnaí tábhachtacha sa taighde reatha ar an bhfiontraíocht i gcomhthéacs na hÉireann de agus bainfidh leas as na haschuir seo chun cuidiú le polasáí agus staitéis náisiúnta a fhoirmiú.

Beidh Lárionad Hincks dírithe ar thrí philéar gníomhaíochta: lucht foirne tacaíochta fiontraíochta agus fiontraíochta a oiliúint, taighde ar an bhfiontraíocht in Éirinn d’fhonn cuidiú le polasáí náisiúnta a fhoirmiú agus oideachas agus creidiúnú oideachasóirí fiontraíochta. Cuirfidh comhcheangal na snáithí seo den fhócas fiontraíochta ar chumas CIT a cuid gníomhaíochta a leathnú sa todhchaí agus déanfaidh breis luacha fiú a sheachadadh do pháirtithe leasmhara CIT.

- Ar 13 Deireadh Fómhair 2018 i Halla Másúin na hÉireann, Baile Átha Ciath, bronnadh an 2ú duais agus sparánacht ar mhac léinn CSC CIT Ellen Jansson. Bronnadh sparánacht ar mhac léinn CSC CIT, Séamus Hickey mar aon le Duais Chuimhneacháin John Vallery don léiriú ab fhearr ag seinnteoir sreinge chomh maith le Deontas Mín-Uirlise Florian Leonard, rud a chuir ar a chumas mínuirlis a fháil ar iasacht ó Florian Leonhard i Londain ar feadh bliana.
- Ghnóthaigh Kevin Jansson, mac léinn piano de chuid Mary Beattie ag CSC CIT, an chéad duais sa Chéad Eagrán le Jeune Chopin – Comórtas Idirnáisiúnta Pianó d’Ógánaigh a reáchtáladh in Martingny san Eilbhéis ar 17 Deireadh Fómhair 2018.
- Thug Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta aitheantas d’éachtaí gairmiúla Mary Good, Leas-Uachtarán de chuid Déantúsaíocht Domhanda PepsiCo Global Concentrate Solutions (PGCS). Roghnaíodh an céimí i gceimic anailíseach as an dámh chun Gradam Éachta Céimí STEM na Dámhe a fháil ar 25 Deireadh Fómhair 2018.
- Ar 1 Samhain 2018, fógraíodh buaiteoirí Dhúshlán Bonn Mata Lee Fields: Damien Murphy, 2ú Bliain i bhForbairt Bogearraí, Céad Duais Shane O’Sullivan, Ard-Diop. Eolaíocht Sonraí agus Anailísiocht, Dara Duais Paschal Mullins, 1ú Bliain in Innealtóireacht Mheicniúil, Céad Bhliain is Fearr Patrick O’Donoghue, 1ú Bliain in Innealtóireacht Mheicniúil, Lua Onórach Conor McKeown, 2ú Bliain i bhFisic Thionsclaíoch, Lua Onórach.
- Bhí an fhoireann fhochéime StrydeTech, a ndearna Muireann Hickey, mac léinn sa bhliain dheiridh in Innealtóireacht Bhithleighis, agus Kevin Hayes, mac léinn sa bhliain dheiridh in Innealtóireacht Mheicniúil ionadaíocht dóibh, san iomaíocht sa Chraobhchomórtas d’Innealtóir Nuálach Náisiúnta de chuid Innealtóirí Éireann na Bliana 2018 agus bhuaigh an 1ú háit agus Trófaí clúiteach d’Innealtóir Mic Léinn Nuálach na hÉireann don bhliain 2018, a bronnadh ag Gradaim Innealtóirí Éireann don tsÁrhmhaitheas, a bhfuil clú air, ar 9 Samhain 2018. Ghnóthaigh an Fhoireann Mhic Léinn CIT WristLab Gradam Craobhiomaitheora Náisiúnta 2018 don tsÁrhmhaitheas.
- Ag Gradaim bhliantúla Innealtóirí Éireann don tsÁrhmhaitheas ar 9 Samhain 2018, ghnóthaigh StrydeTech a chuimsigh Kevin Hayes, Muireann Hickey, Cian O’Leary agus Jonathan Mullane Gradam ‘Innovative Student Engineer’ na Bliana. Rinneadh 20ú comóradh bliana ar an gcéad chohórt céimithe ón BEng (Onór) sa Chlár Innealtóireachta Struchtúrtha a cheiliúradh. Léirigh Searmanas Ghradaim Innealtóirí Éireann an tionchar a d’imir an clár agus a chéimithe ar Ghairm na hInnealtóirí agus ar Chleachtadh na hInnealtóireachta in Éirinn agus thar lear. Ainmníodh na céimithe seo a leanas le haghaidh gradam:
 - Liam Coleman (BEng Onór 2002) a ghnóthaigh an Gradam do Chur i Láthair na Bliana ab Fhearr dá pháipéar ar Structures Asset Management ar mhótarbhealach Auckland. Is Príomhthógálaí Droichid é Liam leis an New Zealand Transport Agency.

- Ross O'Donovan (BEng Onór 2000; MEng 2014) a bhí freagrach go príomha as Tionscadal Náisiúnta Sod Cabin Famine Commemoration (UCC) a ainmníodh sa Chatagóir Gradam Oidhreachta agus Caomhnaithe. Tá Ross ag obair leis an Oifig Foirgneamh & Eastat in UCC.
- Niall O'Brien (BEng Onór 2006) a bhí ar Fhoireann Innealtóra Láithreáin do Glan Agua a bhí mar chuid den Consortium a ghnóthaigh Gradam Thionscadal Innealtóireachta na Bliana do Lár-Scéim Soláthair Réigiúnach Uisce Chiarraí.
- Ar mhic léinn eile a raibh baint acu le foirne a ainmníodh le haghaidh gradam ar an oíche bhí: Stephen Finn (BEng Onór 2011; MEng 2012) ag Oifig na nOibreacha Poiblí Daniel Coleman (BEng Onór 2011; MEng 2012) de chuid Roughan & O'Donovan.
- Thug an t-aon ionadaí d'Éirinn ag Seachtain Dearaidh Dubai, an fhoireann mhic léinn MacGlas, taispeántas ag Taispeántas Céimí Domhanda de chuid Seachtain Dearaidh Dubai 2018 ar 12 agus 13 Samhain 2018.
- Bronnadh bonn Airgid ar Chiarán McGregor, mac léinn 2ú Bliain i Staidéar Cócaireachta, ag comórtas bliantúil Chumann Eorpach na Scoileanna Óstán & Turasóireachta (AEHT) in Leeuwarden, an Ísiltír ar 16 Samhain 2018.
- Ghnóthaigh foireann Cispheile na bhFear Seaimpíní Idir-Ollscoileanna ar 18 Samhain 2018 ag Ilchomórtas NBCC i Luimneach.
- Fuair an mac léinn BSc in Eolaíocht Mhuirí Bliain 2, Tahlia Britton, Gradam Intel "Women in Technology" a bronnadh ag Tráthnóna Bronnta Intel Mná sa Teicneolaíocht ar 20 Samhain 2018.
- Ghnóthaigh Kevin Jansson Gradam mórchlú Flax Music ag an Mór-Chraobh a bhí ar siúl i mBéal Feirste ar 20 Samhain 2018.
- Bronnadh Molta agus Molta go hArd ar Maria Dolera Perez agus Ayuka Morosawa, mic léinn sa 3ú bliain in Ailtireacht Intí ag Comórtas Dearaidh Walls to Workstations and Orangebox 2018 ar 23 Samhain 2018.
- Ba iad an Fhoireann Fhochéime StrydeTech a ghnóthaigh an 1ú hÁit sa Ghradam Náisiúnta i gCatagóir Dearadh Táirge Feistí Leighis na hÉireann de chuid Institiúid na nDearthóirí a réachtáladh in IADT Dún Laoghaire ar 6 Nollaig 2018.
- Ar 12 Nollaig 2018, fuair Alison Murphy, mac léinn BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha, Scoláireacht Innealtóirí Struchtúrtha Arup Trust a bronntar gach bliain ar mhac léinn céad bhliana a bhíonn cláraithe ar an gClár Innealtóireachta Struchtúrtha.
- Ar 20 Nollaig 2018, ghnóthaigh na mic léinn seo a leanas duaiseanna ag Gradaim Bhliantúla Dearadh Céimí de chuid Institiúid na nDearthóirí in Éirinn a réachtáladh inGailearaí NCAD i mBaile Átha Cliath:
 - Michael Fitton, céimí in Ailtireacht Intí an Céimí is Fearr Intí in Éirinn 2018 ag an Architecture Factory
 - Aoife Ryan, céimí in Ailtireacht Intí ag Gradam Ove Arup de chuid an Architecture Factory
 - Alannah Calvert, BA (Onór) in Amharc-chumarsáid, Brand Identity – Le Chéile
 - Alannah Calvert, BA (Onór) in Amharc-chumarsáid, Úsáid Léiriú inDearadh – Galzine
 - Monkia Szkiewicz, Ba (Onór) in Amharc-chumarsáid, Úsáid Léiriú i nDearadh – Mocking Obstacles
- Bhuaigh Adam Walsh, 1ú Bliain i mBainistíocht Foirgníochta, agus David Walsh, 2ú Bliain i gCórais Faisnéise, an Comórtas Dúbailte Oscailte Sinsearach ag an 67ú Craobhchomórtais Liathróid Láimhe USHA na gColáistí a réachtáladh ag Ollscoil Minnesota, SAM ar 24 Feabhra 2019.
- Rinne na mic léinn MSc i nGnó, Kieran Stanton, Niall Lynch agus Kieran Moynihan comhoibriú le Fóram Lárchathrach Chorcaí agus Comhairle Chathair Corcaí ar an gcéad Chairt Eorpach Chustaiméara do Ghnó faoi mhaoirseacht an Dr Angela Wright arna éascú ag Don Crowley, Ceann na Roinne Eagrúcháin agus Forbartha Gairmiúla. Seoladh an Chairt Seirbhíse Custaiméara ar 5 Márta 2019.
- Sheinn an mac léinn iarchéime CSC CIT i Máistir i bhFeidhmíocht, Aoife Blake, agus an Léachtóir i gCeol Traidisiúnta, Ciara O'Leary-Fitzpatrick, don Uachtarán Ó hUiginn in imeacht speisialta Lá na mBan idirnáisiúnta ag Áras an Uachtaráin ar 8 Márta 2019.
- Bhuaigh an Club Seoltóireachta an 3ú hÁit i regatta Port of Los Angeles Harbour Cup 2019. Chuimsigh an fhoireann baili as Club Seoltóireachta CIT agus Club Seoltóireachta CNMÉ.
- Bhuaigh club Rialacha Peile na hAstráile (AFL) Comórtas Ollscoileanna na hÉireann ar 13 Márta 2019.
- Tugadh aitheantas d'éachtaí gairmiúla thriúr Alumni ag Gradaim Alumni tráthnóna na Dáimhe Gnó & Daonnachta ar 21 Márta 2019. Ba iad a bhí sna hAlumni Anne O'Leary, POF Vodaphone Éireann, Donncha O'Callaghan, Iarimreoir Rugbaí

na Mumhan agus na hÉireann, agus Ambasadóir UNICEF, Eilís O'Connell, an tEalaíontóir Duaiseora. Bronnadh gradam, a rinne an céimí CDEC CIT, Luke Sisk, ar gach duine díobh.

- Fuair céad fhaighteoirí na scéime Scoláireachta McKesson, Mná i TF, ar 22 Márta 2019:
Ciara Hynes, 2ú Bliain, BSc (Onór) i bhForbairt Bogearraí
Emma Brennan, 1ú Bliain, BSc (Onór) i bhForbairt Bogearraí
Sinéad Hegarty, 3ú Bliain, BSc (Onór) i bhForbairt Bogearraí
- Ghnóthaigh Graham Doyle, mac léinn MEng in Innealtóireacht, an Páipéar is Fearr ag CERC2019 in Hochschule Darmstadt, An Ghearmán, ar 29 Márta 2019.
- Rinne Gary Ward, mac léinn 2ú Bliain Gnó in Ilchomórta Gailf Foundation Scholar R&A in St Andrews, Albain idir 1-2 Aibreán 2019.
- Ghnóthaigh na mic léinn Joanne Hegener agus Claire Smith, Baitsiléir Gnó (Onór) I Margaíocht Bliain 4 comórta bliantúil Dúshláin Mhic Léinn na hÉireann de chuid na hInstitiúide Margaíochta a d'eagraigh an Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta i gcomhar le hAerfort Chorcaí ar 2 Aibreán 2019.
- Bhuaigh an Fhoireann Seoltóireachta Comórtais Náisiúnta na mBád Cíle Mic Léinn dhá-lá ag Club Luamhaireachta Bhinn Éadair ar 2 Aibreán 2019. Chuimsigh an fhoireann Ewan O'Keefe, Innealtóireacht Struchtúrtha 4, Mark Murphy, Gnó 1, Morgan Knight, Eolaíocht Mhuirí 1, Harry Durcan, Gnó 1, agus Grattan Roberts, Innealtóireacht Mheicniúil 2. Bronnadh 'Afloat Sailor' na Míosa ar Harry Durcan (Gnó1).
- Bhronn an tUachtaránScoláireachtaí Rísam CIT 2018 ag searmanas ar 3 Aibreán 2019 I Seomra na Comhairle. Is í an Scoil Staidéar Céimí a d'fhorbair tionscnamh Rísam mar chuid de thiomantas leanúnach d'Oideachas agus Taighde Dochtúir le Fealsúnacht. Is lánscoláireachtaí iad na scoláireachtaí a chuimsíonn táillí, stípin mhíosúil agus costais ábhartha eile. Tá taighde iltaobhach ar siúl ag na faighteoirí i réimse ghinearálta na sláinte pobail. Mar seo a leanas ata liosta iad siúd a fuair Scoláireachtaí PhD:

Faighteoir	Roinn	Teideal agus Togra Taighde
Amy Roche	Eolaíochtaí Bitheacha	High Coherence Swept Source Laser for Optical Imaging
Ellen Twomey	Eolaíochtaí Bitheacha	Isolation and characterisation of soil-derived bacteria with antimicrobial activity against antibiotic resistant pathogens
Eunice Olaniyan	Eolaíochtaí Bitheacha	Optimal protein for optimal Aging
Shane Whelan	Eolaíochtaí Bitheacha	Control of biofilm formation in clinical infection and during bioremediation in terrestrial and simulated extra-terrestrial environments
Daniel Keane	Eolaíochtaí Bitheacha	Development of a Molecular Toolkit for the Production of Designer Bacteria for Extra-terrestrial Bioremediation Applications
Maeve O'Connell	Eolaíochtaí Bitheacha	AIMS: Actions against Infirmary and Malnutrition in Seniors

- Bhuaigh an Club Peile Astrálaí Craobhchlúiche Corn Choláistí Corcaí ar 3 Aibreán 2019.
- Ar 3 Aibreán 2019, ghnóthaigh an mac léinn Cócaireachta, Danay Berhane, agus Vincent Bigioni, de chuid Institut Paul Bocuse, 1ú hÁit in Dairy Chef 2019 i bPáras. Eagraíonn Ambasáid na Fraince in Éirinn an comórta seo i gcomhpháirtíocht leis an CFA Médéric i bPáras, an Comhairle Náisiúnta Déiríochta, agus an Centre National Interprofessionnel de l'Économie Laitière.
- Ghnóthaigh beirt Alumni as CDEC CIT, Nuala O'Donovan agus Sara Flynn, na gradaim Golden Fleece ar 4 Aibreán 2019 mar aitheantas as a gcuid éachtaí i gceirmeacht.
- Cuireadh 9 dTionscadal de chuid CIT ar ghearrliosta le haghaidh Gradaim Náisiúnta Fiontraí Mic Léinn de chuid Fhiontraíocht Éireann 2019:
 - TunicTM (1ú Bliain Innealtóireacht Mheicniúil)
 - Baby AlerTM (Product Development Laboratories ildisciplíneach nuálach)
 - Calyak CoatsTM (Product Development Laboratories ildisciplíneach nuálach)
 - SeptalignTM (Product Development Laboratories ildisciplíneach nuálach)
 - Hazardless MedicalTM (Product Development Laboratories ildisciplíneach nuálach)
 - StomAssureTM (Product Development Laboratories ildisciplíneach nuálach)
 - Rapid ReleaseTM (Product Development Laboratories ildisciplíneach nuálach)
 - SEAEPiRBTM Atlantic Advancements (Product Development Laboratories ildisciplíneach nuálach)
 - SOS Sense of SafetyTM (Product Development Laboratories ildisciplíneach nuálach)

- Cuireadh scannáin a rinne na mic léinn i Meáin Dhigiteacha Chruthaitheacha Joe Nason (Bliain 4) agus Emily Power (Bliain 3) ar an ngearrliosta don 2ú Féile Idirnáisiúnta na gClár Faisnéise Mic Léinn 'Story?' a d'óstaigh CIT. Ar an oíche dheiridh ar 5 Aibreán 2019, bronnadh an gradam 'Best of Cork' ar Joe Nason. Ba iad mic léinn as an MA i gCaidreamh Poiblí le Meáin Nua a d'eagraigh an fhéile i gcomhar le hOifig Ealaíona CIT.
- Chríochnaigh an mac léinn 1ú Bliain i gCúram Sóisialta, Karina Lavery, sa 1ú hÁit sa chatagóir 90kg i gComórtas Brú Tarraing Chumann Tréantógála Meáchan Saor ó Dhrugaí na hÉireann (IDFPA) ar 6 Aibreán 2019.
- Rinne, Jennifer Murray, grúpa Chumann Gleacaíochta Rebel Acro Bhaile an Chollaigh a chóitseáil agus bhí siad ina gcaobhmaitheoirí sa seó Teilifíse 'Ireland's Got Talent'.
- Ghnóthaigh Scoláire Victor CIT, Patricia Byrne, All Star i gcomórtas Cispheile Idir-Ollscoileanna 2019 a reáchtáladh san Airéana Náisiúnta Laistigh i mBaile Blainséir ar 7 Aibreán 2019.
- Ghnóthaigh Chris Walley, Alumnus CSC CIT, Gradam Olivier don Aisteoir ab Fhearr i Ról Tacaíochta dá ról mar Davey in The Lieutenant of Inismore ar 7 Aibreán 2019.
- D'óstaigh Aontas na Mac Léinn CIT Gradaim Chomhairle an Aontais ar 10 Aibreán 2019 agus bhronn Teastais Tuilleamais ar na hionadaithe ranga seo a leanas:
 - Niamh Cronin, Staidéar Gnó – 1ú Bliain
 - Eimear Devane, Margaíocht – 2ú Bliain
 - Colm Healy, Cúram Sóisialta – 2ú Bliain
 - Konrad Im, Forbairt Pobail – 2ú Bliain
 - Matthew Kenneally, Innealtóireacht Mhuirí – 1ú Bliain
 - Jack Milne, Riarachán Gnó – 4ú Bliain
 Bronnadh Ardlua Uachtarán CIT ar Nuttawud 'Zack' Nutchanat, Riarachán Gnó – 2ú Bliain
- Bhronn Biopharma Engineering duais na Bliana don Mhac Léinn Tríú Bliain Innealtóireachta Bithchógaisíochta agus Ceimicí Wen Ning Ching ar 11 Aibreán 2019, a léirigh éachtaí suntasacha acadúla le linn na bliana 2017-2018. Bronnadh an gradam ar Wen Ning ag Searmanas Gradam Taispeántais Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta agus Bithleighis Chorcaí.
- Ag duaiseanna Bhord Chumainn Choláistí na hÉireann (BICS) a reáchtáladh i mBaile Átha Luain ar 11 Aibreán 2019, fuair LGBT* CIT an Cumann Pobail/Carthanachta ab Fhearr agus tugadh aitheantas do Nuttawud 'Zack' Nutchanat mar an Duine Aonair ab Fhearr as an gcion suntasach deonach do CIT agus saol na mac léinn.
- Rinneadh Ambasadóirí Mic Léinn Idirnáisiúnta CIT a onórú ag Ambasadóirí Mic Leinn & Scoláirí Rialtas na hÉireann de chuid Oideachas in Éirinn a reáchtáladh i gColáiste Ríoga na Lianna, Baile Átha Cliath ar 18 Aibreán 2019.
- Roghnaíodh 17 mac léinn CIT don chéad mhórchluiche Idirnáisiúnta Rialacha Peile Astrálaí Ollscoileanna riamh a bhí ar siúl ag an gCampas Náisiúnta Spóirt i mBaile Átha Cliath in aghaidh Sárimreoirí Sraithchomórtas Náisiúnta na Breataine ar 20 Aibreán 2019. Ba iad na mic léinn: Jerry Cronin, Lee Elston, Tadhg Fitzgerald, Oisín Fitzpatrick, Paul Geary, Oisín Griffin, Conall Kane, Ian O'Callaghan, James O'Shea, Darren O'Sullivan, Eoin O'Sullivan (Captaen), Tristan Brock, Jack Hayes, Gary Hartnett, Chris Keegan, Shane O'Callaghan, agus Paul Murphy.
- Thug Gráinne Ní Luasa, mac léinn CSC CIT, mac léinn le Mary Beattie, agus Louise Sullivan, mac léinn CSC CIT, mac léinn le Seán Clinch, léiriú ag an 3ú Ceolchoirm Bhliantúil Rising Stars ag Halla Ceolchoirme na hOllscoile, Luimneach ar 25 Aibreán 2019.
- Bhí Duaiseanna Spóirt CIT ar siúl san Fhoirgneamh Turasóireachta & Fáilteachais ar 29 Aibreán 2019. Ar na haoichainteoirí bhí an t-iarimreoir rugbaí Denis Fogarty agus buaiteoir 'Gradam Éachtaí Alumní', agus buaiteoir cúig huaire bonn uile-Éireann peile Aidan O'Mahony. Ba iad na buaiteoirí duaiseanna:
 - Grattan Roberts, Seoltóireacht
 - Gary Ward, Galf
 - James Lester, Badmantan
 - Tom Wilcock, Ailleadóireacht
 - Jerry Cronin, AFL
 - David Murray, Cispheil
 - Ross O'Connor, Tréantógáil Meáchan
 - David & Adam Walsh, Liathróid láimhe
 - Harry Durcan, Seoltóireacht
 - David Kenny, Lúthchleasaíocht
 - Katie Walsh, Lúthchleasaíocht

- Clodagh Walsh, Mac Léinn Céad Bhliana na Bliana, Lúthchleasaíocht
 - Rachel O'Mahony, Tréantógáil Meáchan
 - Cian O'Neill, Gradam Éachta Idirnáisiúnta, Lúthchleasaíocht Chathaoir Rotha.
 - Aidan O'Mahony, Duais Éachta Alumni
 - Club AFL, An Club is Fearr a d'Fheabhsaigh
 - Club Tréantógála Meáchan, Rísam Uile
 - Club Seoltóireachta, Club na Bliana
 - Patricia Byrne & Justus Melton, Scoláirí Victor
- Bronnadh Gradam Spórt 'Southside & District' d'Aibreán ar Chlub Seoltóireachta CIT mar aitheantas as a gcríoch podium i gCorn Port of Los Angeles Harbor, chomh maith le iad a bheith ina Seaimpíní Náisiúnta Luamhaireachta. Chuimsigh na foirne buachacha faoin gcaptaen Grattan Roberts, Harry Durcan, Ewan O'Keefe, Mary Murphy, Morgan McKnight, Ronan Cournane, Scott O'Sullivan, Anna McCarthy, Georgia Keating agus Jack Stoot.
 - Chuir CIT fáilte roimh dhuine dá cuid mac léinn ardhgnóthachtála agus duine de na fiontraí is mó in Éirinn, an Dr Noel Kelly, POF Anam, as Rang '67 ar 2 Bealtaine 2019, chun cuid dá smaointe maidir leis an bhfiontraíocht a chomhroinnt le mic léinn.
 - Fuair Ambasadóirí Alumni mic léinn a gcuid Teastas Comhlánaithe as iad a bheith rannpháirteach i gClár na nAmbasadóirí Alumni Mic Léinn 2018-2019 ar 9 Bealtaine 2019.
 - Ghnóthaigh alumna CSC CIT, Fiona Shaw, Gradam Teilifíse Scannáin Acadamh na Breataine don Aisteoir Tacaíochta ab Fhearr (BAFTA) ar 12 Bealtaine 2019.
 - Ghnóthaigh Emma Brennan, BSc (Onór) i bhForbairt Bogearraí, Bliain 2, intéirneacht le cuideachta bainistíochta lárionad sonraí de chuid SAM, Park Place Technologies in Boston, Massachusetts. Ba iad Park Place Technologies i gcomhpháirtíocht le I Wish (mná a Spreagadh in STEM) a d'óstaigh an Comórtas STEM ar 13 Bealtaine 2019.
 - Roghnaíodh an mac léinn 2ú Bliain in Innealtóireacht Mheicniúil, David Kenny, ag Lúthchleasaíocht Éireann do Chorn Ráisiúil na hEorpa in Alytus, An Liotuáin.
 - Cuireadh trí fhoireann CIT (as measc 1,000 iontráil) ar ghearrliosta isteach sa 10 ag an mbarr de Chraobhchomórtais Náisiúnta Fiontraí Mic Léinn d'Fhiontraíocht Éireann ar 16 Bealtaine 2019. D'Eascair na tionscadail Baby Alert, Hazardless Medical, agus StomAssure as tionscnamh ildisciplíneach Saotharlanna Forbartha Táirge Nuálaigh agus rinne na baill foirne de chuid CIT Paul Keane, Hugh O'Donnell, Lisa Murphy, agus Scott McGowan maoirseacht orthu.
 - Thug Sara Ryan, amhránaí agus faighteoir Scoláireacht Iarchéime na Dáimhe Gnó agus Daonnachtaí 2019, léiriú ar 17 Bealtaine 2019 dar teideal 'Where Inspiration Grows' in Amharclann Stack.
 - Bhí taighdeoir PhD Lárionad NIMBUS, Yasantha Chamara, ar dhuine de 8 craobhiomaitheoir a roghnaíodh don Chomórtas Researchfest, cuid de Inspirefest, féile dhá lá a iniúchann todhchaí na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na cruthaitheachta.
 - Ghnóthaigh an fhoireann ildisciplíneach mic léinn StrydeTech Gradam Universal Design Commercialisation 2019 de chuid Fhiontraíocht Éireann ar 23 Bealtaine 2019.
 - Chuaigh na mic léinn MSc i Straitéis Margaíochta Digití, Keith Brown, Emma Gannon, agus Anna Horan, i bpáirt le Aperture Media chun físeán a chruthú a chuireann an clár Cancer Care Centre's Blankets of Hope i gCorcaigh chun cinn.
 - Óstaíodh an Searmanas le haghaidh Craobhghradaim d'Fiontraí Mic Léinn de chuid Fhiontraíocht Éireann in CIT ar 6 agus 7 Meitheamh 2019. Ghnóthaigh an tionscadal StomAssure an Gradam don Táirge ba Nuálaí ó thaobh na Teicneolaíochta de. Ghnóthaigh na tionscadail BabyAlert agus Hazardless Medical Gradaim don tSármhaitheas Fiontraíochta.
 - Ainmníodh Darren Barrett, céimí i gCórais Faisnéise, mar dhuine de "Rising Stars of Irish Tech 30 under 30" de chuid The Sunday Business Post ar 13 Meitheamh 2019.
 - Ghnóthaigh Dalton O'Shaughnessy (Eolaíocht Bhitheach Fheidhmeach Bliain 3) boinn óir agus chré-umha ag Corn Domhanda Cidhornaíochta WAKO san Iodáil agus ghnóthaigh Adam O'Connell (Spórt & Aclaíocht Bliain 4) bonn cré-umha.
 - Bronnadh Sparánacht Cheoil RDS 2019 ar mhac léinn CSC CIT Kevin Jansson ar 17 Meitheamh 2019. Chomh maith leis an sparánacht, fuair sé coinne ghairmiúil le Ceolfhoireann Náisiúnta Shiansach RTÉ mar aon le coinne ghairmiúil le Irish Heritage i Londain.

- Fuair Cathal Kenneally, fochéimí BSc (Onór) i bhForbairt Bogearraí, an Gradam don Tionscadal Mic Léinn Fochéime ab Fhearr ó IBM ar 25 Meitheamh 2019.
- Ghnóthaigh an mac léinn BIS 2ú Bliain agus faighteoir Sparánachta Spóirt CIT do Liathróid Láimhe, David Walsh, an USHA Men's A Title sna Four Walls Nationals i gCalifornia ar 3 Iúil 2019. Ghnóthaigh sé freisin craobh Liathróid Láimhe Dúbailte Sóisearach Uile-Éireann in éineacht le Jamie O'Donnell.
- Roghnaíodh Michelle Barry, Staidéar Gnó Bliain 3 agus faighteoir Scoláireacht Spóirt, d'Fhoireann Haca na hÉireann f-21.
- Ghnóthaigh Peileadóirí Chorcaí f-20 Craobh na hÉireann ar 7 Lúnasa 2019. Bhí baint ag na mic léinn, céimithe agus baill foirne seo a leanas leis an bhfoireann:
Peileadóirí Chorcaí f-20:
 - Damien Gore, Gnó Bliain 1 & Cill Macaibí
 - Michael Mahoney, Fuinneamh Inbhuanaithe Bliain 1 & Cnoc na Graí
 - Rory Maguire, BIS Bliain 1 & Gleann Bearcháin
 - Paul Ring, Innealtóireacht Iontráil Chomónta Bliain 1 & Achadh Bolg
 - Josh O'Keefe, Innealtóireacht Bhithleighis Bliain 1 & Áth Trasna
 - Mark Hodnett, BIS Bliain 1 & Ros Cairbre
 - Daniel O'Connell, Suirbhéireacht Chainníochta Bliain 1 & Ceann Toirc
- Bainistíocht Chorcaí f-20:
 - Keith Ricken, Bainisteoir
 - Maurice Moore, Fóillíocht & Áineas 1999 & Baitsiléir Gnó 2000, Cóitseálaí
 - Colm O'Neill, BSc i mBainistíocht Foirgníochta 2010 & Buaiteoir Chorn Sigerson le CIT in 2009, Roghnóir
 - Pat Spratt as Cill na Mallach, Cóitseálaí le foireann Peile A na Chéad Bhliana a bhuaigh craobh na hÉireann 2010/11 agus roghnóir le foirne Fitzgibbon, Camógaíochta agus Craobh Chontae CIT ó 2009-2015, Roghnóir
 - An Dr Con Burns, Léachtóir Sinsearach i Spórt, Áineas & Staidéar Luathóige agus ball de Chlub Mic Léinn CLG CIT, Cóitseálaí Nirt & Aclaithe
 - Kevin Smith, mac léinn MSc (Taighde) sa Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige, Maoirseacht ar Staitisticí GPS & Anailís Sonraí
 - Brian Walsh, BSc i gCeimic Anailíseach le Rathú Cáilíochta 1999, Comhordú Anailís Cluiche & Físeáin
- Ghnóthaigh WorldSkills na hÉireann 4 Bhonn Óir ar fad, I Cré-umha agus 7 Meadáille ag na Scileanna Oilimpeacha in Kazan na Rúise (22-27 Lúnasa 2019). Patrick Twomey, Obair Míotalóireachta Foirgníochta, agus Jack O'Donnell, Córais Pluiméireachta & Téimh (a bhfuair siad beirt Meadáillí don tSármhaitheas).
- Bronnadh an 1ú hÁit agus Bonn Óir ar Fhoireann StrydeTec ag an Global Student Innovation Challenge a reáchtáladh san Astrail idir 26-29 Lúnasa 2019.

3.12 Ombudsman na Mac Léinn

D'fhaomh an Bord Rialaithe an Polasaí Gearáin Mic Léinn ag cruinniú dá gcuid ar 1 Iúil 2010. D'éiligh an polasaí sin go mbunófaí ról nua "Ombudsman na Mac Léinn" in CIT agus leag amach téarmaí tagartha dá ról, agus é ag tuairisciú don Uachtarán.

Cuireann Ombudsman na Mac Léinn comhairle ar mhic léinn agus cuidíonn leo maidir le réiteach a aimsiú ar bhealach neamhfhoirmiúil ar fhadhbanna nó ábhair ghearáin a bhaineann le baill foirne nó seirbhísí de chuid na hInstitiúide.

D'fhéadfadh na seirbhísí a chuireann Ombudsman na Mac Léinn ar fáil saincheisteanna ábhartha mic léinn a atreorú le haghaidh réitigh ag na seirbhísí sin de réir mar is iomchuí.

Bíonn gach fiosrúchán de chuid Ombudsman na Mac Léinn faoi rún, ach amháin i gcás go mbeadh bagairt thromchúiseach ann ar bheatha nó ar mhaoin.

Ceapachán Ombudsman na Mac Léinn

Iarradh ainmniúcháin ón bhfoireann acadúil. Rinne an tUachtarán an ceapachán tar éis athbhreithnithe a raibh baint ag an gCláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Uachtarán Aontas na Mac Léinn leis.

- Ceapadh Paul Sliney Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil, ó 24/9/2010 go 31/1/2012.
- Ceapadh Kevin Kelly Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil, ó 1/2/2012 go 31/1/2013.
- Ceapadh John P. Murphy Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil, ó 1/2/2013 go 31/8/2018.
- Ceapadh Jim Walsh Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil, ar 1/11/2018.

3.13 Tuarascáil ar an tSeirbhís Rochtana

Tá Seirbhís Rochtana CIT tiomanta do rannpháirtíocht a leathnú, rochtain a mhéadú agus tacú le torthaí oideachasúla dearfacha do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Tá an tSeirbhís Rochtana tiomanta go láidir do sheirbhís d'ardchaighdeán, gairmiuil agus mac léinnláraithe a chur ar fáil. Cuirtear é sin i gcrích trí thiomantas láidir do phrionsabail ionchuimsitheacha sóisialta agus trí oibriú go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara.

Cuireann an tSeirbhís Rochtana raon tacaíochtaí ar fáil le haghaidh grúpaí mac léinn atá faoi ghannionadaíocht sa tríú leibhéal. Tacaímid le mic léinn faoi mhíchumais, mic léinn lánfhásta, sealbhóirí dámhachtainí Breisoideachais, mic léinn atá thíos le míbhuntáiste soceacmaíoch agus baill de ghrúpaí mionlaigh eitneacha.

Cuireann an tSeirbhís Rochtana raon tacaíochtaí réamhiontrála, iontrála, agus iariontrála ar fáil a chuireann le heispéaras acadúil agus torthaí foghlama na mac léinn a théann i ngleic leis an tSeirbhís. Ar na tacaíochtaí tá: tacaíochtaí phearsanta, acadúla agus airgeadais.

Clár le haghaidh Rochtana ar Chistiú Ardoideachais (PATH)

D'fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna an Clár le haghaidh Rochtana ar Ardoideachas (PATH) i ndiaidh thosach na bliana acadúla seo. Is scéim chistithe dírithe é atá bunaithe chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta le haghaidh Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2015-2019. Tá roinnt spriocanna sa Phlean Náisiúnta Rochtana chun rannpháirtíocht a mhéadú i sainchatagóirí mac léinn. Ar na spriocghrúpaí tá lucht iontrála ó ghrúpaí soceacnamaíocha faoi ghannionadaíocht; iontrálacha faoi mhíchumais; mic léinn lánfhásta; baill de Phobal Siúil na hÉireann; mic léinn atá ag iontráil ar bhonn dámhachtana breisoideachais; agus foghlaimoírí solúbtha páirtaimseartha.

Bhí baint ag an Oifigeach Rochtana agus ag an Oifigeach Míchumais leis an aighneacht le haghaidh Chistiú PATH. Rinne Braisle Réigiúnach an Deiscirt a chuimsigh CIT, UCC, IT Thrá Lí, WIT agus IT Cheatharlach (agus UCC mar institiúid cheannais) iarratas ar mhaoiniú. D'éirigh leis an mBraisle cistiú PATH 2 (Sparánachtaí 1916) a fháil le haghaidh 35 sparánacht mic léinn (7 in aghaidh an IT) agus cistiú PATH 3 chun tionscadal SOAR a sheachadadh.

Ag teacht le fíis, spriocanna agus spriocghrúpaí an Phlean Rochtana Náisiúnta, is é cuspóir Chiste Sparánachta 1916 rannpháirtíocht a spreagadh agus rath san ardoideachas le haghaidh mac léinn as dreamanna den tsochaí atá faoi ghannionadaíocht de na mic léinn a bhaineann leas as ardoideachas. Déanfaidh an Ciste tacaíochtaí agus tionscnaimh rochtana atá ar fáil cheana féin do na mic léinn is mó atá faoi bhuntáiste go heacnamaíoch a chur ar fáil. Cuirtear seacht sparánacht ar fáil in aghaidh na bliana do CIT. Caitheadh cuid mhaith ama agus iarrachta le riarachán an chiste seo. Rinneadh na hiarratais a mheasúnú agus sainaitníodh seachtar mac léinn le haghaidh tacaíochta.

Ta trí phríomhshnáithe i dtionscadal SOAR (PATH 3); Lucht Siuil san Oideachas, Aistrithe a Chumasú, agus Pobail a Nascadh agus Nascadh Curaclaim. Cuireadh tús le tionscadal SOAR i Meán Fómhair 2018 agus é mar aidhm aige eiseamláirí a fhorbairt a bheadh poballeabaithe agus mothálach do chultúr chun ardaidhmeanna agus éachtaí oideachasúla a mhéadú. Ar cheann de príomhthorthaí tionscadal SOAR tá struchtúir Braisle a fhorbairt a chumasóidh scothchleachtas a chomhroinnt thar institiúidí a mbeidh mar thoradh air sinéirgí i bhforbairt tionscnaimh nua.

In 2019, lig an cistiú PATH do CIT beirt bhall foirne nua a cheapadh chun oibriú ar thionscnaimh spriocthreoraithe. Ceapadh Leanne McDonagh mar Chomhordaitheoir Oideachais Lucht Siúil agus ceapadh Julie O'Donovan mar Chomhordaitheoir Aistrithe le haghaidh mac léinn a mbeadh tacaíocht acu tríd an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais.

Faomhadh €265,000 in aghaidh na bliana ar feadh trí bliana le haghaidh thionscnaimh rochtana CIT. Faomhadh €420,000 ar feadh trí bliana le haghaidh mic léinn CIT trí Sparánachtaí 1916. Cé go mbaineann an-tairbhe leis an gcistiú chun ligean don tSeirbhís Rochtana clár a fhorbairt, tá an t-ualach breise oibre a bhaineann le riarachán agus dul i ngleic leis an mBraisle, tuairisciú ar an gciste, earcú agus coinneáil bhaill foirne, agus bainistiú na sparántachta suntasach. D'fhonn an ghníomhaíocht a chuíchóiriú, chinn an Bhraisle ar phróiseas iarratais Sparánacht 1916 a leabú isteach sna scéimeanna cistithe atá ann cheana féin agus cuimsíodh é isteach san iarratas ar Chistiú Cabhrach Mic Léinn.

Clár na Nasc-Scoileanna

Oibríonn Clár Nasc-Scoileanna na Seirbhíse Rochtana i gcomhpháirtíocht le foirne scoileanna, pobail áitiúla, baill foirne CIT agus mic léinn as bunscoileanna agus iarbhunscoileanna chun tacú le breis rannpháirtíochta ag mic léinn a mbaineann míbhuntáiste soceacnamaíoch leo san ardoideachas. Oibríonn Seirbhís Rochtana CIT le 22 scoil dara leibhéal sa chathair agus sa chontae.

Gach bliain cuireann Seirbhís Rochtana CIT raon clár agus tacaíochtaí ar fáil le haghaidh Nasc-Scoileanna dara leibhéal i gCorcaigh. Tacaíonn an tSeirbhís Rochtana le mic léinn a bhíonn faoi mhíbhuntáiste soceacnamaíoch agus iad ag cur isteach ar an ardoideachas trí chlár cuimsitheach tionscnamh le haghaidh scoileanna agus pobal faoi Chlár na Nasc-Scoileanna. Tá mar aidhm ag an gclár:

- Rochtain ar an ardoideachas a éascú le haghaidh mac léinn faoi mhíbhuntáiste soceacnamaíoch, a chuimsíonn mic léinn de mhionlaigh eitneacha trí bhealaí iontrála rochtana ar an ardoideachas.
- Rochtain a éascú ar bhealaí iontrála isteach go CIT (Scéim Dul Chun Cinn).
- Raon tacaíochtaí iariontrála a chur ar fáil le haghaidh mac léinn chun cabhrú leo ina n-aistriú isteach sa tríú leibhéal.

Oibríonn beirt Chomhordaitheoirí Tionscadail le 11 scoil an duine. Tá an caidreamh le Príomhoidí, Treoirchomhairleoirí agus Comhordaitheoirí Baile/Scoile/Pobail sna scoileanna dara leibhéal tar éis dul ó neart go neart. Cuimsíonn na tacaíochtaí clár réamhiontrála le haghaidh scoileanna: Cruinnithe Athbhreithnithe múinteora, Tionscnaimh Sheachtain Matamaitice, Tionscnaimh Seachtain Eolaíochta, Satharn Scileanna Staidéir, Seisiúin Faisnéise do Thuismitheoirí, 7 rl.

Bealach Rochtana ar an Ardoideachas (HEAR)

Tháinig forbairt easpóntantúil ar cheangaltais HEAR i rith na bliana. I dtús na bliana acadúla, caitheadh cuid mhaith ama ag scáthú gníomhaíochta réamhiontrála UCC. Séard a bhí i gceist leis sin cuairteanna comhroinnte ar scoileanna agus oibriú i gcomhar ar láithreoireachtaí. De réir mar a chuaigh an bhliain chun cinn, forbraíodh agus faomhadh cáipéisí polasaí agus d'oibrigh an tSeirbhís Rochtana i ndlúthchomhar leis an Oifig Iontrála ina leith siúd.

Eolaíocht don Saol

Tionscnamh le haghaidh Nasc-Scoileanna Rochtana

Ba é príomhaidhm an chláir ná mic léinn a mhisniú agus tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do na mic léinn chun staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht ag an leibhéal sóisearach agus ag an leibhéal sinsearach i scoileanna dara leibhéal agus chun staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht ag an tríú leibhéal.

Le linn na bliana, rinne an Dr Sharon Lawton bainistiú ar obair an Chláir Eolaíochtadon Saol le cabhair ó Róisín Ormond, Intéirneach Rochtana, agus David Hodge. D'fhaomh an Coiste Cistithe Rochtana cistiú chun David Hodge a cheapadh ar feadh lá amháin sa tseachtain le linn na bliana acadúla chun tacú leis an Dr Lawton i seachadadh an tionscnaimh Eolaíocht don Saol. Rinne an Dr Lawton agus David Hodge iarratas ar chistiú do SFI a chomhscríobh agus d'éirigh leo beagnach €300,000 a thabhairt isteach chun an comórtas róбатаice VEX a leathnú.

Clár na Mac Léinn Lánfhásta 2018/19

Spreagann CIT iarratais go láidir ó iarrthóirí lánfhásta agus bíonn de shíor ag forbairt bealaí iontrála níos leithne d'fhonn rannphairtíocht fhoghlaiméoirí lánfhásta a mhéadú.

D'imir athruithe suntasacha ag an leibhéal náisiúnta maidir le tacaíocht airgeadais le haghaidh foghlaiméoirí lánfhásta a dhéanann staidéar lánaimseartha agus méadú ar an líon fostaithe tionchar mór ar an obair a dhéanaimid.

Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag Ceanna Roinne le blianta beaga chun líon na mac léinn lánfhásta in CIT a mhéadú. Tá an oiread sin tosca seachtracha ag cur isteach ar iontráil ar staidéar lánfhásta inniu. D'ainneoin líon mór iarratas ó mhic léinn lánfhásta, féadfaidh líon iad siúd a ghlacann áit ar chúrsaí a bheith íseal ina leith sin. D'imir deiseanna méadaithe ar phostanna a fháil tionchar diúltach ar CIT agus í ag iarraidh na spriocanna náisiúnta atá leagtha síos le haghaidh Foghlaiméoirí Lánfhásta a bhaint amach. Chláirigh 132 iontrálaí lánfhásta ar chlár staidéir in CIT don bhliain acadúil 2018/19, laghdú de 12 ó 2017/18.

Seirbhís Tacaíochta Mhíchumais CIT

Forbhreathnú ar an tSeirbhís Tacaíochta Mhíchumais

Tacaíonn an tSeirbhís Tacaíochta Mhíchumais (DSS) le mic léinn a mbíonn tacaíocht fhorlántach uathu d'fhonn rochtain a fháil go rathúil ar an gcuraclam oideachasúil in CIT. Tuairiscíonn AHEAD gur tháinig méadú in 2017/18 ar líon na mac léinn le míchumais ó 5.7% in 2016/17 go 6.2%. Is ionann é sin agus méadú de 17% an bhliain seo caite.


Léiríonn na figiúirí thuas méadú dearfach agus fás ar fhigiúirí sa bhliain seo caite. Tá an méadú sin ar siúl ar feadh roinnt blianta agus aibhsíonn sé sin an gá le dóthain acmhainní le cur ar chumas DSS chun tacú leis na mic léinn a bhíonn ag cur isteach ar shocruithe/tacaíochtaí réasúnta.

Rinne DSS comhoibriú gníomhach le roinnt ranna laistigh de CIT (e.g. Foghlaim Theicneolaíocht-Fheabhsaithe (TEL), an tAonad Teagaisc & Foghlama (TLU), Oifig Rannphairtíochta Mic Léinn (AnSEO), agus Seirbhís Ghairmeacha CIT ar thionscadail éagsúla ar feadh na bliana. Tá cinneadh straitéiseach déanta ag DSS comhoibriú níos mó agus saineolas a chomhroinnt d'fhonn go dtiocfadh as cur chuige níos fearr ar fud an choláiste chun curaclaim níos ionchuimsithí agus níos ionrochtana a chruthú. Is é atá i gcroí obair DSS ná dearadh uilíoch agus ba chóir go mbeadh sé sin lánach maidir le conas a forbraíonn agus a sheachadaíonn CIT seirbhísí mic léinn mar aon le teagasc agus foghlaim.

Staitisticí 2018/19 DSS

Meastar faoi láthair gurb ionann agus 6.25% é líon na mac léinn le míchumais de phobal iomlán na mac léinn san ardoideachas in 2017/18 (AHEAD, 2019).

Líon na Mac Léinn DSS



- Bhí 844 mac léinn DSS ann in 2018/19, méadú de 5.4% ó 2017/18 (801 mac léinn) agus méadú de 11.2% ó 2016/17 (756 mac léinn).
- Is ionann agus 6.7% de phobal iomlán CIT (12,636) 2018/19 iad na mic léinn DSS.
- Is méadú rialta é sin ó 6.4% in 2017/18 agus 6.2% in 2016/17.
- Is ionann é freisin agus 7.7% de phobal mic léinn CIT atá i mbun lándámhachtainí.

Cohóirt Mhic Léinn DSS

- 739 mac léinn lánaimseartha agus 105 mac léinn páirtaimseartha (66 printíseach san áireamh). Chuimsigh siad sin 40 mac léinn lánfhásta agus 4 mhac léinn idirnáisiúnta/ Erasmus/neamh-AE.
- Is fochéimithe iad 97%.
- Is fireannaigh iad 60% agus baineannaigh 40%. (Is fiú a thabhairt faoi deara nach luann gach mac léinn inscne (fireannach nó baineannach). Ní dhéanann inscne anseo tagairt do ghnéas bitheolaíoch, ach do léiriú sóisialta shaintréithe fireannacha/baineannacha.)

Mic Léinn Nua

Bhí 293 Mac Léinn Nua DSS in 2018/19 arbh ardú é sin ó 268 Mac Léinn Nua DSS in 2017/18. San áireamh iontu sin bhí 239 iontrálaí nua in 2018/19 arbh méadú é sin ó 204 in 2017/18 agus a sheasann do 82% de na mic léinn nua DSS. Is meascán an chuid eile de mhic léinn iontrála dírf, mic léinn atá in CIT cheana féin a ndearna an cinneadh cur isteach ar an DSS le haghaidh tacaíochtaí, agus iarchéimithe nua.

Déantar measúnú riachtanais ar gach mac léinn nua DSS a chuireann isteach ar thacaíochtaí. Cuireadh críoch le móramh mór (88%) de na measúnuithe riachtanais, 223, i Seimeastar 1 agus críochnaíodh 30 i Seimeastar 2, agus roinnt bheag breise mac léinn le clár i rith an tsamhraidh. Níl printísigh, a chláraíonn ag pointí éagsúla sa bhliain acadúil, san áireamh sna figiúirí sin.

Bealach Rochtana Míchumais ar an Oideachas (DARE) in CIT

Is scéim mhalartach tríú leibhéal é DARE le haghaidh lucht fágála scoile a n-imríonn a gcuid míchumas tionchar diúltach ar a n-oideachas dara leibhéal. Déanann DARE pointí laghdaithe a thairiscint do mhic léinn a raibh dúshlán oideachasúla breise le sárú acu mar thoradh ar mhíchumas san oideachas dara leibhéal. Bíonn faisnéis níos sainiúla faoi scéim DARE ar fáil do gach bliain ag www.accesscollege.ie.

Tá CIT ina cuid de DARE ó 2012 agus is ceann de na príomh-mheicníochtaí é a úsáideann CIT chun rochtain a chur chun cinn agus chun rannpháirtíocht mhic léinn le deacrachtaí foghlama, riochtaí leighis agus míchumais atá ar cheann de na grúpaí atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas a mhéadú.

Tacaíocht Airgeadais

Is é an príomhfhoinsé airgeadas tacaíochta atá ar fáil le haghaidh mac léinn lasmuigh de scéim náisiúnta SUSI ná an Ciste Cabhrach Mic Léinn ESF (SAF). Cuireann SAF cúnadh airgeadais ar fáil le haghaidh mac léinn lánaimseartha a bhfuil fadhbanna airgeadais ag cur as dóibh agus iad ag freastal ar choláiste. Féadfaidh mic léinn cur isteach ar Chúnamh Mic Léinn chun cabhrú leo le fadhbanna sealadacha nó leanúnacha airgeadais. Cionroinneann an tÚAO an ciste go bliantúil de réir 40% cionroinnte ar bhonn FTSanna agus 60% ar bhonn líon na mac léinn san institiúid as spriocghrúpaí soceacnamaíocha, mar a bhailítear iad trí bhailiúchán sonraí Rochtana Comhionannais.



Tar éis athrú ar chritéir SAF, tugadh cionroinnt imfhálaithe le haghaidh mac léinn páirtaimseartha a bhí ina dtuismitheoirí aonair nó ina mbaill de ghrúpaí eile rochtana, agus bhí spriocghrúpaí incháilithe anois le cur isteach ar an gciste. Ba í an chionroinnt le CIT don bhliain 2018/19 ná €461,634, a raibh €81,683 de cionroinnte d'iaratasóirí a bhí páirtaimseartha, ina dtuismitheoirí aonair nó i spriocghrúpaí rochtana.

Go déanach in Eanáir 2019, tugadh cionroinnt bhreise a thug €17,327 do CIT le haghaidh na mac léinn sa Máistir in Oideachas Gairmiúil.

In 2017/18, tugadh tacaíocht airgeadais do 410 mac léinn. In 2018/19, tugadh tacaíocht do 392 mac léinn trí SAF. Ba mhic léinn lánfhásta iad 50% de na mic léinn a bhain leas as tacaíocht airgeadais SAF in 2017/18. Ba mhic léinn lánfhásta iad 39% de na mic léinn a bhain leas as tacaíocht airgeadais SAF in 2018/19. Rialaíonn ESF an SAF ESF agus baineann treoirlínte dochta lena úsáid.

Tá ciste níos lú in CIT ar a dtugtar Ciste Cruatain 2. Cuireann an ciste sin tacaíocht ar fáil do mhic léinn nach féidir, i ngeall ar shrianta/neamh-incháilitheachta, leas a bhaint as an SAF ESF. Is ciste de chuid CIT é an Ciste Cruatain 2 agus rialaíonn CIT a úsáid. Is iad is mó a dtugtar tacaíocht dóibh as an gciste seo ná mic léinn a mbíonn sé deacair orthu na táillí a íoc agus mic léinn athdhéanta. Tugadh cabhair do 48 mac léinn tríd an gCiste Cruatain agus ba é an méid iomlán a íocadh ná €38,774.22.

Forbairtí agus Buaicphointí Nua Cistiú Iontaobhas Tomar

Rinneadh comhoibriú le POF Iontaobhas Tomar i dtús na bliana acadúla. Tar éis comhráite maidir le riachtanais mac léinn agus aidhmeanna Iontaobhas Tomar, cuireadh isteach togra ón Oifigeach Rochtana agus ón gCláráitheoir agus Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla le haghaidh breithnithe. I mí na Nollag 2018, fuair CIT deimhniú gur éirigh leis an togra ar mhaoiniú agus go dtabharfaí gealltanas de €200,000 do CIT le haghaidh scoláireachtaí mic léinn thar cheithre bliana. Is é is aidhm leis an gCistiú ná tacú le sparánachtaí le haghaidh mac léinn a shainiúitear tríd an tSeirbhís Rochtana a bheith tréan go hacadúil ach a mbíonn deacrachtaí airgeadais ag cur as dá staidéar, go mór mór mic léinn soghonta nach bhfuil teacht acu ar thacaíochtaí stáit eile agus nach bhfuil incháilithe le haghaidh cistiú tacaíochta mic léinn.

In 2018/19, sainiúitear mac léinn amháin i Solathar Díreach le haghaidh tacaíochta, mar aon le mic léinn eile a bhí ar an ngearrliosta mar chuid de phróiseas Sparánachta 1916.

Scoláireacht Tearmainn

I Mean Fómhair 2018, rinne an Dr Karl Kitching, Stiúrthóir an Aonad Comhionannais, Ilchineálachta agus Ionchuimsitheachta, UCC, teagmháil le hOifigeach Rochtana CIT maidir le mac léinn a chuir isteach ar Scoláireacht Tearmainn UCC, ach a fuair tairiscint ó CIT tríd an LOI. Rinneadh cás leis an gCláráitheoir agus tarscaoileadh táillí idirnáisiúnta an mhic léinn. Bhí an tSeirbhís Rochtana in ann aire a thabhairt don mac léinn sin agus na tacaíochtaí pearsanta riachtanacha a chur ar fáil dó. Nuair a faomhadh Iontaobhas Tomar, bhí an mac léinn in ann tacaíocht airgeadais a fháil chun cabhrú leis le costais acadúla, cothabhála agus iompair.

Le gealltanas Tomar, rinne an tOifigeach Rochtana plé leis an Dr Kitching maidir le comhfhoirm iarratais ar Scoláireacht Tearmainn le haghaidh mac léinn arbh lucht tearmainn iad. Cinntíonn sé sin nár ghá d'iaratasóirí ach foirm iarratais amháin a chomhlánú le go gcuirfí iad san áireamh le haghaidh scoláireachta in CIT nó UCC. Comhaontaíodh é sin agus chomhoibrigh an dá IAO ar chomhshéisiúin faisnéise agus gnáthaimh iarratais. Ba mhór an chabhair a fuarthas ó thacaíocht chomhghleacaithe in UCC chun an Scéim Scoláireachta a chur ar bun in CIT agus bhí fáilte mhór roimhe.

Gluaiseacht Cathrach Tearmainn

Is é atá mar fhís ag Cathair Tearmainn go mbeadh náisiúin ina n-ionaid fáiltiúla don uile dhuine agus bróduil as a bheith in ann tearmann a thairiscint do dhaoine a bhíonn ag teitheadh ón bhfoiréigean agus géarleanúint.

Cuireadh tús le Cathair Tearmainn in Deireadh Fómhair 2005 in Sheffield. I Meán Fómhair 2007, le cabhair ón gComhairle Cathrach agus breis is 70 eagraíocht pobail áitiúla, rinneadh de Sheffield an chéad ‘Chathair Tearmainn’ sa RA – cathair atá bródúil as an bhfáilte a chuireann siad ropimh dhaoine a bhfuil gá acu leis an tsábháilteacht.

Is ball í Ghluaiseacht Tearmainn Chathair Chorcaí d’Ionaid Tearmainn na hÉireann agus san áireamh inti tá na páirtithe leasmhara go léir sa chathair a thugann tacaíocht nó a chuireann seirbhísí ar fail d’imirceoirí nó daoine de bhunús imirce. Cuimsíonn sé sin cuid mhaith áisíneachtaí cathrach, eagraíochtaí, grúpaí pobail agus go háirithe ionadaithe pobail. Tá fabraic phobalbhunaithe shaibhir d’eagraíochtaí ag Cathair Chorcaí a thug tacaíocht agus seirbhísí do phobail nua le linn an scór bliain seo caite. Tá eiseamláir an-ionchuimsitheach agus cumasaithe forbartha ag Gluaiseacht Tearmainn Chathair Chorcaí, ina spreagaimid go gníomhach bainteacht phobal nua agus gach páirtí leasmhar sa chathair.

Próifíl Chathrach

Sainnithníonn Próifíl Chathair Chorcaí (2018) na dúshláin a bhíonn roimh imirceoirí, teifigh agus iarrthóirí tearmainn i gCorcaigh agus in Éirinn, ar a n-áirítear ciníochas, bacainní ar thraenáil, oideachas, agus fostaíocht a rochtain agus a mbíonn deacrachtaí acu ag teacht ar sheirbhísí sláinte, agus fadhbanna sláinte meabhrach freisin. Tá meascán éagsúil náisiúntachtaí i gCathair Chorcaí agus 14 den daonra iomlán in 2016 ina náisiúnaigh neamh-Éireannach. Is Polannaigh iad 19% díobh sin, 29% ina Náisiúnaigh ón “gCuid Eile den Domhan”, agus 38% as stáit eile AE.

Seoladh Plean Straitéiseach Gníomhaíochta Ghluaiseacht Tearmainn Chathair Chorcaí i Márta 2019 agus labhair Uachtarán CIT, an Dr Barry O’Connor, ag an ócáid, agus é ag fógairt tiomantas CIT le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn i Solathar Díreach trínár scéim scoláireachta.

Access – The Student Voice

I mBealtaine 2019, seoladh eagrán nua de ‘Access – the Student Voice’. San fhoilseachán sin, rinne mic leinn a gcuid Aistear oideachasúil pearsanta a chomhroinnt, agus iad ag aibhsiú na dtacaíochtaí a fuair siad ar an mbealach, a lig dóibh clocha míle acadúla a bhaint amach. Is eiseamláirí iontacha iad uile agus táthar ag súil go spreagfaidh an foilseachán seo mic léinn chun a n-acmhainn acadúil a bhaint amach.

Clár Seirbhíse Phríosúin Chorcaí

Leanadh den chomhoibriú le comhghleacaithe ó Sheirbhís Phríosúin Chorcaí in 2018/19. Agus é bunaithe ar rath na bliana acadúla roimhe, tugadh sraith nua léachtaí le linn Seimeastar 2, ar raon éagsúil ábhar, tar eis ionchur ó na príosúnaigh. Chuimsigh na léachtaí raon téamaí difriúla, agus thug comhghleacaithe as gach Dámh go deonach iad. Cuireadh deich léacht i réimsí amhail Eolaíocht, Staidéar Cócaireachta, Ealaín, Innealtóireacht, 7 rí ar fáil do na príosúnaigh agus dá gcuid clanna a fhaigheann tacaíocht ó Thionscadal Dillon’s Cross. Chuir na príosúnaigh an-spéis ann agus rinne 75 díobh freastal ar gach seisiún nó cuid díobh. Fuarthas aischothú an-dearfach ónár gcomhghleacaithe agus ó na príosúnaigh. Caithfidh sé go mbeidh tionchar dearfach ag cur chun cinn deiseanna oideachasúla agus ag cur chun cinn conairí dearfacha foghlama mar mhalairt ar shaol coiriuil. Bhronn an tUachtaran teastais ar na príosúnaigh a ghlac páirt.

Tá plé ar siúl maidir le Dámhachtain Shainchuspóireach Leibhéal 6 a dhearadh do na príosúnaigh in 2019/20.



Rádlann Chaisleán Na Carraige Duibhe CIT



4. Taighde, Nuálaíocht & Fiontraíocht, Rannpháirtíocht Sheachtrach, & Gníomhaíochtaí Campais Leathnaithe, Rannpháirtíocht Alumni, agus Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 4.1 Taighde
- 4.2 Foilseacháin Taighde
- 4.3 Nuálaíocht & Fiontraíocht
- 4.4 Rannpháirtíocht Sheachtrach & Gníomhaíochtaí Campais Leathnaithe
- 4.5 Rannpháirtíocht Alumni
- 4.6 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

4.1 Taighde

Méadracht Taighde

Tá achoimre ar mhéadracht/torthaí taighde CIT do 2018/19 sa tábla seo a leanas

Méadracht	Líon Tuairiscithe
Cistiú Tionscadal Taighde faighte (Náisiúnta)	63
Cistiú Tionscadal Taighde faighte (AE/Idirnáis)	21
Tionscadal Taighde le baint mhór ag tionscal	60%
Foilseacháin Irise (piara-léirmheasta)	126
Foilseacháin Irise (eile)	34
Foilseacháin Chomhdhála (piara-léirmheasta & eile)	60
Léirmheasanna leabhair	9
Láithreoireachtaí ar cuireadh	26
Mórsheimineáir, collóiciaim a óstaíodh	18
Imeachtaí móra for-rochtana a raibh baint ag an bpobal leo (>100 lucht freastal)	39
Cathaoirleacht/Óstú ar chomhdhálacha	11
Dámhachtainí/Aitheantas	17
Aschuir Ealaíne/Léirithe	Mórán CSC/CEDC

Tionchar

Ba é an 'Field Weighted Citation Index' i gcás taighdeoirí CIT ná 1.54 de réir bhunachar sonraí Scopus. Ciallaíonn sé sin gur luadh taighde CIT níos minice ná an meán domhanda le haghaidh foilseachán piara-léirmheasta agus léiríonn sé cáilíocht na bhfoilseachán sin. Bhí comhúdar tionscail ag thart ar 11% de na foilseacháin.

Photonics Éireann

Is é Photonics Éireann an príomhimeacht le haghaidh taighde fótónaice in Éirinn a reáchtálar go leathbhliantúil. Rinne CIT (CAPPA) agus Ollscoil Mhánuat imeacht 2018 a chomhóstú agus reáchtáladh é i bPáirc Uí Chaoimh ar 3-5 Meán Fómhair 2018. Bhí lucht freastail de 200+ as 17 tír i láthair a sheas do 54 eagraíocht; 3 Chaint Iomlánacha, 2 sheisiún painéil, 18 Caint ar Cuireadh, 50 Caint Sholáthair, 70+ póstaer, agus 10 seastán taispeántais ón tionsclaíocht. Féach www.photonicsireland2018.ie le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Nuashonrú maidir le Lárionaid Oiliúna Taighde

Tá clár Fhondúireacht Eolaíochta Éireann le haghaidh Oiliúna Taighde (CRT) ceaptha chun 500 céimí PhD breise a chur ar fáil in Éirinn. Bunaíodh sé chuibhreannas rathúla. Maoiníodh an ADVANCE CRT arna threorú ag CIT ar scála €13.8m thar 7.5 bliain. Beidh CRT freagrach as 120 PhD a bheith bronnta a mbeidh 40 díobh in CIT. Is iad na comhpháirtithe ná Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath/Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, NUIMhánuat, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus UCC. Beidh ról treorach á imirt ag CIT i ngné na Forbartha Oiliúna de CRT, an chuid is criticiúla den chlár, faoi mhaoirseacht an Ollamh John Barrett.

Sláine Taighde

Chuir breis is 130 taighdeoir oiliúint Sláine Taighde CIT i gcrích, agus úsáid á baint as na cúrsaí ar líne Epigeum a cheannaigh teaghlaim maoinne de chuid Chumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA) agus an Chumann Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA). Is é sin an ceann is mó a tuairiscíodh in earnáil na nIIT.

Straitéis Náisiúnta Spáis don Fhiontraíocht

Roghnaíodh Ceann Taighde CIT mar ionadaí acadúil ar Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta Spáis don Fhiontraíocht. Bhí sé ina chomhúdar ar an straitéis, an chéad straitéis dá leithéid in Éirinn riamh.

Creat Gairme Taighdeora

Thug an Chomhairle Acadúil aird ar an gCreat Gairme Taighdeora nuashonraithe i mí na Nollag, a chuireann cur chuige seasmhach ar fáil do ghnéithe criticiúla de ghairmeacha taighdeora, ar a n-áirítear roil, freagrachtaí agus scálaí tuarastail chomh maith le hoiliúint fhorbartha pearsanta agus cloí le scothchleachtas idirnáisiúnta.

Suaitheantas Barr Feabhais in HR AE do Thaighdeoirí

D'éirigh le CIT san athbhreithniú ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm an tSuaitheantas HRS4R ó Choimisiun na hEorpa le moladh, go háirithe maidir leis an gCreat Gairme Taighdeora.

Ainmniú Aonán Taighde

Ainmníodh an Grúpa Taighde Nutri go foirmiúil trí Phróiseas Ainmnithe Taighde na hInstitiúide agus beidh sé dírithe ar thaighde ar ghnéithe cothaithe de tháirgeadh agus próiseáil bia.

RFAM

Cuireadh i gcrích an chéad chionroinnt den tSamhail um Chionroinnt Maoinithe Taighde. Tar éis an-chuid plé inmheánaigh socraíodh gur buiséad breise é an RFAM atá cionroinnte ag an Rialtas chun tacú le taighde in líAO.

Beyond IoT (2)

Ar 21 Eanáir 2019, d'óstaigh NIMBUS Comhdháil Beyond IoT (2) i bPáirc Uí Chaoimh. Cuireann an chomhdháil, arb í an t-imeacht le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta is mó sa tír, rochtain ar phríomh-shaineolaithe idirnáisiúnta le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí a bhfuil bunathruithe digiteacha á ndéanamh acu. Bhí thart ar 500 rannpháirtí i láthair.

Feidhmíocht Horizon2020

Fuair taighdeoirí CIT €7m ó Horizon2020 faoi Mhárta 2019, arbh fhiú luach iomlán na dtionscadal breis is €50m agus a bhí níos mó ná fostaíngt FP7 na hInstitiúide de 50% ag an staid seo. Is ionann é agus 14.73% ráta ratha CIT nó an dara ceann is airde i measc líT a bhfuil fostaíngt de bhreis is €1m bainte amach acu. Is iad ICT agus an Fhótónaic na príomhréimsí cistithe atá ag CIT.

Feidhmíocht Interreg

Is é Interreg ceann den dá sprioc de chuid Pholasaí Comhtháite an AE sa tréimhse 2014-2020 agus maoiníonn an Ciste Forbartha Réigiúnaí Eorpaí (ERDF) é. Tá cuntas maith teiste ag taighdeoirí sa chlár agus ghnóthaigh siad ceithre thionscadal in 2018/19 arbh fhiú €900k iad. Is iad na príomhréimsí cistithe atá ag CIT ná an Fhiontraíocht, Teicneolaíochtaí Oideachasúla, agus an Turasóireacht.

Lig cistiú an ÚAO faoin nGlaó Nuálaíochta & Bunathraithe do leathnú Chlár na nIntéirneach Fiontraíochta in CIT. Bhí Intéirneach Fiontraíochta Mic Léinn leabaithe i nDámha na hInnealtóireachta & na hEolaíochta agus Gnó & Daonnachtaí araon. Is acmhainn an-luachmhar iad na hintéirneach chun meon aigne fiontraíoch a spreagadh i bpobal mic léinn CIT. Ar a gcuid dualgas tá:

- An fhiontraíocht a chur chun cinn i measc na mac léinn
- Gníomhú mar nasc idir na mic léinn, na ranna acadúla agus Lárionad Rubicon
- Eagrú comórtas ar feadh na bliana acadúla
- Cuairteanna a thabhairt ar ranganna le linn na bliana agus gníomhú mar phointe teagmhála do mhic léinn a bhfuil smaointe gnó acu.

Seachtain na Nuálaíochta

Ó 2011, tá Seachtain na Nuálaíochta á reáchtáil le linn Seachtain 6 de Sheimeastar 2. Cuimsíonn Seachtain na Nuálaíochta seachtain d'imeachtaí a chuireann chun cinn agus a cheiliúránn an nuálaíocht agus an fhiontraíocht ag CIT. Eagraítear imeachtaí do mhic léinn, don fhoireann agus lucht fiontraíochta. Ar feadh Sheachtain na Nuálaíochta 2019, bhí 40 imeacht ar siúl a ndearna breis is 1,900 duine freastal orthu. Cé gur tharla formhór na n-imeachtaí ar Champas Bhaile an Easpaig, d'eagraigh agus d'óstáigh CSC CIT cuid mhaith imeachtaí faoi mar a rinne CDEC CIT freisin.

Ba iad na himeachtaí ba mhó ná “Mná a Chumhachtú le Treorú” i dtús na seachtaine agus Gradaim an tSárthaispeántais i ndeireadh na seachtaine nuair a fógraíodh “Fiontraíthe Mic Léinn CIT na Bliana”. Rinne 300 agus 150 faoi seach freastal orthu. Rinneadh 47 iarratas ar chomórtas Duais CIT don Nuálaíocht, a raibh breis is 185 mac léinn I gceist leis as an Institiúid go léir. Rinneadh na 47 iarratas a laghdú go gearrliosta de 16 agus chuaigh siad sin trí phróiseas breithnithe i Lárionad Rubicon. Chuimsigh na duaiseanna €10,000 in airgead, a bhí urraithe ag Oifigí Fiontar Áitiúla Chathair agus Chontae Chorcaí. Bronnadh na duaiseanna ag an searmanas sárthaispeántais agus gradam ar 8 Marta 2019. Ba é Patrick McGarvey, mac léinn 1ú Bliain in Innealtóireacht Mheicniúil, duaiseoir foriomlán Chomórtas Duaise CIT don Nuálaíocht.

Gradaim Fhiontraíocht Éireann d’Fhiontraí Mic Léinn

Agus é arna urrú ag Fiontraíocht Éireann, Cruickshank Grant Thornton agus na hOifigí Áitiúla Fiontar, cuireann Gradaim Fhiontraí Mic Léinn deis ar fáil do mhic léinn tríú leibhéal as na disciplíní acadúla agus cúrsaí uile a gcuid uailmhianta fiontraíochta a bhaint amach. Tar éis an comórtas a ghnóthú in 2018, d’óstaigh CIT craobhchomórtais 2019 i Meitheamh. Rinne mic léinn as gach cearn den tír freastal ar an imeacht mar ionadaithe coláiste nó mar cheannairí gnó. Bhí 3 ag CIT i measc an 10 craobhiomaitheoirí ar an lá. Ghnóthaigh foireann as NUIG teideal 2019. Is í CIT an IAO is rathúla in Éirinn (Thuaidh agus Theas) sa chomórtas seo tar éis an duais fhoriomlán a ghnóthú níos minice ná aon choláiste eile.



An Dr Barry O’Connor – Gradaim Fhiontraí Mhic Léinn de chuid Fhiontraíocht Éireann

Lárionad Rubicon

Ar 20 Meán Fómhair 2018, d’oscail Uachtarán CIT, an Dr Barry O’Connor, an spás comhoibre nua i *gCiúb Rubicon*. Tugann an áisíneacht seo deiseanna d’fhiontraíthe chun teacht ar na háiseanna agus úsáid a bhaint astu ar éileamh. Lena chois sin, tá spás ginte smaointe ag Ciúb Rubicon, a chuireann ar fáil d’fhiontraíthe spás chun dianstocaireacht a dhéanamh ar a gcuid smaointe. Tá sé seo ann mar fhreagairt ar riachtanais athraitheacha fiontraíthe sa réigiún. Ba í an chuideachta a rinne féinairgeadú ar an áisíneacht.



Ag oscailt Chiúb Rubicon – Josette O’Mullane, George Bulman, Paul Healy, agus an Dr Barry O’Connor

Clár Fhiontraíochta

Reáchtálann Lárionad Rubicon roinnt clár fiontraíochta sa lárionad. Déantar na cláir a chéimniú d’fhonn an úsáid is éifeachtaí a bhaint as acmhainní an lárionaid i gcaitheamh na bliana.

New Frontiers

Cuireadh tús le Clár New Frontiers 2018/19, agus é arna mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann, i Meán Fómhair 2018. Tá trí chéim ag an gclár:

Céim 1

Ligeann an Chéim seo d'fhiontraiithe ionchasacha indéantacht a smaoineamh gnó a scrúdú go páirtaimseartha i gcaitheamh 36 uair teagmhála an chloig, gan a bhfostaíocht a fhágáil. Reáchtáladh an chéim sin i Samhain 2018. Ghlac 17 fiontraí páirt ann agus seachadadh é i Lárionad Rubicon. Cuireadh an clár i gcrích le cur i láthair roimh phainéal il-áisiúneachta, rud a chuir deis ar fáil le haghaidh aischothaithe agus na chéad chéimeanna eile a phlé. Reáchtáladh an dara Céim 1 i mBealtaine 2019. Cuireann na rannpháirtithe isteach ar Chéim 2 go lánaimseartha.

Céim 2

Agus tús curtha léi i Meán Fómhair 2018, chuir an chéim seo foireann tacaíochtaí nuathionscanta ar fáil, ar a n-áirítear oiliúint, meantóireacht, tacaíocht airgeadais (€15,000) agus deasc i Lárionad Rubicon. Cuireadh i gcrích í le sárthaispeántas. Fuarthas breis is 100 léiriú spéise as réigiún Chorcaí agus níos faide i gcéin. Ba é sin an líon ba mhó a fuarthas riamh. Roghnaíodh 14 chuideachta, as na hearnálacha ICT, feistí leighis, bia agus bogearraí mar sheirbhís (SaaS). Chuaigh cohórt 2018/19 i ngleic le CIT ar roinnt leibhéal: socrúcháin mhic léinn, obair thacaíochta do thionscadal mic léinn, agus Teicneolaíocht Gateways ar champas.

Chuir 12 rannpháirtí Céim 2 i gcrích. Ar na cloche míle a bhain na fiontraiithe amach áirítear infheistíocht a aimsiú (Fiontraíocht Éireann, Oifigí Áitiúla Fiontar, Lárionad Náisiúnta Acmhainní Digiteacha), spriocanna díolachán agus scaoileadh chéad táirge. Cuireadh Céim 2 i gcrích le Sárthaispeántas New Frontiers ar 16 Aibreán 2019 a raibh páirtithe leasmhara as CIT agus an pobal gnó réigiúnach i láthair aige. Mar chuid den imeacht bhí aitheasc a thug Uachtarán CIT, an Dr Barry O'Connor, agus Peter Coppinger Uas., Alumnus de chuid CIT agus Teamwork.

Céim 3

Tugann an chéim leantach seo deis do na rannpháirtithe a gcuid deiseanna gnó a chur i bhfeidhm ó laistigh de Lárionad Rubicon. Cuireadh tacaíocht airgeadais (€7,500), dianmheantóireacht ag baill foirne Rubicon, agus rochtain ar an bpobal infheistíochta ar fáil do na rannpháirtithe ar feadh trí mhí. Cuireadh i gcrích í i Meitheamh 2019. Cuirtear ceithre ionad ar fáil do Chéim 3, arna roghnú ag Fiontraíocht Éireann, Lárionad Rubicon, agus na hOifigí Áitiúla Fiontar.

Clár Fiontraíochta Mná EXXCEL

Maoiníonn Fiontraíocht Éireann agus Lárionad Rubicon an clár EXXCEL.

Is iad na príomhghnéithe

- Ceaptha le haghaidh mná a bhfuil smaoineamh gnó acu le féidearthacht ardfháis agus easpórtála laistigh den earnáil STEM
- Á reáchtáil go páirtaimseartha thar 6 mhí
- Bainisteoir tiomanta clár
- Cuimsíonn oiliúint (pleanáil ghnó, taighde margaíochta, díolacháin, airgeadas agus maoiniú, margaíocht dhigiteach, scileanna láithreoireachta), a bhíonn ar siúl thar 6 Shatharn ag Lárionad Rubicon
- Cuimsíonn meantóireacht duine-le duine ag saineolaithe
- Cuidítear leis na rannpháirtithe pleannanna gnó bailíochtaí a ullmhú chun iad a bheith réidh le tairiscint d'infheisteoirí ionchasacha
- Cuirtear rochtain ar fáil ar phobal leathan fiontraíochta ag CIT

Cuireadh tús leis an gclár ar 13 Aibreán 2019, agus 12 rannpháirtí roghnaithe as 30 iarratasóir. Bhí beirt rannpháirtí a bhí bunaithe i mBaile Átha Cliath, is mar sin atá nádúr speisialaithe an chláir. Bhí oideachas go leibhéal Máistir ag leath de na rannpháirtithe agus ar na smaointe gnó bhí Aipeanna Bogearraí, AR/VR, táirgí bia agus cúram sláinte.


Líonra Fiontraíochta Tuaithe do Mhná (WREN)

Is sampla eile é seo de ról Lárionad Rubicon san éiceachóras nuálaíochta réigiúnach, agus é arna reáchtáil i gcomhar le SECAD agus Ballyhoura Leader, bhí an clár seo dírithe ar chlár Dámhachtain Shainchuspóireach CIT a sheachadadh d'fhiontraiithe baineanna ar mhian leo gnó a bhunú nó a bhfuil trádáil tosaithe acu sa dá bhliain seo caite. Agus é maoinithe ag an Roinn Cirt agus Comhionannais, is é Lárionad Rubicon a sheachadann an clár, le tacaíocht ó Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta agus an Lárionad don Fhoghlaim Teicneolaíocht-Fheabhsaithe. Chláraigh 38 rannpháirtí ar fad i gclár 2018/19 a seachadadh i gCromadh, Co. Luimnigh agus i Lárionad Rubicon. Meallann an clár fiontraiithe as an Mhumhain go léir, cuid mhaith díobh nach raibh baint acu le hinstiúid trú leibhéal riamh cheana.

Buaiteoirí Gradam Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn

Is comórtas é Gradam don Fhiontraí Óg is Fearr in Éirinn a reáchtálann Oifigí Áitiúla Fiontar go náisiúnta. Tháinig roinnt buaiteoirí as Lárionad Rubicon in earrach 2019 ar a n-áirítear Speire agus Teachcloud. Chuaigh Wendy Oke de chuid Teachcloud, céimí de chuid Student Inc agus New Frontiers, ar aghaidh chun gradam Gnólachta Tionscnaimh a ghnóthú go réigiúnach.

Príomhthásairí Feidhmíochta Rubicon 2018



*Mic léinn CIT a fuair tacaíocht - 1,012 (Student Inc, Business Model Canvas, New Venture Planning, Innovative Product Development Module)

Tionscadail Nuálaíochta agus Forbartha Fiontar agus Scotchleachtas AE

Le linn na tréimhse tuairiscithe, leagadh fócas straitéiseach ar leith ar leanúint de bheith ag tógáil gníomhaíochtaí maoinithe agus taighde sa spás nuálaíochta agus forbartha fiontar. Le blianta beaga bhí mar thoradh ar an bhfócas sin raon leathan Tionscadal Eorpach faighte, go háirithe faoi na cláir Interreg agus Erasmus+. Mar a tharlaíonn go minic, is minic go mbíonn mar thoradh ar rannpháirtíocht rathúil i dtionscadal Eorpach líonrú láidir le comhpháirtithe as a n-eascaíonn tograí nua tionscadail agus tuilleadh ceadaithe maoinithe.

Rinne an Oifig Nuálaíochta agus Fiontraíochta tionscadal an Bhealaigh Fhionnuair a choincheapadh agus a scríobh, arna threorú ag Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta agus é maoinithe faoin gChlár Forimeall Thuaidh agus Artach Interreg. Scrúdaigh an tionscadal conas a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí seoltóireachta cósta deiseanna gnó nua a chur ar fáil d'fhiontraíthe cois cósta. Forbraíodh sraith áiseanna muiríne agus pontúin nua de bharr an tionscadail idir Corcaigh agus Tuaisceart na hIorua. D'éirigh go han-mhaith leis an tionscadal agus mar aitheantas ghnóthaigh CIT Gradam Inbhuaine Limistéar an Atlantaigh 2018 a bhronn Coimisinéir AE do chúrsaí Muirí, Karmenu Vella Uas., ar CIT ar 23 Deireadh Fómhair 2018 in Vigo na Spáinne.

I limistéar an Atlantaigh Interreg, bhí an Oifig Nuálaíochta agus Fiontraíochta ina hidirghabhálaí do Thionscadal Geo an Atlantaigh le haghaidh na Roinne Innealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí. Scrúdaíonn an tionscadal acmhainneacht fuinneamh teirmeach Geo feadh chósta an Atlantaigh agus CIT ag feidhmiú mar shain-chomhpháirtí teicniúil.

Is tionscadal suimiúil eile é Digital Treasures. Agus é arna mhaoiniú ag clár na hEorpa Cruthaithí, tá Digital Treasures á threorú ag Cartlann Náisiúnta na Spáinne, a thug cuireadh trí mheán na hOifige Nuálaíochta agus Fiontraíochta do Roinn Foghlaim-Fheabhsaithe Teicneolaíochta CIT a cuid saineolais a chuimsiú ar fhorbairt taispeántais fhíorúla iarsmalainne.

Aimsíodh BODAH, tionscadal Interreg Limistéar an Atlantaigh, le haghaidh CIT go luath in 2019 agus é á threorú ag teagmhálacha atá ag CIT le fada i gCathair Ghailísise, Santiago de Compostella. Tá saineolas tréan ag Roinn na hEolaíochta Ríomhaire in CIT i dtús réitigh Olltíomsú Sonraí. Tá baill foirne i Roinn na hEolaíochta Ríomhaire ag obair anois le ceannaire Spáinneach agus comhpháirtithe eile ar fud an AE chun feidhmeanna a fhorbairt ina bhféadfaí saineolas Olltíomsú Sonraí CIT a fheidhmiú chun turasóireacht réigiúnach agus áitiúil a dhéanamh níos inbhuaine. Tá an Oifig Nuálaíochta agus Fiontraíochta ag tacú leis an obair sin le staidéar ar phleananna straitéiseacha turasóireachta i ngach réigiún comhpháirtíochta.

4.4 Rannpháirtíocht Sheachtrach agus Gníomhaíochtaí Campais Leathnaithe

Figiúirí bliantúla i leith iarratas ar Aitheantas ar Réamhfhoghlaim agus tacaíocht mhic léinn

Ba é líon na gcásanna ARF le haghaidh 2018 go 2019 ná 407, ar cuimsíodh ann san iomlán 29 iarrthóir ar ARF ar an BA (Onór) i nGnó Idirnáisiúnta le Staidéar Eitlíochta. Bhí 106 measúnóir i gceist agus shín gníomhaíocht ARF thar leibhéal 6 go leibhéal 9.

Uasdátú ar Thionscadal Taighde ARF agus Foghlaim Obairbhunaithe (FOB)


- **Fit4FoF** – Factories of the Future – ionchuir d’eiseamláir riachtanais foghlama agus creat oideachais mar aon le tionscnaimh scileanna do CIT. Tá an creat forbartha oideachais á threorú ag an Ollamh Irene Sheridan.
- **VISKA** – cruinniú trasnáisiúnta in Oslo, 26-29 Márta 2019. Is comhpháirtí Taighde agus Measúnaithe í CIT. Is tionscadal Taighde ar Pholasaí Erasmus K3 é an tionscadal atá dírithe ar scileanna imirceach agus lucht dídine a aithint.
- **ARF á Chleachtadh** Tionscadal Taighde ar Pholasaí K3 Erasmus + ar cuireadh tús leis ar 16 Aibreán 2019. Tá CIT mar chomhpháirtí Ardoideachais ag comhordú dearcadh na hÉireann le QQI.
- **EVAVOL Erasmus+** - aitheantas ar fhoghlaim trí obair dheonach – ionchur le haghaidh chreat sainaitheanta, cáipéisithe, measúnaithe agus teastasaithe foghlama. Is comhpháirtí é Campas Leathnaithe CIT sa tionscadal.

Gníomhaíochtaí Eile ARF

- Comhdháil Líonra Cleachtóirí ARF, Cill Chionnaigh, agus cur i láthair do thoscaireacht oideachais ghairmiúil Eastónach maidir le ARF in CIT, 17 Deireadh Fómhair 2018: rinne Deirdre Goggin, Ball den Bhord Stiúrtha, ionadaíocht.
- Gnóthaí Ionad Oibre – seimineár bricfeasta, 23 Deireadh Fómhair 2018, Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta.
- Tionscadal *An Tobar* in éineacht le BOOC agus IDF Beairic Uí Choileáin – Searmanas bronnta Teastas 14 Samhain 2018.
- Ceardlanna VISKA – Baile Átha Cliath 15 Samhain 2018, Modúl ceardlainne CPD arna sheachadadh agus éascú ag Deirdre Goggin.
- Cruinniú Grúpa Comhairleach Náisiúnta VISKA – Baile Átha Cliath 15 Samhain 2018. Ionadaí Deirdre Goggin ar son CIT.
- Modúl Teagaisc & Teagaisc & Foghlama ARF: Ean. 2019, 12 i lathair (8 ball foirne CIT agus 4 ball foirne BOOC) a chuir modúl ARF i gcrích go rathúil mar chuid den MA i dTeagasc & Foghlaim.
- Cuairt ó Ollscoil Eolaíochta Feidhmí Haaga-Helia, An Fhionnlainn, 17-18 Eanáir 2019 arna comhordú ag Campas Leathnaithe CIT. Spéis in ARF, WBL, san fhiontraíocht, nuálaíocht agus ráthú cáilíochta.
- Tionscadal BOO Chorcaí *An Tobar* – 3ú athlua cláir atá anois ag feidhmiú agus an clár leathnaithe do cócairí i mBeairic Uí Choileáin.
- 3 Aibreán 2019, cuairt ó thoscaireacht BOO Luimnigh An Chláir chun printíseachtaí gruagaireachta a phlé, arbh iad an comhordaitheoir náisiúnta. Cuir i láthair agus éascú ag Deirdre Goggin.
- 4 Aibreán 2019, Coláiste Fanshawe, cur i láthair ag Deirdre Goggin ar son an Ghrúpa Taighde E3L.
- 16 Bealtaine 2019, painéal bailíochtaí forbartha le haghaidh Dámhachtaine Sainchuspóirí i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Eagrúcháin agus Forbartha Gairmiúla agus Boston Scientific Chorcaí. 10 creidmheas ag leibhéal 6, ceaptha le haghaidh tógálaithe táirge agus dar teideal Teastas i mBunolas i Sármhaitheas Oibriúcháin.

Coinní Champais Leathnaithe le Cuideachtaí agus Eagraíochtaí 2018/19

Tharla 141 coinne ar fad le linn 2018/19. Tá achoimre ar na cineálacha agus earnálacha coinne ar fáil sa chairt thíos.



Mar thoradh ar na coinní sin tharla tionscadail leanúnacha ar a n-áirítear



Cásanna Beo

- Cás Beo Dunkettle le mic léinn IB – comhpháirtíocht le SISK agus TII
- Cás Beo Wisetek le mic léinn Máistir Gnó Dhomhanda – Anailís Sonraí agus Forbairt Riosca Londain
- O’Donovan Engineering le BIS Bliain 3 agus Tionscadal Riar. Gnó 3ú Bliain – Seimeastar 2 – Cur chun cinn Turasóireachta mar sprioc
- Cuimhneachán Chogadh CD1 i gCill Úird do Thionscadal Bainistíochta Turasóireachta 3ú Bliain – Seimeastar 2 – Cur Chun Cinn mar sprioc Turasóireachta
- Tionscadal Turasóireachta Sam Maguire le mic léinn Meán Cumarsáide CDEC – cáipéis Pas turasóireachta a dhearadh
- Orthoxel (Lárionad Rubicon) le mic léinn Ard-Diplóma i mBainistíocht Díolachán – Straitéis Díolachán
- Legitfit agus Ciara Josephine Kennedy, bunaitheoir AnimaVenture le mic léinn Gnó Idirnáisiúnta – Tionscadail mhic léinn maidir le Pleananna Gnó agus Airgeadais

Ar na clinic foghlama bhí

- Laya Healthcare – Meán Fómhair
- Wright Medical – Márta
- Sanmina, Mainistir Fhear Maí – Meitheamh
- Boston Scientific Éireann – Meitheamh
- Amazon – Lúnasa

20 Cuairt IDA:
Meán Fómhair 2018 – Lúnasa 2019



Nasc le himeacht CIT


D’oibrigh Campas Leathnaithe CIT le Gairmeacha CIT chun Nasc le CIT a óstú ar 12 Feabhra 2019. Cuireadh fáilte roimh 40 mionghnó agus micreaghnó chuig an imeacht i gCampas Bhaile an Easpaig agus san áireamh ann bhí mionaonach gairmeacha ar maidin agus láithreoireachtaí ina dhiaidh sin ó dhaoine inmheánacha agus seachtracha araon maidir le deiseanna comhoibríthe le CIT.

Rinneadh suirbhé le GBMacha a rinne freastal agus fuarthas na príomhthorthaí seo a leanas:

1. Cad a chuirfeadh bac ort comhoibriú le CIT?

D’fhreagair 12


Níor fhreagair 13



2. Cad a spreagfadh thú le comhoibriú le CIT?

D’fhreagair 23


Níor fhreagair 2



3. Conas ba mhaith leat go gcabhródh Campas Leathnaithe leat?

D'fhreagair 20

Níor fhreagair 5



Cás-staidéir

Foilsíodh 23 cás-staidéar le linn 2018/19 chun rannpháirtíocht CIT leis an tionsclaíocht a cheiliúradh agus chun idirghníomhaíochtaí nua a spreagadh. Tá na cás-staidear ar fáil ar <http://extendedcampus.cit/case-studies?cYear=2018>



“Bíonn meon aigne phraicticiúil, spreagtha agus aireach faoi shonra ag mic léinn CIT. Léirigh siad an tiomantas is gá don ghnó beag, agus ní hiontas ar bith é go bhfuil an oiread sin fostaithe ar chonarthaí buana againn tar éis a gcéim a bhaint amach.”

Ursula Leonard, Bainisteoir Oibríochtaí
Atlantia Food Clinical Trials


Nuachtlitir an Champais Leathnaithe

Foilsíodh 6 heagrán de Nuachtlitir an Champais Leathnaithe le linn 2018/19. Cuireann an Nuachtlitir comhoibrithe CIT leis an tionsclaíocht chun cinn, do shíntiúsóirí inmheánacha (1562) agus do shíntiúsóirí seachtracha (652).

Tá iareisiúintí de Nuachtlitir an Champais Leathnaithe ar fáil ag <http://extendedcampus.cit.ie/newsletter>

Meáin Shóisialta


Twitter

**Comhdháileacha agus Láithreoireachta ar Cuireadh 2018/19**

- 22 Samhain 2018, rinne Deirdre Goggins láithreoireacht ag Opening Panel: Córais agus Polasaithe ARF ag CAPLA Recognising Learning Conference
- 7 Feabhra 2019, an tOllamh Irene Sheridan – aoichainteoir ag imeacht faoi Cheannaireacht agus Ionchuimsitheacht Mná J&J
- 8 Márta 2019, thug an tOllamh Irene Sheridan Príomhathasc d’imeacht Lá na mBan de chuid DELL International
- 10 Aibreán 2019, Féile Lónra Hellin agus Lifelong Chorcaí. Láithreoireacht ó Deirdre Goggin ar ARF agus WBL in CIT
- 10 Aibreán 2019, labhair an tOllamh Irene Sheridan le cruinniú den Ghrúpa THEA RDIE chun eiseamláir Champais Leathnaithe CIT a chur i láthair le haghaidh rannpháirtíochta comhtháite
- 7 Bealtaine 2019, Bailíochtú Réamhfhoghlama Biennale, Berlin. Chuir Deirdre Goggin ceardlann i láthair ar ‘Thógáil Inbhuanaitheachta le haghaidh ARF trí Shocruithe Eagraíochtúla’
- 13 Bealtaine 2019, thug an tOllamh Irene Sheridan ceardlann ar Scothchleachtas i Socrúchán Ionad Saothair do bhaill foirne in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
- 15 Bealtaine 2019, Aonad Teagaisc agus Foghlama, CIT; ceardlann ar ARF in CIT. Cur i láthair dar teideal ‘RPL, policy, practice, company cohort and individual approaches, portfolios of learning and assessment’
- 22 Bealtaine 2019, Lónra Cleachtóirí ARF, ceardlann ar ‘RPL, a process to support skills policy and talent management’


Springboard 2018-19

- Springboard+ (gach clár eile): 202
- Scileanna TFC (2017 2ú bliain): 9
- Scileanna TFC (2018 1ú bliain): 19



Torthaí - curtha i gcrích go rathúil:

- Springboard+ (gach clár eile): 161
- ICT Skills (2017 2ú bliain): 9
- ICT Skills (2018 1ú bliain): 13



Tograí curtha isteach – Springboard+ 2018

Teideal an Chláir		Gradam	Rionn	Iontógáil	Creidmheasa	Leibhéal	Costas Iomlán
Springboard							
	Clár Lántimtha Cócaireachta (TICP)	Móra	Turasóireacht & Fáilteachas	32	60	6	€220,800
	Baitsiléir Ealaíon in Ealaíona Cócaireachta	Móra	Turasóireacht & Fáilteachas	16	60	7	€110,400
	Dámhachtain Shainchuspóireach i Stáidéal Spáis don Tionsclaíocht	SPA	Dámh na hinnealtóireachta & na hEolaíochta	20	15	8	€36,000
	Dámhachtain Shainchuspóireach i nDearadh Seirbhísí Nuálacha	SPA	Eagrúchán & Forbairt Ghairmiúil	20	10	8	€25,000
	Dámhachtain Shainchuspóireach i Margaí Caipitil	SPA	Cuntasaíocht & Córais Faisnéise	20	20	8	€40,000
	Teastas in Eolaíocht d'Oibríochtaí Déantúsaíochta Cógaisíochta	SPA	Innealtóireacht Próisis, Fuinnimh & Iompair	40	10	6	€48,000
	Teastas i mBainistíocht Slabhra Soláthair Bhithchógaisíochta	SPA	Innealtóireacht Próisis, Fuinnimh & Iompair	30	20	8	€80,000
	Diplóma in Oibríochtaí Déantúsaíochta Bithchógaisíochta	SPA	Innealtóireacht Próisis, Fuinnimh & Iompair	20	60	7	€120,000
	Teastas in Eolaíocht Bhaillíochaithe	SPA	Innealtóireacht Próisis, Fuinnimh & Iompair	40	10	7	€50,000
	Teastas in Oibríochtaí Déantúsaíochta Ionhlana	SPA	Innealtóireacht Próisis, Fuinnimh & Iompair	30	10	6	€33,000
	Teastas i bhForbairtí Innealtóireachta Próisis	SPA	Innealtóireacht Próisis, Fuinnimh & Iompair	20	25	9	€60,000
	Teastas i mBainistíocht Tionscadal TFC	SPA	CAMMS	18	10	8	€29,700
	Teastas in Uathoibriú & Rialú	Míon	CAMMS	39	20	7	€120,900
	Lean Sigma Black Belt	SPA	CAMMS	25	30	8	€62,400
	Lean Sigma Green Belt	SPA	CAMMS	18	15	7	€27,000
	Lean Sigma Yellow Belt le haghaidh Dearadh Oibríochtaí & Seirbhíse	SPA	CAMMS	25	10	6	€20,625
	Teastas i bhFeidhmeanna Meicniúla, Leictreacha agus Pluiméireachta BIM	SPA	CAMMS	25	15	7	€52,500
	Teastas i dTeicneolaíochtaí Cliste Déantúsaíochta	Míon	CAMMS	20	20	7	€64,000
	Teastas i mBainistíocht Maoirseachta	SPA	CAMMS/IT Thrá Lí	36	20	6	€108,000
	Teastas Iarchéime i nDearadh Faisnéise & Forbartha	Míon	Eolaíocht Ríomhaire	20	30	9	€42,000
TFC							
	Ard-Diplóma in Eolaíocht in Eolaíocht Sonraí & Forbartha	Móra	Matamaitic	20	60	8	€166,248
	Ard-Diplóma in Eolaíocht i Néalríomhaireacht	Móra	Eolaíocht Ríomhaire	20	60	8	€150,000


€1,666,573.00 - Iomlán Iarrtha

€847,750.00 - Iomlán faoifa

4.5 Rannpháirtíocht Alumni

Suirbhé ar Cheann Scribe Deiridh (FDS)


Tá an Suirbhé ar Cheann Scribe Deiridh agus Tuarascáil 2018 ar an rang a bhain céim amach bunaithe araon ar shonraí freagartha agus sonraí ó chlárúcháin a thugann ráta freagartha de 63%. Rinneadh nóta ó phlé aischothaithe leis an bhfoireann suirbhé ar roinnt bacainní d'fhonn an ráta freagartha a mhéadú le haghaidh suirbhé 2019.



Clár Comh-mheantóireachta

Déanann Seirbhís Ghairmeacha CIT agus Oifig Alumni CIT an Clár Comh-mheantóireachta a chomhordú i gcomhar. Tá mar aidhm ag an gclár mic léinn reatha a mheaitseáil le lucht gairmiúil (ar céimithe de chuid CIT a bhformhór) as raon leathan earnálacha chun taithí, eolas, saineolas ar ghnó agus comhairle faoi ghairmeacha a mhalartú.

Rianáíodh méadrachtaí an Chlár Comh-mheantóireachta óna thús in 2013 (féach an t-alt anseo thíos) agus cuireadh tús le faomhadh ó chomhlachtaí gairmiúla agus ó chumainn ghairme in 2018. Aimsíodh ról mar Oifigeach Tionscadail chun an clár a fhorbairt tuilleadh, rannpháirtíocht a mhéadú, agus rannpháirtíocht a choinneáil ar feadh na bliana. Déanfaidh an tOifigeach Tionscadail measúnú ar an gclár ar theacht i gcrích dó agus chun oibriú le comhghleacaithe in IT Thrá Lí chun an acmhainneacht don ghníomhaíocht sin a fhorbairt ar fud na hOllscoile.



Clár Ambasadóra Alumni Mic Léinn

Ghin an Clár Ambasadóra Alumni Mic Léinn 138 uair an chloig d'obair dheonach ó 16 mac léinn ar ghníomhaíocht alumni i gcaitheamh 2018-2019.

Clár Buail le Céimí

Thug an Oifig Alumni tacaíocht do naoi n-imeacht "Buail le Céimí" ar fad agus chuaigh i ngleic le thart ar 400 mac léinn as Gnó, Ealaíona Cócaireachta, Caidreamh Poiblí, Innealtóireacht Leictreach, Ríomhaireacht, Staidéar Ceardaíochta, agus CNMÉ. Is i gcomhar le baill foirne ar fud na hInstitiúide a chuirtear an clár i bhfeidhm agus faigheann sé tacaíocht ón Oifig Rannpháirtíochta Mic Léinn.

4.6 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

Clárúcháin Idirnáisiúnta 2018/19

- Ba é líon iomlán na mac léinn “iontráil nua” neamh-AE ná 108 don bhliain 2018/2019.
- Ba é líon na mac léinn “ag filleadh” neamh-AE do 2018/19 ná 94, rud a thugann iomlán de 202 mac léinn neamh-AE “iontráil nua” agus “ag filleadh” in CIT in 2018/19.
- Cuimsithe sna clárúcháin sin bhí 30 mac léinn malairte, 92 mac léinn fochéime agus 80 mac léinn iarchéime.
- Tháinig méadú ar líon iomlán na gclárúcháin neamh-AE de 34.7% ón mbliain acadúil 2017/18 go 2018/19, agus sin méadú de 66.2% de mhic léinn “nua-iontrála”.

Ba iad na príomhmhargáí idirnáisiúnta a bhí ag CIT in 2018/19 ná An India, An Mhalaeisia, SAM, Ceanada, An Araib Shádach, Oman, An Nigéir agus Vítneam. Thug baill foirne ón Oifig Idirnáisiúnta mar aon le roinnt comhghleacaithe acadúla cuairt ar na háiteanna sin agus bhí siad páirteach in aontaí Oideachas in Éirinn agus taispeántais, cuairteanna ar institiúidí comhpháirtíochta agus ceardlanna gníomhaire.

Clárúcháin Neamh-AE ar fad curtha i gcomparáid do 2017/18 agus 2018/19 de réir Dáimhe, Scoile agus Roinne.

	2017/18 Mic léinn iarbhair	2018/19 Mic léinn iarbhair
Líon iomlán na mac léinn	149	202
Dámh Ghnó agus Daonnachtaí		
Scoil Ghnó	19	17
Scoil na nDaonnachtaí	11	14
CEDC CIT	12	13
CSC CIT	6	5
Dámh Innealtóireachta & Eolaíochta		
CNMÉ	3	2
Scoil Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta	22	22
Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictirí & Próisis	39	21
Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta	37	78
* Mic léinn cuairte idirnáisiúnta nach sanntar do Dhámh/Scoil aonair	N/A	30

Bhí an-éileamh ag mic léinn Indiacha ar an MSc in Eolaíocht Sonraí agus Anailísíocht go háirithe. Léiríodh spéis shuntasach freisin sna cúrsaí i Margaíocht Idirnáisiúnta agus Gnó Idirnáisiúnta, go mór mór an MSc i nGnó Idirnáisiúnta agus an MA i gCleachtas Gnó Dhomhanda.

Clár Staidéar Thar Lear

I Meán Fómhair 2018, tháinig agus chláraigh céad chohórt CIT de na 18 mac léinn don Staidéar Thar Lear as SAM as Coláiste Endicott, Massachusetts. Íocann mic léinn Staidéar Thar Lear an táille neamh-AE (pro rata) ar a glár staidéir. Déanann na mic léinn modúil go príomha as Gnó Margaíochta, Cuntasaíocht, Ealaín, Turasóireacht, agus Eolaíochtaí Bitheacha.

Ar 1 Samhain 2018, sheol an tUachtarán, an Dr Barry O’Connor, agus an Dr Orla Flynn Clár Staidéar Thar Lear CIT go hoifigiúil. Thug Séamus Forde, Léachtóir i dTurasóireacht & Fáilteachas, agus James Hayes, Léachtóir i Mínealaín & Ealaín Fheidhmeach i nDealbhóireacht cuairt ar Endicott i Samhain le haghaidh clár seachtaine de chruinnithe agus aoiléachtaí.

Ceapadh Comhordaitheoir Staidéar Thar Lear san Oifig Idirnáisiúnta chun an clár Staidéar Thar Lear a fhorbairt, a mbeidh cuimsithe ann an caidreamh reatha le Endicott atá ann cheana a bhainistiú, agus comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt le hinstiúidí idirnáisiúnta. Tugadh mar fhreagracht freisin don chomhordaitheoir clár mhalairte a fhorbairt le hinstiúidí neamh-AE. In 2018/19, d’éascaigh an Oifig Idirnáisiúnta 5 mhac léinn CIT chun malartú staidéir amach a chríochnú le Coláiste Fanshawe, Ceanada, agus 2 mhac léinn go Coláiste Endicott, SAM. Tháinig 4 mac léinn isteach freisin ó Choláiste Fanshawe chun staidéar a dhéanamh ar Bhainistíocht Turasóireachta, agus 3 mac léinn as Universiti Tenaga Nasional (UNITEN), Malaeisia, ar mhalartú isteach don 1ú seimeastar, agus staidéar á dhéanamh acu ar Fhorbairt Bogearraí agus Meáin Chruthaitheacha Dhigiteacha.

Scoláireachtaí

Chuir an Oifig Idirnáisiúnta fáilte roimh roinnt mac léinn scoláireachta chuig CIT in 2018/19. Rinneadh Scoláireacht Idirnáisiúnta Rialtas na hÉireann a bhfuil an-tóir uirthi a thairiscint do 3 mac léinn iarchéime atá i mbun staidéir sna réimsí seo a leanas: Cleachtas Gnó Dhomhanda, Teiripe Ealaíne, agus Intleacht Shaorga. Chuir CIT fáilte roimh 2 mhac léinn eile as SAM ar Scoláireacht Victory sa bhliain chéanna, iad beirt ag déanamh staidéir don MSc i nGnó Idirnáisiúnta. D’fháiltigh CIT

freisin roimh a céad mhac léinn scoláireachta ar a clár Ealaíona Cócaireachta trí mheán an tionscnaimh Forbartha Eacnamaíochta Chontae Chorcaí-Quincy.

Ambasadóirí Mic Léinn Idirnáisiúnta Oideachas in Éirinn

Roghnaíodh triúr mac léinn idirnáisiúnta de chuid CIT le feidhmiú mar Ambasadóirí Mic Léinn Idirnáisiúnta Oideachais don bhliain acadúil 2018/19. B'as an Mhalaeisia do bheirt de na mic léinn agus tháinig mac léinn amháin as Vítneam. Is é an ról a bheidh acu feacht ar cháilíocht an oideachais in Éirinn a mhéadú agus cuidiú agus spreagadh a thabhairt do mhic léinn ar spéis leo é ó thar lear agus iad ag cur tús lena gcuardach don ollscoil nó coláiste ceart. Cuirtear oiliúint ar na ambasadóirí maidir le conas scríobh, físeáin a chruthú, agus grianghrafadóireacht a fhoilsiú trína dteachtaireachtaí digiteacha d'fhonn a gcuid eispéaras cultúrtha in Éirinn a léiriú oiread agus is féidir.

Misean Oideachais Vítneam

Thaistil an Dr Pio Fenton, Ceann na Roinne Margaíochta agus Gnó Idirnáisiúnta, agus Carmel Jordan, an Oifig Idirnáisiúnta, go dtí Vítneam i nDeireadh Fómhair 2018. Chuimsigh an turas cuairteanna ar Hanoi, Cathair Ho Chi Min agus Danang, agus cruinnithe le hOllscoileanna comhpháirtíochta agus Gníomhairí Oideachais. Lena chois sin, d'óstaigh an tAmbasadóir Cáit Moran agus Ambasáid na hÉireann in Hanoi searmanas "Bronnta Páir" ar 5 mhac léinn Vítneamacha a chuir a gclár Máisitir i gcrích in CIT le déanaí.

Aonach OCSC Téalainne/ Comhdháil Malaeisia

D'fhreastail an Dr Orla Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha, agus Kritchai Witheephanich, Taighdeoir NIMBUS, ar imeachtaí earcaíochta mic léinn sa Téalainn i Samhain 2018. San áireamh sa turas bhí cuairteanna ar scoileanna idirnáisiúnta agus EXPO International Education OCSC. Mar aon le freastal ar fháiltiú in áras cónaithe an Ambasadóra. Ina dhiaidh sin thaistil an Dr Flynn go Kuala Lumpur sa Malaeisia chun páipéar a chur i láthair ag Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na nOllscoileanna 2018, a raibh mar théama inti "Comhpháirtíochtaí Ardoideachais le haghaidh Tionchar ar an tSochaí". Shínigh CIT Meamram Tuisceana freisin le hOllscoil na Malaeisia le linn na cuairte.

An India agus Sri Lanka: Thaistil Carmel Jordan, an Oifig Idirnáisiúnta, an Dr Donna O'Shea agus an Dr Seán McSweeney as Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, go dtí An India i Samhain 2018 chun bheith páirteach in aontaí Oideachas in Éirinn agus bualadh leis na gníomhairí. Tugadh cuairt freisin ar Johnson Controls in Pune.

An Mhalaeisia: Thaistil Carmel Jordan, an Oifig Idirnáisiúnta, chuig An Mhalaeisia in Eanáir chun freastal ar Aontaí Star Education in Kuala Lumpur. Mar chuid den misean, thug an tUasal Jordan cuairt ar an gCholáiste Modhach, Coláiste Ollscoile Tunku Abdul Rahman (TARUC). Tugadh cuairteanna freisin ar sheachtar gníomhaire oideachais d'fhonn an líonra gníomhaire a mhéadú sa margadh.

Malartuithe Mic Léinn Baill Foirne Erasmus+KA103 & KA107 2018/19

2018/19	Mic Léinn Malairte Erasmus	Fíorlíon na Mac Léinn
1	Mic Léinn Isteach	159
2	Oiliúnaithe (intéirneachtaí) Erasmus Amach	44
3	Malartuithe Staidéir Amach	70

Cistiú iomlan agus líon soghluaisteachta 2018/19

	Catagóir	Iarrtha	Ceadaithe	Méid €
1	Malartuithe Staidéir	75	70	89,237
2	Cúrsaí Oiliúna	53	44	67,898
3	Cuairteanna Léachtóireachta	13	13	16,519
4	Oiliúint Foirne	15	10	19,061
5	Tacaíocht Eagraíochta	156	137	46,200
	Deontas Iomlán			238,915

Mic Léinn Erasmus Amach chuig Kindergarten Vincerola, Koln, An Ghearmáin

Chuir ochtar mac léinn as an Roinn Spóirt, Áineasa agus Staidéir Luathóige tús le hoiliúint ag Kindergarten Vincerola GmbH in Koln ar 24 Meán Fómhair 2018. Tá caidreamh fada idir an roinn agus an chuideachta seo, a chuir intéirneachtaí d'ardcháilíocht ar fáil dár mic léinn le blianta fada. Ghlac cuid mhaith iarmhac léinn intéirneachtaí leis an gcuideachta tar éis céim a bhaint amach. Tugann ionadaithe ón gcuideachta cuairt ar CIT gach bliain, agus tugann an comhordaitheoir socrúcháin, an Dr Marian Quinn, cuairt ar na mic léinn le linn a gcuid socrúcháin.

Cóiríocht Mhic Léinn

Ba mhór an dúshlán an ganntanas cóiríochta le linn na bliana atá i gceist. Tháinig roinnt mac léinn gan chóiríocht ar bith, agus ba ghá cóiríocht ghearrthéarma a shocrú dá bharr sula bhfuarthas seomraí dóibh.

Tionscadal ICM le hOllscoil Eacnamaíochta, Ollscoil Da Nang (UEUD), Vítneam.

Le linn na tréimhse soghluaisteachta a bhaineann leis an tionscadal seo thuas, tharla 14 malartaithe (mic léinn agus baill foirne) idir CIT agus UEUD, rud a neartaigh tuilleadh an caidreamh oibre den scoth idir an dá institiúid. Tá tionchar an tionscadail tar éis dul níos faide ná gníomhaíochtaí malartaithe: chláraigh Khoa Ngo, duine de na mic léinn isteach as Da Nang, mar mhac léinn lánaimseartha ag CIT chun a céim Baitsiléara a chur i gcrích.

Iarratas ar Erasmus+ KA107 – Soghluaisteacht Idirnáisiúnta Creidmheasa

Scaoileadh Torthaí Deiridh Glao 2018 ar KA107 - Soghluaisteacht Idirnáisiúnta Creidmheasa ar 10 Meán Fómhair. Bronnadh €25,140 ar CIT le haghaidh malartuithe soghluaisteachta foirne leis an Téalainn. Ba é an Dr Pío Fenton, Ceann na Roinne Margaíochta agus Gnó Idirnáisiúnta, a chuir isteach an t-iarratas as ar eascair an tionscadal rathúil roimhe sin le hOllscoil Eacnamaíochta, Ollscoil Da Nang.

Cuairt Meantóireachta agus Iniúcháireachta Erasmus+ ÚAO

Thug an Dr Gerry O'Sullivan, Mary May Uas., agus an Dr Sharon Tighe Mooney as an áisíneacht náisiúnta Erasmus san ÚAO, chomh maith leis an measúnóir neamhspleách, Caroline Nash Uas., cuairt ar CIT ar 9 Samhain 2018 le haghaidh na cuairte meantóireachta agus iniúcháireachta i dtaca leis an tionscadal soghluaisteachta Erasmus KA103 (An Eoraip) 2017-2018 agus an tionscadal Soghluaisteacht Idirnáisiúnta Creidmheasa Erasmus+ idir CIT agus UEUD Da Nang, Vítneam. Cuireadh tús leis an gclár le haitheasc fáiltithe a thug an Dr Barry O'Connor, Uachtarán, ar lean plé é le hionadaithe ó Gnóthaí Acadúla, Margaíocht agus Comhchaidreamh le Scoileanna, agus Cumann Idirnáisiúnta na Mac Léinn. Bhuail an grúpa freisin le hionadaithe ó Acmhainn Daonna, Rochtain, Gairmeacha, agus ón Oifig Tacaíochta Mhíchumais de chuid CIT, féachaint conas is féidir lena n-úsáideoirí seirbhíse foghlaim faoi, agus dul i ngleic le clár Erasmus, agus réitigh ar bhacainní ar rannpháirtíocht a phlé. Le linn an tráthnóna, bhuail na cuairteoirí le mic léinn agus baill foirne a bhí tar éis bheith páirteach i malartuithe soghluaisteachta Erasmus le linn na bliana roimhe sin, chomh maith le hiarmhac léinn Erasmus isteach arb ball foirne lánaimseartha de CIT anois é, agus a ghlac páirt sa chlár mar mhac léinn agus mar bhall foirne.

Tá an tuairisc dheiridh do chlár Soghluaisteachta Erasmus KA103 do 2017-2018 measúnaithe ag an ÚAO agus tugadh 82% mar mharc air.

Ar an iomlán, bhí an litir aischothaithe agus an tuairisc ón UAO ar chuairt iniúcháireachta agus meantóireachta Erasmus+ an-dearfach.

Tugtar an t-alt deiridh thíos:

“Ar an iomlán, ba chuairt an-dearfach é seo. Tá an-chuid dea-thola laistigh den Institiúid agus láidreodh breis rannpháirtíochta le bainistíocht agus tuiscint ar ról gach roinne i straitéis [Erasmus] an timpeallacht dhearfach níos mó go fiú.”

Cuireadh i gcrích an tionscadal dhá-bhliain Soghluaisteacht Chreidmheasa Idirnáisiúnta Erasmus+ le Vítneam, a d'fhorbair agus a chomhordaigh an Dr Pío Fenton, le tacaíocht ó Oifig Erasmus. Cuireadh an tuairisc dheiridh ar an tionscadal isteach go déanach i Meán Fómhair 2018. Thug Measúnóir ÚAO scór foriomlan de 85% don tuairisc.

Cuairteanna Oiliúna Foirne Erasmus+ agus Aitheantas ag an bhFóram Náisiúnta ar Theagasc agus Foghlaim – Scoláireachtaí Delta

D'fhógair cruinniú faisnéise d'Oifigigh Erasmus a d'eagraigh an áisíneacht náisiúnta, an tUAO agus an Fóram d'Fheabhsú Teagasc agus Foghlama san Ardoideachas comhthionscnamh chun suaithéantas digiteach a bhronnadh ar bhaill foirne líAO a thugann faoi chuairt oiliúna Erasmus thar lear. Ní scoláireacht airgid é sin, ach, ina ionad, tá sé ceaptha chun aitheantas oifigiúil a thabhairt do thréimhse oiliúna Erasmus. Gheobhaidh na rannpháirtithe cistiú ó bhuiséad soghluaisteachta foirne Erasmus le haghaidh soghluaisteachtaí faofa, agus na gnáthcáipéisí Erasmus á gcomhlánú de réir mar is gá.

Cuairteanna Teagasc/Oiliúna Foirne Erasmus Amach

Dáta	Sonraí Cuairteora Idirnáisiúnta
Meán Fómhair	<ul style="list-style-type: none"> Tugadh maoiniú Erasmus do Trish Brennan agus Colette Nolan CDEC CIT chun cuairt a thabhairt ar an Akademie der Kunst Berlin le haghaidh seoladh na féile Bauhaus, i mbliaín seo comóradh céid na gluaiseachta Bauhaus. Bhí CDEC CIT ar cheann amháin d'ocht n-institiúid ealaíon idirnáisiúnta a bhí bainteach leis an seoladh
Deireadh Fómhair	<ul style="list-style-type: none"> Bhí Eleanor Baldwin, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha, ar dhuine de cheathrar acadúlach a rinne ionadaíocht d'institiúidí oideachais in Éirinn ag seimineár teagmhála Erasmus+ le Tíortha Lár-Áiseacha a bhí ar siúl in Istanbul ar 8 agus 9 Deireadh Fómhair 2018. Rinne Áisíneacht Náisiúnta Erasmus+ freastal ar sheimineár teagmhála dhá-lá na hÉireann-Georgia in Tbilisi le linn na seachtaine dar tús 22 Deireadh Fómhair 2018. Rinne Sreto Boljevic, Roinn Innealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí ionadaíocht do CIT ag an imeacht.

Samhain	<ul style="list-style-type: none"> Thug Christine Pybus réamhchuart Erasmus ar Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Rotterdam i Samhain agus d'fhreastail ar shiompóisiam líonraithe bliantúil Chonradh Institiúidí Ealaíon (ELIA) na hEorpa a d'óstaigh an ollscoil. Thug Maria Murray, Roinn Meán Cumarsáide, cuairt ar Hochschule Darmstadt chun roghanna staidéir le haghaidh mic léinn Erasmus sa dá institiúid a phlé.
Nollaig	<ul style="list-style-type: none"> Thug Vincent Ryan, Roinn Eolaíochta Ríomhaire, cuairt ar Hochschule Karlsruhe i mí na Nollag 2018 chun léachtaí a thabhairt agus freastal ar chruinnithe a bhí pleanáilte maidir le comhthionscadail fhíorúla i réimse na slándála agus líonraí ag leibhéal Máistir agus Baitsiléir. Thug Maurice Murphy, Roinn Margaíochta & Fiontraíochta, cuairt ar Hogeschool Utrecht (HU) chun léachtaí a thabhairt do mhic léinn Margaíochta agus Bainistíochta, agus chun an clár modúil cúig chreidmheas ar oiliúint ionsamhlaithe LINKS a chur i láthair, a bhí eagraithe ag HU. Rinne 35 mac léinn céime Gnó agus Margaíochta freastal air. D'fhreastail baill foirne as an Oifig Idirnáisiúnta ar sheoladh chóras soghluaisteachta bainistithe agus oiliúna Erasmus Gan Páipéar (EWP) ag Ollscoil Ghent i mí na Nollag 2018. Rachaidh an uirlis réabhlóideach bhainistíochta ar line seo i bhfeidhm ar gach gné de riarachán agus bainistíú Erasmus, agus cuideoidh sé le forbairt córas clárúchain nua ar line le haghaidh mic léinn Erasmus agus mic léinn malairte ag CIT.
Feabhra	<ul style="list-style-type: none"> Thug an liosta seo a leanas de chomhghleacaithe cuairt ar HU: <ul style="list-style-type: none"> Frank O'Donovan agus Emmett Coffey, Roinn Meán Cumarsáide An Dr Breda Kenny, Ceann na Scoile Gnó Gerard O'Donovan, Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachta Thug Johnny McCarthy, CSC CIT, cuairt ar Institiúid Cheoil Wien chun síniú comhaontú déthaobhach nua a phlé agus chun roinnt máistir-ranganna a thabhairt. Tugadh cuireadh don Dr Orla Flynn, Leas-Uachtarán Gnóthaí Seachtracha, láithreoireacht a dhéanamh ag comhdháil DAAD (Áisíneacht Malairte na Gearmáine) in Potsdam: <i>Institiúidí Ealaíon, Dearaidh agus Ceoil Institiúidí Ardoideachais mar Thodhchaí: "Ollscoileanna Eorpacha"? Formáidí Comhoibrithe Nuálacha agus Droichid Théamacha</i>
Márta	<ul style="list-style-type: none"> Thug Aoife Nic Athlaoich, CSC CIT, cuairt ar an Conservatorio Superior de Música "Joaquin Rodrigo" de Valencia Thug an Dr Stephen Ryan, Roinn Margaíochta agus Gnó Idirnáisiúnta, cuairt ar Université de Lyon D'fhreastail an Dr Pio Fenton, Ceann na Roinne Margaíochta agus Gnó Idirnáisiúnta, Cúrsa Teastas ICPS i bPleanáil Straitéiseach Oideachais, Londain D'fhreastail an Dr Mary Moloney, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil, Cúrsa Teastas ICPS i bPleanáil Straitéiseach Oideachais, Londain D'fhreastail an Dr Fred Creedon, Roinn Eagrúcháin agus Forbartha Gairmiúla, ar sheachtain foirne Erasmus ag Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Laurea, an Fhionnlainn. Ba é téama na seachtaine Dearadh Seirbhíse.
Aibreán	<ul style="list-style-type: none"> Thug an Dr Gabriela Mayer, CSC CIT, cuairt ar Acadamh Sibelius, Helsinki Thug an Dr Claudia Wagner, an Scoil Ghnó, cuairt ar Ollscoil Alicante D'fhreastail Claire O'Riordan, Roinn Margaíochta agus Gnó Idirnáisiúnta, ar chúrsa Spáinnise le haghaidh múinteoirí teanga in Barcelona
Bealtaine	<ul style="list-style-type: none"> D'fhreastail Conor Kelleher, Scoil Ghnó, ar Sheachtain Oiliúna Foirne Erasmus ag Ollscoil Angers. Rinne Margaret Mulderrig, an Oifig Idirnáisiúnta, freastal ar Sheachtain Foirne Erasmus de chuid Ghent nuair a seoladh foilsíú Lámhleabhar Soghluaisteachta Foirne Scothchleachtais Erasmus. Rinne Margaret Mulderrig, an Oifig Idirnáisiúnta, freastal ar chomhdháil bhliantuil Chumann Comhordaitheoirí Erasmus na hEorpa in Paphos, sa Chipir. Thug Mary Burton-Quinn, an Oifig Idirnáisiúnta, cuairt ar Ollscoil Europea de Madrid agus bhuaile le baill na hoifige idirnáisiúnta ansin. Thug Pamela Hardesty, CSC CIT, cuairt ar Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Pallas, Tartu, An Eastóin, mar chuid den chomhtheaspántas leanúnach "TOUCH". D'fhreastail Anna Murphy agus Craig Murphy, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha, ar Sheachtain Idirnáisiúnta Foirne Erasmus ag Ollscoil Angers, agus rinne cuairteanna socrúcháin ar mhic léinn CIT in Angers agus Dijon.

Toscaireachtaí Idirnáisiúnta Isteach

Dáta	Sonraí Cuairteora Idirnáisiúnta
Samhain	<ul style="list-style-type: none"> Thug Margareta Ahlstrom, oifigeach caidrimh phoiblí as Institiúid Teicneolaíochta Blekinge, Karlskrona, An tSualainn, cuairt scáthfhoghlama ar Oifig Aonad Margaíochta CIT agus bhuail freisin le Frank O'Donovan, Roinn Meán Cumarsáide, chun clár na céime iriseoireachta de chuid CIT a phlé. Thug Laura Kalam agus Pille Veski, as Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Pallas, An Eastóin, cuairt oiliúna foirne Scáthfhoghlaím) Erasmus ar Oifig Idirnáisiúnta CIT i lár na Samhna. Rinne Franco Manuel Sancho Esper, as Ollscoil Alicante, An Spáinn, malairt teagaisc Erasmus+ sa Scoil Ghnó i ndeireadh Dheireadh Fómhair/tús na Samhna 2018.
Eanáir	<ul style="list-style-type: none"> Toscaireacht Lónra Teicneolaíochta na hAfraice Theas (SATN).
Feabhra	<ul style="list-style-type: none"> Toscaireacht ó INSA (Institut National des Sciences Appliquées), Rennes na Fraince. Bhí Nicolas Robert, Université Grenoble Alpes, IUT Valence na Fraince ina aoiléachtóir sa Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta. Thug an Dr Ingo Stengel, Fachhochschule Karlsruhe na Gearmáine, cuairt ar Roinn Eolaíochta Ríomhaire CIT. Steve Walsh, Comhordaitheoir Idirnáisiúnta, Fachhochschule Kiel.
Márta	<ul style="list-style-type: none"> A Shoilse, Pisanu Suvanajata, Ambasadóir na Téalainne go hÉirinn. Olena Shaloput Uas., Chargé de Affairs, Ambasáid na hÚcráine. Edel Lynch, Oifig Idirnáisiúnta & Muinteoir Teanga, Ollscoil Oileán Reunion. Jelly Offereins, Floor Mullen agus Eline Hofman, Hogeschool Utrecht.
Aibreán	<ul style="list-style-type: none"> Dan Douglas, Lárionad Taighde agus Nualaíochta, Sandra Fieber, Déan Comhlach, Coláiste Fanshawe, Ceanada. Derek Stockley, Déan Scoil na Seirbhísí Sóisialta & Pobail, Coláiste Humber, Ceanada. Holly Catalfamo, Aoiléachtóir Cuairte in HRM as Coláiste Niagara, Ceanada. An tOllamh Reachtaire Mustafa Çufali & Dinçer Biçer, Ollscoil Zonguldak Bulent Ecevit, An Tuirc. An tOllamh Comhlach an Dr Dang Van, Stiúrthóir Brainse Ollscoil Da Nang, an Dr Nguyen Quoc Tuan, Leas-Déan Damh Riarachán Gnó, Nguyen Son Tung Uas., Léachtóir le Riarachán Gnó, Tran Quoc Hung Uas., Ceann na Roinne Gnóthaí Mic Léinn, Ollscoil Eacnamaíochta Da Nang, Vítneam. Mme Eve Legrais, Comhordaitheoir Idirnáisiúnta ag Ollscoil Montpellier, An Fhrainc.
Bealtaine	<ul style="list-style-type: none"> Toscaireacht de Chomhairleoirí Ardscoileanna Sri Lanka agus Barry O'Driscoll, Oideachas in Éirinn, ina dteannta. A Shoilse Louis-José Tournon, Ambasadóir na hEilbhéise go hÉirinn.



Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann



5. Acmhainní Daonna

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 5.1 Tuairascáil ar Acmhainní Daonna
- 5.2 Líon na Foirne
- 5.3 Éachtaí Foirne

5.1 Tuairascáil ar Acmhainní Daonna

Líon na Foirne

Don bhliain acadúil 2018/19, ba é an líon foirne ná 1519 arbh ionann é sin agus 1115.13 Cóibhéisí Lánaimseartha (CLA). Ba é an catagóir foirne ba mhó ná an Fhoireann Acadúil arb ionann í agus 59% den líon iomlán, 59% de CLA.

Baineadh na figiúirí go léir sa roinn seo as Tuairisceán Ráithiúil na hEarnála Poiblí mar a bhí ar 31 Nollaig 2018.

Ar Scor

D'éirigh na baill foirne as seirbhís le linn na bliana:

Julie Aldridge, Léachtóir, Roinn Ealaíon i Sláinte agus Oideachas

Brenda Barrett, Glantóir, Oifig Foirgneamh & Eastát

Mary Beattie, Léachtóir, CSC CIT

Mary Burton Quinn, Oifigeach Cléireachais, Oifig Idirnáisiúnta

Pamela Byrne, Oifigeach Cúnta Foirne, Riarachán

Fiona Creamer, Oifigeach Cúnta Foirne, Scoil Ghnó & Daonnachtaí

Linda Feeney, Oifigeach Cúnta Foirne, CSC CIT

Karl Grabe, Léachtóir, Roinn Eolaíochta Ríomhaire

Gerard Horan, Léachtóir, Roinn Staidéar Muirí

Eileen Patricia Kelleher, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, CSC CIT

Frances McAuliffe, Oifigeach Cúnta Foirne, Roinn Matamaitice

Yvonne McAuliffe, Oifigeach Foirne, Riarachán

Donal O'Donoghue, Freastalaí Ginearálta, Oifig Foirgneamh & Eastát


Ann O'Mahony, Oifigeach Riaracháin, Oifig an Uachtaráin

5.2 Líon na Foirne

Líon Iomlán na mBall Foirne

	CLA	Líon
Buan	927.62	996.00
Sealadach	<u>187.51</u>	<u>523.00</u>
IOMLÁN	1,115.13	1,519.00


Líon Iomlán na mBall Foirne (Coibhéisí Lánaimseartha)



Foireann de réir Catagóire

	CLA	Líon
Bainistíocht	11.2	12
Acadúil	662.48	898
Riarachán & Leabharlann	182.54	202
Teicneoir	92.97	96
Tacaíocht	43.99	57
Seirbhísí Mic Léinn	38.51	161
Taighdeoirí	83.44	93
	1,115.13	1,519.00


Foireann de réir Catagóire (Coibhéisí Lánaimseartha)



Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana (Coibhéisí Lánaimseartha)

	15/16	16/17	17/18	18/19
Bainistíocht	10.00	10.00	11.2	11.2
Acadúil	582.63	609.03	640.27	662.48
Riarachán & Leabharlann	164.33	165.47	168.43	182.54
Teicneoir	86.22	86.87	90.97	92.97
Tacaíocht	46.09	44.00	44.24	43.99
Seirbhísí Mic Léinn	31.46	35.18	38.39	38.51
Taighdeoirí	75.44	72.98	76.77	83.44
Tuairisc	996.17	1023.53	1070.27	1115.13

Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana (Coibhéisí Lánaimseartha)



5.3 Éachtaí Foirne

Cuireadh comhghairdeas in iúl dóibh seo a leanas

- Nathalie O'Brien, Maor Giomnásiam, a d'imir don 100ú huair do Chumann Peile Chathair Chorcaí ar 2 Meán Fómhair 2018.
- Mar chuid dá Shraith Ollúnachta, thug an tOllamh Paul Walsh, Roinn Eolaíochta Ríomhaire, léacht ar "Truth, lies and videotape: Adventures in Machine Learning" ar 5 Deireadh Fómhair 2018.
- Ghnóthaigh Lárionad Teicneolaíochta Déantúsaíochta Cógaisíochta CIT (PMTC) agus Pfizer Partnership Alliance of the Year ag Gradaim Pharma 2018 ar 26 Deireadh Fómhair 2018. Comhoibriú acadúil – tionsclaíoch a bhí ann a raibh mar aidhm aige réiteach ardteicneolaíochta a chur ar fáil chun réiteach a aimsiú ar shaincheist déantúsaíochta comhaimseartha go háirithe i ndéantúsaíocht API Pfizer (i gCorcaigh). Ba iad na himscrúdaitheoirí acadúla ná an Dr Sandra Lenihan agus an Dr Keith Bryan, Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictrí agus Próisis. Ba iad Ken O'Connell, an Dr Liam Tully, agus Bianca Lai na comhpháirtithe tionsclaíochta.
- Mar chuid dá Shraith Ollúnachta, thug an tOllamh Ger Kelly, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleigheis & Déantúsaíochta, léacht ar "50 Shades of Ethical Grey" ar 2 Samhain 2018.
- Fuair an Dr Niamh Shaw, Ealaíontóir Cónaithe ag RCCD CIT, Gradam Fhondúireacht Eolaíochta Éireann as Cion Suntasach a thabhairt do Chumarsáid STEM ar 12 Samhain 2018.
- Mar chuid dá Shraith Ollúnachta, thug an tOllamh John Barrett, Lárionad NIMBUS, léacht ar "Has Technology become the Primary Driver of Human Evolution?" ar 7 Nollaig 2018.
- Chuir an Dr Niall Smith, Ceann Taighde ag CIT agus Ceann RCCD, uasdátuithe I láthair ar bhainteacht na hÉireann leis an tionscal domhanda spáis, atá ag forbairt go tapa, ag faisnéisiú de chuid Pharlaimint na hEorpa ar 13 Nollaig 2018.
- Ghnóthaigh Tionscadal na Foirne Taighde SPRAOI, Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige, an Gradam Idirnáisiúnta is Fearr do Chomhoibriú Tionscadal Taighde ag Gradaim Oideachasúla 2019 ar 21 Feabhra 2019 i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Teicneolaíochta, Auckland na Nua-Shéalainne, as tionscadal gníomhaíochta fisicí, cothaithe sláintiúil agus cur chun cinn foriomlán sláinte scoilbhunaithe a fhorbairt agus a leathnú.
- Ghnóthaigh an Fhoireann Tionscadal BeST, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha agus Oifig Rannpháirtíochta Mic Léinn, Lárionad Foghlama Acadúla, agus Seirbhís Comhairleoireachta CIT an Gradam don Eispéaras Mic Léinn is Fearr ag na Gradaim Oideachasúla 2019 ar 21 Feabhra 2019 as an tacaíocht a thug siad do mhic léinn aistrithe isteach ina mbliain dheiridh dá gcuid staidéar fochéime Leibhéal 8 ar an BSc (Onór) sa chlár Eolaíocht Cothaithe & Sláinte.
- Chuaigh Roinn na Matamaitice i gcomhpháirt le Kerry Group ag an International Production and Processing Expo (IPPE), Atlanta, GA, SAM, i bhFeabhra 2019. D'éascair an comhoibriú le Kerry Group as Ceardlanna CPD a d'éascaigh an Dr Seán Lacey, Roinn Matamaitice, agus a thug Lárionad Teicneolaíochta & Nuálaíochta Kerry Group i Nas, Co. Cill Dara.
- Chuir Pamela Hardesty, Léachtóir i dTeicstílí ag CDEC CIT, tús le tionscadal malartaithe agus sheol Taispeántas TOUCH ar 9 Márta 2019. Forbraíodh é sin i gcomhar le comhghleacaithe Erasmus Aet Ollisaar, Ceann Teicstílí, Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Pallas, Tartu, An Eastóin, agus Eglé Ganda Bogdaniené, Comh-Reachtair Staidéir ag Acadamh Ealaíon, Vilnius, An Liotuáin.
- Choimeád Róisín Maher, Léachtóir i gCeoltóireacht agus Staidéar Acadúil CSC CIT, an dara heagrán ag Féile 'Finding a Voice' i gCluain Meala ar 12 Márta 2019, arna chur i láthair ag Lárionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas, agus arna mhaoiniú ag Comhairle Ealaíon na hÉireann.
- Scríobh agus léirigh an tOllamh Jim O'Mahony, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha, "The Artistry of Frank Sinatra" ag Amharclann Rory Gallagher ar 11 Aibreán 2019. Thug an Oifig Ealaíon in CIT tacaíocht don seó, mar chuid d'Fhéile Foghlaim ar Feadh an tSaoil Chorcaí.
- Bhí an Tionscadal Cool Route, arna threorú ag Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta CIT mar chuid d'Athbhreithniú nuafhoilsithe an Chláir um Fhorimeall Thuaidh agus Artach an AE ar 12 Aibreán 2019.
- D'óstaigh Cumann Gailf na Foirne CIT agus ghnóthaigh Craobhchomórtais Gailf Idir-Ollscoileanna ag Cumann Gailf Chorcaí ar 18 Aibreán 2019. San áireamh san fhoireann bhí:

- John Cogan (ar scor), iar-Rannóg Airgeadais
 - Gene Hannigan (ar scor, iar-Oifig Eastát)
 - John Twohig (ar scor), iar-Lárionad Staidéar Ceardaíochta
 - Donal Burke (ar scor), iar-CNMÉ
 - Colin Donoghue, Roinn Forgníochta
 - Donogh Coleman, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
 - Stephen Cassidy, An Oifig um Fheabhsú Cáilíochta Acadúla
 - Pádraic O'Connor, Rannóg Airgeadais
 - Bernie Harrington, Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictirí & Próisis (Tiomáint Fhada na mBan)
 - Mike McGrath, Lárionad CAMMS (Tiomáint Fhada na bhFear).
- Fuair Foireann Róbataice VEX, arna threorú ag an Dr Sharon Lawton, maoiniú de €300k maidir le Róbataic VEX a fhorbairt ar scála náisiúnta.
 - Ghnóthaigh CIT an gradam don Champas Is Fearr mar chuid den Dúshlán Coischéime Marchathon 2019 ar 2 Bealtaine 2019. Ghnóthaigh Miriam Deasy, Oifigeach Spóirt, an Ball Foirne Is Fearr agus bronnadh an Captaen Foirne Is Fearr ar Bernie Lehane, Intéirneach Céimí na Seirbhíse Rochtana.
 - Bhí Tim Horgan, Ceann na Scoile Eolaíochta & Faisnéisíochta, ar dhuine de na cainteoirí ag an it@cork Tech Summit a reáchtáladh i Halla na Cathrach ar 9 Bealtaine 2019.
 - D'éirigh le Foireann Taighde Halpin i gCNMÉ teastasú ISO9001:2015 a fháil ar a gcéad iarracht. Bhí an fhoireann faoi cheannas Eileen Crowley, Bainisteoir Taighde & Nuálaíochta CNMÉ, agus ag tacú léi bhí Ger Lowney, Bainisteoir Airgeadais & Comhlíonta CNMÉ.
 - Bronnadh Gradam don tSármhaitheas in Oideachas Innealtóireachta Struchtúrtha 2019, de chuid Institiúid na nInnealtóirí Struchtúrtha, ar Ted McKenna, Taighdeoir agus Léachtóir sa Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil ar 12 Meitheamh 2019.
 - Thug an Dr Niall Smith, Ceann Taighde, caint ar an tionchar a imreoidh an teicneolaíocht satailíte LEO ar nascacht idirlín in Éirinn agus ar fud an domhain ag Institiúid Bainistíochta na hÉireann, Cé Lapp, ar 24 Meitheamh 2019.
 - Fuair Foireann na mBan CIT 1ú Duais i Rás Bóthair 5k VMware ar 26 Meitheamh 2019.
 - Bronnadh Scoláireacht Fulbright ar an Dr Michael D. Murphy, Príomh-Imscrúdaitheoir sa Ghrúpa Taighde MeSSO agus Léachtóir i Roinn na hinnealtóireachta Próisis, Fuinnimh agus Iompair, chuig Ollscoil Colorado, Boulder agus saotharlann Fuinnimh In-athnuachana Náisiúnta SAM ar 27 Meitheamh 2019.
 - Bronnadh Gradam Spóirt 'Southside & District' ar an Dr Ken Bruton, Léachtóir sa Roinn Innealtóireachta, Meicniúla, & Déantúsaíochta Bithleighis, ar 4 Iúil 2019 mar aitheantas as Club Sinsearach Avondale United a threorú chun buachtála i gCorn Idirmheánach an FAI.
 - Seoladh tuarascáil dar teideal 'EPA Research Report 282: Reducing Food Waste in Ireland' a scríobh an Dr Colum Gibson agus an Dr Sarah Broderick ón Lárionad Glanteicneolaíochta ag Fóram na Gníomhaireachta Cosanta Comhshaoil ar Dhiomailt Bia 2019 ar 10 Iúil.
 - Ainmníodh Foireann Taighde Lárionad NIMBUS le haghaidh na Duaise Nuálaíochta Radair faoin gcatagóir Tech for Society ar 5 Lúnasa 2019.
 - Reáchtáladh Spóirt BAM Chathair Chorcaí 2019 i Staidiam CIT ar 14 Lúnasa 2019 agus craoladh beo TG4 aige. Bhuaigh CIT an Rás Sealaíochta 4x400 Idirghnólachta 201. Ar an bhfoireann bhí Zach Harrington (Innealtóireacht Struchtúrtha 4 agus Príomhchóitseálaí an Chumann Treodóireachta), Andrea Bickerdike (Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige), Craig Harrington (Oifigeach Forbartha Lúthchleasaíochta CIT), agus Fintan O'Leary (Riarthóir Spóirt & Cumann).

Ar na Baill Foirne ar bronnadh céim orthu bhí:

- Denise Crowley, MA i dTionlacan Pianó
- Áine Delaney, MA i gCumadóireacht/ Cóiriú
- An tOllamh Aidan Coffey, MA i Seinm (Ceol Traidisiúnta)
- An Dr Paul O'Sullivan, Dochtúir le Fealsúnacht
- Katie Power, MA i dTeagasc agus Foghlaim in Ardoideachas (MATLHE)
- Sarah Culhane, Dioplóima i nDlí Oideachais
- Alan Walsh Baitsiléir Eolaíochta i dTacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise

Ceapacháin Nua

Deimhníodh na baill foirne seo a leanas le haghaidh ceapacháin le linn na bliana acadúla 2018/19.

- Therese Ahern, Leabharlannaí Cúnta, An Leabharlann
- Siobhán Bereen, Léachtóir Cúnta, Roinn Ealaíon i Sláinte & Oideachas
- Andrea Bickerdike, Léachtóir Cúnta, Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige
- Maria Bowens, Léachtóir Cúnta, Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach
- Siobhán Bradley, Bainisteoir Fóram Scileanna Réigiúnacha, Campas Leathnaithe
- Susan Brennan, Ailtire Sinsearach, Oifig Foirgneamh & Eastát
- Paul Butler, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
- Aoife Cahill, Teicneoir, CSC CIT
- Seán Carroll, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
- Gráinne Conneely, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha
- Colm Craig, Coimeádaí Páirce, Seirbhísí Mic Léinn
- Úna Cremin, Oifigeach Teicniúil, Seirbhísí T.C
- Eamon Culligan, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- Darren Dawson, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
- Rosarie Dineen, Cúntóir Sinsearach Leabharlainne, An Leabharlann
- Geraldine Doyle, Léachtóir Cúnta, Roinn Bainistíochta & Fiontraíochta
- Alan Dunton, Teicneoir Spóirt, Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige
- Geraldine Faherty, Oifigeach Riaracháin, Oifig an Uachtaráin
- Michael Falahee, Léachtóir Cúnta, Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta
- Irene Fenton, Oifigeach Sinsearach Teicniúil, Seirbhísí T.C.
- Michael Ferriter, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
- Darren Fitzgerald, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
- Riona Flood, Léachtóir Cúnta, Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta
- Suzanne Floyd, Léachtóir, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- Cathriona Foley, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- Prasad Gade, Oifigeach Sinsearach Foirne, Seirbhísí T.C.
- Mubashir Husain Rehmani, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochta Ríomhaire
- Roland Katona, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochta Ríomhaire
- Brendan Kelleher, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
- Breda Kenny, Ceann Scoile, Scoil Ghnó
- Linda Kerr, Teicneoir, Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta
- Daniel Manning, Léachtóir, Roinn Staidéar Muirí
- Stephen McAuliffe, Oifigeach Foirne, Seirbhísí T.C.
- Helen McGuirk, Léachtóir Sinsearach SI1(T), Scoil Ghnó
- Catherine Molyneaux, Léachtóir, Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige
- Claire Moran, Léachtóir Cúnta, Roinn Cuntasáíochta & Córas Faisnéise
- Jennifer Morgan Spykerman, Cúntóir Leabharlainne, CSC CIT
- Aoife Moylan, Oifigeach Cléireachais, CSC CIT
- Teresa Murphy, OTM – Ceannaire Tionscadail, Forbairt Straitéiseach
- Trudie Murray, Léachtóir Cúnta, Roinn Bainistíochta & Fiontraíochta
- Steven Nolan, Speisialtóir Bunachar Sonraí –Anailísíocht, Seirbhísí T.C.
- Adrian O'Connell, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
- Adrian O'Neill, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
- Caroline O'Reilly, Ceann Roinne SI2, Roinn Bainistíochta & Fiontraíochta
- Colm G O'Rourke, Cúntóir Sinsearach Leabharlainne, An Leabharlann
- Jane O'Sullivan, Léachtóir Cúnta, Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige
- Mary Rose O'Sullivan, Oifigeach Foirne, Seirbhísí Mic Léinn
- Claire O'Sullivan Rochford, Ceann Roinne SI2, Roinn Cuntasáíochta & Córas Faisnéise

- Barry Quealy, Teicneoir, CCSC CIT
- Sinéad Rodgers, Oifigeach Sinsearach Foirne, Oifig an Uachtaráin
- Christine Russell, Léachtóir Cúnta, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
- Thomas Sheehy, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
- Colm Smyth, Léachtóir Cúnta Pro Rata, Roinn Margaíochta & Gnó Idirnaisiúnta
- Efce Van Heerden, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair
- Caroline Vaughan, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha



Ceolscoil Chorcaí CIT



Testbed Zero2020, Campas Bhaile an Easpaig CIT

6. Tuarascáil Airgeadais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 6.1 Tuarascáil Airgeadais 2018/19
- 6.2 Cuntais Iniúchta 2018/19

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2018/19

Cuimsíonn an tuarascáil airgeadais seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2018 go 31 Lúnasa 2019. Léiríonn na torthaí barrachas comhdhlúite oibriúcháin de €4.75m (2018: €7.7m).

Ioncam

Tháinig méadú imeallach ar ioncam de 1.2% ó €137.6m go €139.2m. Tháinig méadú ar Tháillí Teagaisc agus Deontais Stáit de €0.68m go €37.5m agus €49.1m faoi seach. Tháinig méadú ar Dheontais Taighde & Conarthaí de díreach níos mó ná 14% (€1.98m). Ach tháinig laghdú ar ioncam i dtaca le Costais Iarchurtha Pinsin de €1.4m (5.8%) ó €24.6m go €23.2m. Bhí an méadú ar mhic léinn lánaimseartha cóibhéiseacha gan athrú go coibhneasta, agus méadú de 24 orthu ó 9,802 go 9,826 sa tréimhse.

Caiteachas

Tháinig méadú ar chaiteachas comhdhlúite reatha na hInstitiúide de 3.6% ó €129.9m go €134.5m. Gan costais sochar scoir de €23.3m a chur san áireamh, ba é an caiteachas eile €111m, agus é sna catagóirí seo a leanas: Costais foirne €77.7m (70%); Costais oibriúcháin eile €27.5m (25%), agus Dímhéas €6.1m (5%).

Tháinig méadú ar bhille tuarastail na hInstitiúide de €3.4m (4.5%), rud a léiríonn méadú ar sholáthar foirne i measc tosca eile. Tháinig méadú ar mheánlíon na foirne cóibhéisí ó 1,134 in 2018 go 1,186 in 2019. Tháinig méadú ar chostais oibriúcháin eile de €2.6m (10.3%).

Gan costais sochar scoir a chur san áireamh, is é an phróifíl chaiteachais ná: Costais ranna acadúla agus gníomhaíocht taighde €78m (70%), costais áitribh €8.3m (7.5%), agus costais riaracháin agus seirbhísí tacaíochta €17.8m (18%) agus costas ar sheirbhísí mic léinn de €7.2m (6.5%).

Taighde & Forbairt

Tháinig méadú suntasach ar ioncam ó Dheontais Taighde & Conarthaí ó €14.1m go €16.1m. Is ceart fáilte a chur roimh an méadú seo de bhrí go bhfuil an chuid is mó den chistiú T&F bunaithe ar rath i gcláir iomaíochta cistithe Stáit agus AE a bhíonn timthriallach ó nádúr.

Cúlchistí

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019, ba iad Cúlchistí na hInstitiúide (gan Deontais Chaipitil Iarchurtha san áireamh) ná €22.3m (2018: €17.6m), a bhfuil €13.5m díobh (2018: €12.6) ina gcúlchistí atá srianta go príomha le haghaidh tionscadal caipitil.

6.2 Cuntais Iniúchta 2018/19

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Ráiteas ar Rialachas Corparáideach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam Cuimsitheach

Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe sna Chúlchistí agus sa Chuntas Caipitil

Ráiteas Institiúide amháin maidir le hAthruithe sna Chúlchistí agus sa Chuntas Caipitil

Ráiteas Comhdhlúite agus Institiúide maidir leis an Staid Airgeadais

Ráiteas Comhdhlúite maidir le Shreafaí Airgid

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

6.2.1 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchóireachta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:

- Polasaithe cuntasáochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach.
- Aon athrú tábhachtach ar chaighdeáin chuntasáochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasáochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas.
Cathaoirleach
2 Samhain 2020



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
2 Samhain 2020

6.2.2 Ráiteas ar Rialachas Corparáideach

An Bord Rialaithe

Feidhmíonn Bord Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí de réir Chreat Rialachais a chuimsíonn na hAchtanna Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006, Cód THEA agus reachtaíocht eile atá infheidhme. Comhlíonann an Bord Rialaithe príomhfheidhmeanna ar a n-áirítear cur i bhfeidhm phlean straitéiseach na hInstitiúide a fhaomhadh agus a athbhreithniú, polasaí bainistithe riosca, clár agus buiséid oibriúcháin bhliantúla, ráitis bhliantúla airgeadais, comhshocrú feidhmíochta, agus déanann maoirseacht ar chinntí móra caiteachas caipitil agus infheistíochta. Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord Rialaithe freisin as an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm san Institiúid. Tá sceideal foirmiúil ábhar ag an mBord Rialaithe atá forchoimeáda go sonrach dá chinneadh ar a n-áirítear feidhmeanna reachtúla agus ábhair atá díortha ón gcód rialachais. Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) bunaithe ag an mBord Rialaithe mar fhochoiste den Bhord Rialaithe chun tacú leo ina gcuid freagrachtaí as saincheisteanna bainistithe riosca, rialaithe inmheánaigh agus ábhair eile rialachais.

Comhdhéanamh an Bhord Rialaithe

Cuimsíonn an Bord Rialaithe Cathaoirleach, an tUachtarán (ball ex-officio) agus 17 ngnáthbhall. Bhí 10 gcrúinní den Bhord Rialaithe ar siúl a raibh dhá chruinniú speisialta san áireamh iontu le linn na bliana dar críoch 31 Lúnasa 2019. Tugtar ballraíocht an Bhord Rialaithe don tréimhse atá faoi athbhreithniú sa liosta thíos.

Ball Bord Rialaithe

Bob Savage Uas.
An Dr Barry O'Connor
Mary Cooney Uas.
Cilian Ó Súilleabháin Uas.
Eoin Deane Uas.
Aaron Buckley Uas.
Aisling O'Mahony Uas.
Maura Fitzgibbon Uas.
An Comh. Mary Hegarty
An Comh. Michael Hegarty
Denis Leamy Uas.
An Comh. Patrick Gerard Murphy
Declan O'Leary
Ann Piggott Uas.
Bernard Allen Uas.
John Higgins Uas.
An Capt Dave Hopkins
Katherine Walshe Uas.
Emelie Fitzgibbon Uas.

Ról

Cathaoirleach
Uachtarán (Ball Ex-Officio)
Ionadaí Foirne Acadúla
Ionadaí Foirne Acadúla
Ionadaí na Foirne Gairmiúla, Bainistíochta & Tacaíochta
Ionadaí Mic Léinn
Ionadaí Mic Léinn
Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí
Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí
Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí
Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí
Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí
Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí
Ainmní de chuid Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann
Ainmní de chuid Spórt na hÉireann
Ainmní de chuid Cumann Tráchtála Chorcaí
Ainmní de chuid Chumann Loingseoireachta na hÉireann
Ainmní de chuid Innealtóirí Éireann
Ainmní de chuid Chomhairle na nEalaíon

Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhord Rialaithe

Rinne an Institiúid an IPA a choimisiúnú d'fhonn cuidiú leis an mBord Rialaithe athbhreithniú féinmheasúnaithe a dhéanamh le linn na bliana 2016-2017. Táthar ag súil go ndéanfar an chéad athbhreithniú seachtrach eile le linn na bliana 2021-2022. Rinneadh féinmheasúnú inmheánach le linn na bliana 2018-2019.

Comhdhéanamh an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Cuimsíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca 5 bhall neamhfheidhmiúcháin den Bhord Rialaithe agus 4 bhall neamhspleácha sheachtracha. Bhí sé chruinniú den choiste seo ar siúl le linn na bliana dar críoch 31 Lúnasa 2019. Tugtar ballraíocht an choiste don tréimhse atá faoi athbhreithniú sa liosta thíos.

Ainm

Bernard Allen Uas.
Declan O'Leary Uas.
Maura Fitzgibbon Uas.
Cilian Ó Súilleabháin Uas.

Ról

Cathaoirleach (Ball den Bhord Rialaithe)
Ball Seachtrach
Ball Seachtrach
Ionadaí Foirne Acadúla

Nochtaí a éalaíonn Cód Rialachais THEA sa Tuarascáil Bhliantúil

Éalaíonn Cód Rialachais THEA nochtaí breise rialachais sonraithe sa Tuarascáil Bhliantúil. Cuimsíonn na nochtaí breise iad seo a leanas:

- Freagracht, príomhdhualgais agus feidhmeanna forchoimeádta an Bhord Rialaithe;
- Ráiteas an Bhord Rialaithe maidir le comhlíonadh Chód Rialachais THEA;
- Athbhreithniú agus measúnú an Bhord Rialaithe ar fheidhmíocht na hInstitiúide i gcomórtas leis an bPlean Straitéiseach agus an Buiséad Oibriúcháin Bliantúil;
- Athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar chomhlíonadh maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí;
- Sceideal cruinnithe agus tinrimh an Bhord Rialaithe 2018/19;
- Liosta costas an Bhord Rialaithe 2018/19.
- Deimhniú faofa agus maoirseachta an Bhord Rialaithe ar Pholasaí Bainistithe Riosca na hInstitiúide, ar a n-áirítear athbhreithniú ar phríomhrioscaí na hInstitiúide agus na maolaithe gaolmhara;
- Ráiteas an Bhord Rialaithe maidir le ballraíocht, ról, agus éifeachtacht an Choiste Iniúcháireachta & Riosca.

Tá na nochtaí thuas sa Ráiteas Bliantúil Rialachais nó sa Tuarascáil Bhliantúil. Foilseofar Tuarascáil Bhliantúil 2018/19 agus beidh sí ar fáil ar láithreán gréasáin CIT.

6.2.3 Ráiteas ar Rialú Inmheánach

1. Freagracht as an gCóras ar Rialú Inmheánach

Admhaíonn an Bord Rialaithe a bhfreagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais agus go gcuirtear próisis agus gnáthaimh ar bun chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach.

2. Rátháíocht Réasúnta

Ní féidir leis an gcóras ach rátháíocht réasúnta agus ní glanrátháíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

3. Athbhreithniú ar an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh (an Bord Rialaithe agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca)

Dearbhaímid go ndéanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Bord Rialaithe athbhreithniú ar an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh d'fhonn a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse.

4. Na Príomhghnáthaimh Rialaithe

(i) Timpeallacht Chuí Rialaithe:

Tá cúram déanta ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir.
- Gnáthaimh agus rialuithe a fhorbairt a dhéantar a athbhreithniú go rialta, atá doiciméadaithe, curtha i bhfeidhm agus cothrom le dáta.
- Gnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta agus iad a chosaint (Coiste Iniúcháireachta/Coiste Airgeadais/Coiste Forbartha Straitéisí).
- Cáipéis Treoirilínte Dea-Chleachtais a ghlacadh a chuimsíonn téarmaí soiléire tagartha le haghaidh Choistí an Bhord Rialaithe.
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

(ii) Rioscaí Gnó:

Tá próisis forbartha ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú. Déantar é sin ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear:

- Samhail Ghníomhaíochtaí Riachtanacha & Próisis a fhorbairt chun cuidiú leis an mbainistíocht agus leis an mBord Rialaithe na príomhghníomhaíochtaí agus na próisis atá ann a shainaithint chun a gcuid oibríochtaí a bhainistiú go héifeachtach.
- Polasaí Bainistithe Riosca a ghlacadh.
- Príomhrioscaí, úinéirí riosca agus na rialuithe chun na rioscaí sin a mhaolú a shainaithint.
- Spriocanna bliantúla agus fadtéarmacha a fhorbairt agus tuairiscí ar na torthaí atá bainte amach.
- Cur i bhfeidhm Crea Rialaithe Inmheánaigh.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord Rialaithe a athbhreithniú agus a chomhaontú.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe agus a chuid coistí ar na tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a chuireann in iúl an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas.
- Treoirilínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sonraithe go soiléir.

(iii) Córais Faisnéise:

Tá roinnt Córais Bainistíochta Faisnéise curtha i bhfeidhm ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí d'fhonn bealach a chur ar fáil chun torthaí iarbhír a chur i gcomparáid le spriocanna agus réamhaisnéisí. Cuimsíonn na córais sin:

- Bainistíocht Airgeadais – Agresso
- Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Párolla – CoreHR
- Costais Taistil – CoreHR
- Riarachán Mic Léinn – Banner
- Cionroinnt Acmhainne – Akari
- Socrú Amchláir – Syllabus

(iv) Impleachtaí Airgeadais a Bhaineann le Mór-rioscaí Gnó:

Baineann Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí úsáid as raon gníomhaíochtaí chun acmhainneacht gníomhaíochta chialloisi a laghdú. Cuimsíonn creat polasaí rialaithe inmheánaigh polasaithe scríofa agus gnáthaimh a éilíonn go mbeadh idirbheartanna údaraithe i gceart agus a sholáthraíonn d'idirdheighilteanna dóthanacha dualgas.

(v) Monatóireacht ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh:

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ag brath ar obair Fheidhmeannas agus Bhainistíocht na hInstitiúide a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe inmheánaigh, ar an gCoiste Riosca agus Iniúchóireachta, ar an Iniúchóir Inmheánach, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí atá foinisithe allamuigh, atá de réir Téarmaí Tagartha Iniúchóireachta Inmheánaí agus atá faofa ag an mBord Rialaithe agus ag an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

5. Athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh

Faomhann an Coiste Iniúchóireachta Plean Iniúchóireachta Inmheánaí go bliantúil. Cuireann an plean san áireamh réimsí riosca féideartha a sainaithníodh i gcleachtadh measúnaithe riosca a rinneadh leis an mbainistíocht i dtús an timthrialla pleanála reatha. Cuirtear tuairiscí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar na tascanna a rinneadh. Déanann na tuairiscí sin easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh a aibhsiú agus na bearta ceartaitheacha a mholtar le déanamh áit is gá. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairiscí rialta ar stádas na saincheisteanna a ardaítear.

Deimhnímid go ndearna an Coiste Iniúchóireachta, de réir Alt 5.2.1. de théarma tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, mar atá faofa ag an mBord Rialaithe, athbhreithniú ar na tuairiscí ar na Rialuithe Inmheánacha agus ar na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019 ag a gcuinnithe ar 10 Deireadh Fómhair 2019 agus gur thug siad tuairisc don Bhord Rialaithe ar 7 Samhain 2019.

6. Nochtadh sonraí maidir le cailleanais ábhartha nó calaoisí ar bith

I Meán Fómhair 2019, sainaithníodh mírialtachtaí i lóisteálacha airgid maidir le fochuideachta. Rinneadh cuideachta sheachtrach a choimisiúnú chun athbhreithniú fóiréinseach a dhéanamh agus baineadh de tháta as nár lóisteáladh airgead a fuarthas ar líon suntasach ócáidí.

7. Laigí i rialú inmheánach. Nochtadh sonraí maidir le hócáidí nuair a tharla sárúithe i rialú

Thug an t-athbhreithniú faoi deara go raibh rialuithe breise airgid curtha i bhfeidhm ó aimsíodh na mírialtachtaí den chéad uair agus thug seacht moladh le haghaidh rialuithe feabhsaithe chun an dóchúlach go dtarlódh tuilleadh callaoise a laghdú. Tá gach ceann de na seacht moladh atá cuimsithe i dtuarascáil PWC curtha i bhfeidhm anois.

8. Cur síos ar an ngníomhaíocht a rinneadh chun na laigí a cheartú

- Tuairiscíodh an t-ábhar don Gharda Síochána.
- Tá gníomh déanta ag an gcuideachta chun aghaidh a thabhairt go himmheánach ar dhuine ar bith a bhí bainteach.
- Cuirfear bearta i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh an t-airgead a aisghabháil.

9. Cód Rialachais


Ar 4 Iúil 2019, d'fhaomh Bord Rialaithe na hInstitiúide go foirmiúil Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann 2019 - mar atá leasaithe, chun an Cód Cleachtas le haghaidh Rialachas Chuideachtaí Stáit 2016 a léiriú. Cuireadh litir chuig Uachtarán an ÚAO ar 20 Samhain 2019 ag dearbhú go raibh an Cód nua glactha ag Bord Rialaithe na hInstitiúide. Rianaíonn an cód sainriachtanais nocht airgeadais atá léirithe sna ráitis airgeadais céis moite de na riachtanais tuairiscithe a bhaineann le luach saothair, a bhfuil sonraí iomlána fúthu nocht i Nóta 9 do na cuntais.

10. Procurement

Gnáthaimh Soláthair: Tá gnáthaimh soláthair na hInstitiúide ag teacht leis na treoirlínte náisiúnta le haghaidh soláthair phoiblí agus le riachtanais na hOifige um Sholáthar Rialtais, na Seirbhíse um Sholáthar Oideachais ("EPS") agus na dTreoirlínte maidir le Luach ar Airgead a Bhaint Amach I gCaiteachas Poiblí, mar atá leagtha amach ag an Aire Airgeadais ar 20 Deireadh Fómhair 2005.

Neamhchomhlíonadh Soláthair: Le linn na bliana dar críoch 31 Lúnasa 2019, níor chomhlíon €381k, a bhain le 11 soláthróir, reachtaíocht reatha soláthair i dtaca le riachtanais tairisceana do sholáthar poiblí. Shainaithin CIT dhá cheann díobh agus cuireadh in iúl iad do Choiste Airgeadais an Bhord Rialaithe. Shainaithin C&AG na 9 gcinn eile le linn na hiniúchóireachta. Leanann an Institiúid de bheith ag iarraidh comhlíonadh iomlán leis na treoirlínte ábhartha a bhaint amach.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas.
Cathaoirleach
2 Samhain 2020



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
2 Samhain 2020

6.2.4 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019 iniúchta agam de réir fhorálacha na nAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcúlchistí agus cuntas caipitil
- an ráiteas Institiúide amháin ar athruithe i gcúlchistí agus cuntas caipitil
- an ráiteas comhdhlúite agus Institiúide ar an riocht airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, ar a n-áirítear achoimre ar athruithe suntasacha cuntasáíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus riocht airgeadais an Ghrúpa agus na hInstitiúide mar a bhí ar 31 Lúnasa 2019 agus ar ioncam agus ar caiteachas an Ghrúpa agus na hInstitiúide don bhliain dar críoch sin de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús leis an Tuairim

Rinne mé mo iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) mar atá fógraíte ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Institiúid agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a chur ar fáil do mo thuairim.

Tuairisc ar an fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an Institiúid faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin ráiteas maidir le freagrachtaí na hInstitiúide, ráiteas maidir le rialachas corparáideach agus ráiteas ar rialú inmheánach.

Tá cur síos arna freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt i dtaca le faisnéis dá leithéid, agus ar ábhair áirithe eile a dtuairiscím trí eisceacht, san aguisín don tuairisc seo.

Níl aon cheo le tuairisc agam maidir leis na cúrsaí sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
5 Samhain 2020

Aguisín le Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí bhaill an Bhord Rialaithe

Tá freagracht ar na baill maidir le

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá leagtha síos faoi na hAchtanna Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais sin léargas cruinn agus cóir de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil sé iomchuí bunús cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- an bhfuil a leithéid de rialú inmheánach a chinntíonn siad a bheith riachtanach le haghaidh ullmhú na ráiteas airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé an i ngeall ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir na nAchtanna Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 agus tuairisc orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, is é an aidhm a bhíonn agam ráthaíocht réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha i ngeall ar chalaos nó earráid. Is ardleibhéal ráthaíochta í ráthaíocht réasúnta, ach ní ráthaíocht í go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAanna i gcónaí an míshonrú nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt as calaos nó earráid ach ní mheastar iad a bheith ábhartha ach amháin, ina n-aonar nó go comhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil go n-imreoidís tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí agus iad bunaithe ar na ráitis airgeadais sin.

Mar chuid den iniúchadh de réir na nISAanna, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh na hiniúcháireachta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Sainnaim agus measúaim na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cibé acu i ngeall ar chalaos nó earráid; dearaim agus déanaim gnáthaimh iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus aimsím fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a chur ar fáil le haghaidh mo thuairime. Is airde an baol nach mbraithfear míshonrú ábhartha i ngeall ar chalaos ná i ngeall ar earráid, de bhrí go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sáráitheacht ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Aimsím tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann go hábhartha leis an iniúchadh d'fhonn gnáthaimh iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní ar mhaithe le tuairisc a nochtadh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán agus na nochtáí gaolmhara.
- Conclúidím ar oiriúnacht bhonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta atá aimsithe, cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras a tharraingt ar chumas na hInstitiúide chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má mheasaim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a dhíriú i mo thuairisc ar na nochtáí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil nochtáí dá leithéid leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta atá faighte suas go dtí dáta mo thuairisce. Ach d'fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí sa todhchaí a bheith ina gcúis le nach leanfadh an Institiúid ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair foriomlán, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, ar a n-áirítear na nochtáí, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbheartanna bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd a bhfuil an rialachas mar chúram orthu maidir le, i measc ábhar eile, raon beartaithe agus tráthúlacht na hiniúcháireachta agus na gcinntí suntasacha iniúcháireachta, ar a n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith i rialú inmheánach a shainnaim le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní luaim cineál conclúide ráthaíochta ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na hISAanna an fhaisnéis eile a chuirtear ar fáil a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cibé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fhaightear le linn na hiniúcháireachta, nó má tá an chuma air ar aon slí eile a bheith míshonraithe go hábhartha. Má

chonclúidím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míshonrú ábhartha na faisnéise eile sin ann, tá orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh maidir leis na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann cistiú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus a n-oibríocht. Tuairiscím má tá ábhair ábhartha a bhaineann leis an gcaoi inar láimhseáladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn na hiniúcháireachta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nach raibh idirbheartanna de réir na n-údarás a rialaíonn iad. Tuairiscím trí eisceacht freisin, de réir mo thuairime,

- mura bhfuair an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach chun ligean do na ráitis airgeadais a bheith iniúchta go héasca agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis an taifid chuntasaíochta.

6.2.5 Ráiteas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

	Nóta	Comhdhlúite 31/08/19 €000's	Institiúid 31/08/19 €000's	Comhdhlúite 31/08/18 €000's Athluaite	Institiúid 31/08/18 €000's Athluaite
Ioncam					
Deontas Stáit	3	49,139	49,139	48,462	48,462
Táillí Teagaisc & Cion Tairbhe Mic Léinn	4	37,457	37,457	36,775	36,775
Deontais agus Conarthaí Taighde	5	16,091	15,133	14,116	13,218
Maoiniú Tacaíochta Mic Léinn	7	652	652	639	639
Ioncam Eile	8	6,770	4,096	7,205	4,437
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	19	5,870	5,844	5,745	5,719
Ioncam ó Ús		21	15	24	17
Costais Iarchurtha Pinsin	28	23,228	23,228	24,652	24,652
Ioncam Iomlán		139,228	135,564	137,618	133,919
Caiteachas					
Costais Foirne	9	77,711	75,712	74,358	72,455
Costais Sochair Scoir	28	23,228	23,228	24,652	24,652
Costais Oibriúcháin Eile	10	27,503	26,099	24,929	23,368
Dímheas	13	6,092	5,940	5,979	5,786
Caiteachas Iomlán		134,534	130,979	129,918	126,261
Barrachas roimh ghnóthachain/(cailteanais) eile agus sciar den bharrachas/(easnamh) i gcomhfhiontair & comhpháirtithe					
		4,694	4,585	7,700	7,658
Sciar den Bharrachas Oibriúcháin i gcomhfhiontar	5	60	60	30	30
Barrachas roimh Cháin		4,754	4,645	7,730	7,688
Cánachas		(8)	-	(2)	-
Barrachas roimh ghnóthachain agus cailteanas eile		4,746	4,645	7,728	7,688
Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		4,211	4,211	5,211	5,211
Laghdú ar dhilteanais pinsin ag eascairt as daoine ag dul ar scoir sa bhliain		14,557	14,557	12,511	12,511
Athruithe ar thoimhdí atá mar bhun leis an luach ar oibleagáidí sochair scoir faoi láthair		(54,775)	(54,775)	(658)	(658)
Gnóthachain/(cailteanais) iomlána achtúireacha don bhliain		(36,007)	(36,007)	17,064	17,064
Coigeartú ar chistiú sochar scoir iarchurtha		36,007	36,007	(17,064)	(17,064)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	12	4,746	4,645	7,728	7,688

Baineann na míreanna ioncaim go léir le gníomhaíochtaí leantacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na Nótaí 1 – 29.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas.
Cathaoirleach
2 Samhain 2020



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
2 Samhain 2020

6.2.6 Ráiteas Institiúide amháin maidir le hAthruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

Comhdhlúite


	Nóta 19		Nóta 20		Cúlchiste Caipitil Student Services Co Ltd €000's	Cúlchistí Ioncaim €000's	Iomlán €000's
	Deontais Chaipitil Iarchurtha €000's	Cúlchiste Caipitil Forbartha €000's	Cúlchiste Srianta €000's				
Iarmhéid Tosaigh ar 1 Meán Fómhair 2017	98,233	7,233	9		321	2,331	108,127
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	-	-	7,728	7,728
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	(5,709)	-	-	-	-	-	(5,709)
Suim scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(36)	-	-	-	-	-	(36)
Deontais Taighde & Conartha cionroinnte do Chaipiteal	378	-	-	-	-	-	378
Deontas Stáit Cionroinnte do Chaipiteal	2,944	-	-	-	-	-	2,944
Tacaíocht Mhic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	(7)	-	-	-	-	-	(7)
Táillí Teagaisc agus Ranníocaíocht na Mac Léinn leithdháilte ar Chaipiteal	9	-	-	-	-	-	9
Aistriú go CDR	-	5,136	(2)	-	-	(5,136)	(2)
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	(36)	-	-	-	36	-
Aistriú ó CDR go DCG	19	(19)	-	-	-	-	-
Aistriú ó CDR go Cúlchistí Ioncaim	-	(6)	-	-	-	6	-
Gluaiseacht don tréimhse	(2,402)	5,075	(2)		-	2,634	5,305
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2018	95,831	12,308	7		321	4,965	113,432
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	-	-	4,746	4,746
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	(5,855)	-	-	-	-	-	(5,855)
Suim scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(15)	-	-	-	-	-	(15)
Deontais Taighde & Chonartha cionroinnte do Chaipiteal	355	-	-	-	-	-	355
Deontas Stáit cionroinnte do Chaipiteal	4,012	-	-	-	-	-	4,012
Tacaíocht Mhic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	30	-	-	-	-	-	30
Táillí Teagaisc agus Cion Tairbhe Mic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	5	-	-	-	-	-	5
Aistriú go CDR	-	1,215	-	-	-	(1,215)	-
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	(344)	-	-	-	344	-
Aistriú ó CDR go DCG	-	-	-	-	-	-	-
Aistrigh go Cúlchiste Srianta	-	-	10	-	-	(10)	-
Aistriú ó CDR go Cúlchistí Ioncaim	-	-	-	-	-	-	-
Gluaiseacht don tréimhse	(1,468)	871	10		-	3,865	3,278
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2019	94,363	13,179	17		321	8,830	116,710

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 29.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas.
Cathaoirleach
2 Samhain 2020



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
2 Samhain 2020

6.2.6 Ráiteas Institiúide amháin maidir le hAthruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019


Institiúid amháin	Notá 19 Deontais Chaipitil Iarchurtha €000's	Notá 20 Cúlchiste Caipitil Forbartha €000's	Cúlchiste Srianta €000's	Cúlchistí Ioncaim €000's	Iomlán €000's
Iarmhéid Tosaigh ar 1 Meán Fómhair 2017	98,168	7,233	9	941	106,351
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	7,688	7,688
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	(5,683)	-	-	-	(5,683)
Suim scaoilte ar Dhiúscairt Socmhainní Seasta Deontais Taighde & Conartha cionroinnte do Chaipiteal	(36)	-	-	-	(36)
Deontas Stáit Cionroinnte do Chaipiteal	359	-	-	-	359
Tacaíocht Mhic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	2,944	-	-	-	2,944
Táillí Teagaisc agus Cion Tairbhe Mic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	(7)	-	-	-	(7)
Aistriú go CDR	9	-	-	-	9
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	5,136	(2)	(5,136)	(2)
Aistriú ó CDR go DCG	-	(36)	-	36	-
Aistriú ó CDR go Cúlchistí Ioncaim	19	(19)	-	-	-
Aistriú ó CDR go Cúlchistí Ioncaim	-	(6)	-	6	-
Gluaiseacht don tréimhse	(2,395)	5,075	(2)	2,594	5,272
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2018	95,773	12,308	7	3,535	111,623
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	4,645	4,645
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	(5,829)	-	-	-	(5,829)
Suim scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta Deontais Taighde & Chonartha cionroinnte do Chaipiteal	(15)	-	-	-	(15)
Deontas Stáit cionroinnte do Chaipiteal	355	-	-	-	355
Tacaíocht Mhic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	4,012	-	-	-	4,012
Táillí Teagaisc agus Cion Tairbhe Mic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	30	-	-	-	30
Aistriú go CDR	5	-	-	-	5
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	1,215	-	(1,215)	-
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	(344)	-	344	-
Gluaiseacht don tréimhse	(1,442)	871	-	3,774	3,203
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2019	94,331	13,179	7	7,309	114,826

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 29.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas
Cathaoirleach
2 Samhain 2020




An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
2 Samhain 2020

6.2.7 Ráiteas Comhdhlúite agus Institiúide faoin Staid Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019


	Nóta	Comhdhlúite 31/08/19 €000's	Institiúid 31/08/19 €000's	Comhdhlúite 31/08/18 €000's	Institiúid 31/08/18 €000's
Sócmhainní Seasta					
Maoin, gléasra & trealamh	13	95,514	95,004	96,950	96,495
Infheistíochtaí	14	542	52	212	50
		96,056	95,056	97,162	96,545
Sócmhainní Reatha					
Fardal		98	-	89	-
Infháiltas	15	9,615	9,532	8,001	8,018
Airgead agus Coibhéisí Airgid	16	33,296	32,007	27,913	26,467
		43,009	41,539	36,003	34,485
Lúide Suimeanna Iníoctha; Suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain	17	(22,355)	(21,769)	(19,733)	(19,407)
Glandliteanais Reatha		20,654	19,770	16,270	15,078
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha Suimeanna Iníoctha; Suimeanna dlite i ndiaidh 1 bhliain	18	-	-	-	-
Soláthairtí in aghaidh Dliteanas & Muirear		-	-	-	-
Sochair Scoir					
Oibleagáidí sochar scoir	28	430,257	430,257	366,755	366,755
Sócmhainn cistithe iarchurtha sochair scoir	28	(430,257)	(430,257)	(366,755)	(366,755)
Glansócmhainní Iomlána		116,710	114,826	113,432	111,623
Deontais Chaipitil Iarchurtha	19	94,363	94,331	95,831	95,773
Cúlchiste Caipitil Forbartha	20	13,179	13,179	12,308	12,308
Cúlchiste Caipitil – Student Services Co Ltd		321	-	321	-
Cúlchiste Srianata		17	7	7	7
		13,517	13,186	12,636	12,315
Cúlchistí Neamhshrianta		8,830	7,309	4,965	3,535
Cúlchiste Ioncaim & Caiteachais		8,830	7,309	4,965	3,535
		8,830	7,309	4,965	3,535
Iomlán		116,710	114,826	113,432	111,623

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 29.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas
Cathaoirleach
2 Samhain 2020



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
2 Samhain 2020

6.2.8 Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabha Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019


	Bliain dar críoch 31/08/19 €000's	Bliain dar críoch 31/08/18 €000's Athluaite
Sreabhadh glan airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	4,746	7,728
Dímheasar shócmhainní seasta	6,092	5,979
Amúchadh deontas chaipitil iarchurtha (Méadú) / Laghdú ar Stoc	(5,856)	(5,709)
(Méadú) / Laghdú ar Stoc	(9)	3
(Méadú) ar Infháltais	(1,614)	(916)
Méadú / (Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha (Méadú) / Laghdú ar Infheistíochtaí	2,622	(998)
(Méadú) / Laghdú ar Infheistíochtaí	(330)	5
Ioncam ó Infheistíochtaí	(60)	(30)
Ioncam ó Ús	(21)	(24)
Cistí Stáit cionroinnte do chaipiteal (Laghdú) ar Chúlchiste Srianta	4,402	3,324
	-	(2)
Insreabhadh Glan Airgid ó Gníomhaíochta Oibriúcháin	9,972	9,360
Glansreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta Íocaíochtaí chun maoin, gléasra & trealamh a fháil	(4,670)	(3,447)
Glansreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta	(4,670)	(3,447)
Sreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais		
Ioncam ó Infheistíocht	60	30
Ús Faighte	21	24
Glansreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais	81	54
Glanméadú ar choibhéisí airgid sa bhliain	5,383	5,967
Airgead & Coibhéisí Airgid ar 1 Meán Fómhair	27,913	21,946
Airgead & Coibhéisí Airgid ar 31 Lúnasa	33,296	27,913

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 29.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas
Cathaoirleach
2 Samhain 2020



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
2 Samhain 2020

6.2.9 Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1. Polasaithe Suntasacha Cuntasaíochta

Tá achoimre thíos ar na polasaithe cuntasaíochta a meastar a bheith ábhartha do na ráitis airgeadais. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go seasta ar feadh na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Is iad príomhchuspóirí na hInstitiúide ná oideachas tríú leibhéal agus gníomhaíochtaí gaolmhara a chur ar fáil.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcomhghnás stairiúil costais, de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) atá eisiithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, agus fógartha le haghaidh úsáide in Éirinn ag Cuntasóirí Cairte Éireann agus de réir riachtanais an Údarás um Ard-Oideachas.

Is é an Euro airgeadra feidhmeach FRS 102 Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí de bhrí gurb é sin airgeadra na timpeallachta príomha geilleagair ina bhfeidhmíonn an Institiúid. Cuirtear na ráitis chomhdhlúite airgeadais i láthair in Euro freisin. Cuimsítear beartanna eachtracha de réir na bpolasaithe atá leagtha amach thíos.

b) Bunús an Chomhdhlúthaithe

Comhdhlúthaíonn na ráitis airgeadais Grúpa na ráitis airgeadais Institiúide agus a cuid gníomhaíochtaí fochuideachta a rinneadh go dtí 31 Lúnasa 2019.

Comhdhlúthaítear torthaí fochuideachtaí a fuarthas nó a díoladh do na tréimhsí ó nó go dtí an dáta nuair a athraíodh an smacht.

Déantar coigeartuithe, de réir mar is gá, ar ráitis airgeadais fochuideachtaí chun na polasaithe cuntasaíochta a úsáidtear a bheith ar aon dul leo siúd a úsáideann an Grúpa. Fágtar gach beart, iarmhéid, ioncam agus costas idirghrúpa as an áireamh nuair a dhéantar comhdhlúthú.

c) Gnóthas Leantach

Tá an Bord Rialaithe sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an Institiúid chun freastal ar a cuid oibleagáidí de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann siad de bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta a ghlacadh agus na ráitis bhliantúla airgeadais á n-ullmhú acu.

d) Maoin, Gléasra agus Trealamh

(i) Talamh agus Foirgnimh

Luaitear sócmhainní seasta inlámhsithe ar a gcostas nó luacháil, glan ar dhímheas agus soláthar ar bith in aghaidh lagaithe. Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta inlámhsithe, cés moite de mhaoine agus talamh ruilse, de réir rátaí atá ríofa chun costas nó luacháil, lúide an luach iarmharach measta, gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn dronlíne thar a shaol inúsáidte measta, mar seo a leanas:

Foirgnimh ruilse	30 - 50 bliain
------------------	----------------

Seasann an luach iarmharach don méid measta a gheofaí ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costas mheasta na diúscairte a bhaint as, má bhí an tsócmhainn san aois cheana féin agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saoil inúsáidte.

(ii) Trealamh

Ó 1 Meán Fómhair 2009, díscríobhtar trealamh a mbaineann costas de níos lú ná €3,000 in aghaidh na míre aonair leis don chuntas ioncaim agus caiteachais i mbliain na fála. Áit a mbíonn míreanna aonair trealaimh a ceannaíodh faoin teorainn chaipitlithe (€3,000) agus a bhfuil an sonrasc iomlán ceannaigh os cionn na teorann, déantar na míreanna sin a chaipitliú ina n-aonar ar an ngnáthshlí. Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ar a gcostas. Déantar trealamh caipitlithe a dhímheas ar bhonn dronlíne thar a shaol geilleagrach inúsáidte mar seo a leanas:

Daingneáin & Feistithe agus Seomraí Réamhdhéanta	5 - 10 mbliana
Áireamh Carrchlóis	20 bliana
Trealamh Ríomhaire	3 bliana

Gléasra & Innealra	10 mbliana
Trealamh	5 bliana
Feithiclí Mótair	5 bliana

Déantar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais agus Chonarthaí Taighde a dhímheas thar shaol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do na Sócmhainní Seasta eile go léir.

Déantar dímheas ar shócmhainní an Students Services Company Limited thar 2-5 bliana – dronlíne.

e) Gnóthais Chomhfhiontair

Tugtar cuntas i ráitis airgeadais na hInstitiúide ar infheistíochtaí i ngnóthais chomhlacha agus úsáid á baint as modh an chothromais. Aithnítear infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair i dtosach ar phraghas an bhirt (costais bhirt san áireamh) agus déantar iad a choigeartú ina dhiaidh sin chun sciar na hInstitiúide den bhrabach nó den chailteanas agus ioncam cuimsitheach eile an ghnóthais chomhlaigh a léiriú. Tugtar cuntas ar cháilmheas a eascraíonn as fáil ghnóthas comhlach de réir an pholasaí atá leagtha amach thuas. Cuimsítear iarmhéid cáilmheasa neamhamúchta i luach tugtha anonn na hinfeistíochta i ngnóthais chomhfhiontair.

Tugtar cuntas i ráitis airgeadais na hInstitiúide ar infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair ar a gcostas lúide bearnú.

f) Fardal

Luaitear fardal ar an gcostas is lú agus meastar costas díola lúide costais díolta, rud atá coibhéiseach le glanluach infhaighte. Ríomhtar costas agus úsáid á baint as modh an FIFO (is túsce isteach is túsce amach). Déantar soláthar le haghaidh míreanna mallghluaisteacha nó lochtacha de réir mar is iomchuí. Baineann stoc a thaispeántar sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais le hearraí atá ar díol in Cosmos Education Limited agus do stoc intomhalta in Student Services Company Limited.

g) Lagú Sócmhainní

Déantar measúnú ar shócmhainní, seachas iad siúd a thomhaistear ag luach cóir, le haghaidh táscairí lagaithe. Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú, aithnítear an cailteanas lagaithe i mbrabach nó cailteanas a bhfuil cur síos air thíos.

Sócmhainní Airgeadais

I gcás sócmhainní airgeadais atá luaite ar chostas amúchta, is é an méid lagaithe ná an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus an luach faoi láthair ar shreafa airgid measta sa todhchaí, lascainithe ag céad ghlanráta úis na sócmhainne airgeadais.

I gcás sócmhainní airgeadais atá luaite ag costas lúide lagú, is é an cailteanas lagaithe ná an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus an meastachán is fearr ar an méid a gheobhfaí ar an tsócmhainn dá ndíolfaí í ar an dáta tuairiscithe.

Áit a bhfuil táscairí ar laghdú i gcaillteanas lagaithe, agus gur féidir baint a aimsiú le himeacht a tharla i ndiaidh gur aithníodh an lagú, déantar an réamhchailteanas lagaithe a thástáil chun freaschur a aimsiú. Déantar cailteanas lagaithe a fhreaschur ar shócmhainn airgeadais lagaithe aonair a mhéid nach mbíonn mar thoradh ar an luach athbhreithnithe in-aisghabhála suim ghlanluacha athbhreithnithe níos airde ná an tsuim ghlanluacha mura n-aithneofaí lagú.

h) Cánachas

a. Cáin Chorparáideach

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Institiúid faoi dhliteanas cáin chorparáideach ná cáin ioncaim a íoc ar cheann ar bith dá cuid gníomhaíochtaí carthanachta. Tá sí cláraithe le haghaidh cáin bhreisluacha, ach de bhrí go bhfuil soláthar an oideachais ina gníomhaíocht dhíolmhaithe nó nach ngearrtar cáin aschuir níl sí in ann cáin aschuir a fháil ar ais ar fhorhmór a cuid ceannachán. Baineann gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Institiúid leis an eangach CBL agus íocann an Institiúid cáin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin leis na hÚdaráis Ioncaim.

b. Cánachas Iarchurtha

I bhfochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanachta acu agus a bhfuil dliteanas cánach orthu dá bhrí sin, aithnítear cánachas iarchurtha i dtaca le difríochtaí uainithe a thionscnaíonn ach nach bhfuil freaschurtha ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais. Déantar soláthar ag na rátaí a mbítear ag súil leo a bheith i bhfeidhm nuair a fhreaschuirtear na difríochtaí uainithe. Is ionann difríochtaí uainithe agus difríochtaí idir brabús inchánach agus torthaí mar a luaitear iad sna ráitis airgeadais a d'fhéadfadh eascairt as

gnóthachain agus cailteanais a chuimsiú i mbrabach inchánach i ndifríocht thréimhse idir iad sin ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Áirítear glansócmhainn chánach iarchurtha mar mhéid in-aisghabhála agus, dá bhrí sin, ní aithnítear í ach amháin nuair, agus ar bhonn gach fianaise atá ar fáil, gur féidir í a áireamh go bhfuil sí níos dóchúlú ná a mhalairt a bheith ina brabach cánach oiriúnach ónar féidir freaschur sa todhchaí na mbonndifríochtaí uainithe a bhaint as

i) Aitheantas Ioncaim

Deontas Stáit

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad. Caitear le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar saol na sócmhainní.

Ioncam ó Tháillí

Tugtar cuntas ar ioncam ó tháillí ar bhonn fabhráithe.

Deontais Taighde agus Conarthaí

Déantar ioncam ó Dheontais Thaighde a mheaitseáil le caiteachas agus bíonn sé san áireamh in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Tá na haicmí is coitianta de na bearta dá leithéid leagtha amach thíos:

a. *Tabhartais Neamhshrianta*

Cuimsíonn tabhartais neamhshrianta suimeanna a thugtar don Institiúid trí mheán airgid nó sócmhainne gan srian ar bith maidir le conas ba chóir úsáid a bhaint as an tabhartas. Déantar tabhartais dá leithéid a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ar theacht i dteidlíocht don ioncam.

b. *Tabhartais le Srianta*

Déantar tabhartais le srianta a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas ar theacht i dteidlíocht don ioncam. Coinnítear an t-ioncam srianta a fhaightear i gcúlchiste srianta go sealadach go dtí go dtabhaítear an caiteachas de réir na srianta.

c. *Deontais Taighde le Coinníollacha a bhaineann le Feidhmíocht*

Aithnítear ioncam ó dheontais le coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a chomhlíontar na coinníollacha a bhaineann leis an bhfeidhmíocht. Coinnítear deontais le coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht nach bhfuil comhlíonta mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha. Déantar an t-ioncam a thaifeadadh ansin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

d. *Eile*

Income from other research grants and contracts is matched to expenditure and is included in the income of the year in which the related expenditure has been incurred.

Mion-Oibreacha Caipitil

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile.

I ngach cás aithnítear maoiniú mionoibreacha caipitil sa tréimhse ina bhfaightear é.

Ioncam ó Thaiscí Gearrthéarmach

Cuirtear gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse ina dtuilltear

j) Sochair Fostaí

a. *Sochair Scoir*

Bronntar teidlíochtaí pinsin bhall foirne a earcaíodh roimh 1 Eanáir 2013 faoi scéim sochair shainnithe a bunaíodh faoi Scéim Aoisliúntas na hEarnála Oideachais 2015. Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar A Úsáidtear agus dá bhrí sin coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais a dhéantar ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá maoiniú.

Oibríonn an Institiúid Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (“an Scéim Aonair”), ar scéim pinsin sochair shainnithe í le haghaidh seirbhíseach poiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013 de réir Acht

Pinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Cuireann an Institiúid ar aghaidh go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe (RCPA) asbhaintí a dhéantar ó fhostaithe faoin Scéim Aonair.

Léiríonn na costais pinsin a ghearrtar mar mhuirear ar chaiteachas sa bhliain na sochair atá tuillte ag fostaithe reatha le linn na bliana agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, a gcoinníonn an Institiúid iad, i dtaca le (i) Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015, agus a chuirtear ar ais chuig DPER i dtaca leis (ii) an Scéim Aonair. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don chostas pinsin mar ioncam.

Léiríonn dliteanais pinsin an luach faoi láthair a bhaineann le híocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte go dtí seo. Seasann an tsócmhainn chistithe sochar scoir íocaíochtaí na todhchaí a íocfar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a tharlaíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Uile-ghabhálach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa méid atá in-aisghabhála ó shócmhainn chistithe sochar scoir an Údarás Um Ardoideachas.

Léiríonn na ráitis dheiridh, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na hInstitiúide i dtaca lena baill foirne reatha amháin agus cistiú gaolmhar ar bith eile. Aithnítear na costais a bhaineann le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Ní chuirtear dliteanais pinsin i dtaca le hiarfhostaithe a bhfuil pinsin á bhfáil acu san áireamh de bhrí go ngearrtar de mhuirear íocaíochtaí pinsin do chuntas leithghabhála na Roinne Oideachais agus Scileanna. Léirítear an laghdú i ndlíteanais i ngeall ar bhaill a théann ar scor le linn na bliana mar ghnóthachan ó thaithí. Tomhastar dliteanais na scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach agus úsáid á baint as modh na n-aonad réamh-mheasta.

Ní cuid de scéim na hEarnála Poiblí lucht foirne fochuideachta agus oibríonn gach cuideachta a scéim phríobháideach féin.

b. Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana sna Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ní bhaineann fabhrú in aghaidh pá saoire leis an bhfoireann acadúil ag deireadh na bliana i ngeall ar nádúr a gcuid conarthaí.

k) Airgeadraí Eachtracha

Déantar bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thaifeadh ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an bhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe a thaifeadh in airgeadraí eachtracha ar dháta an Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin.

l) Léasanna

Déantar sócmhainní faoi léasanna airgeadais, conarthaí fruilcheannaigh agus socruithe dá leithéid a thugann cearta agus oibleagáidí cosúil leo siúd a bhaineann le sócmhainní faoi úinéireacht a chaipitliú mar shócmhainní seasta inláimhsithe ag luach cóir na sócmhainní ar léas (nó, más lú, luach reatha na n-íos-íocaíochtaí léasa mar a chinntear ag tús an léasa) agus atá dímhéasta thar an gceann is giorra de na téarmaí léasa agus a saoil inúsáidte. Déantar na heilimintí caipitil d'oibleagáidí léasa sa todhchaí a thaifeadh mar dhliteanais, agus cuirtear mar mhuirear na heilimintí úis don chuntas brabúis agus cailteanais thar thréimhse na léasanna chun ráta tairiseach tréimhsiúil úis a chur ar fáil ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas.

Cuirtear de mhuirear cíosa faoi léasanna atá ag feidhmiú ar bhonn dronlíne thar théarma an léasa, fiú mura ndéantar íocaíochtaí ar bhonn dá leithéid. Leatar sochair atá faighte agus infhaighte mar dhreasacht chun léas oibriúcháin a shíniú ar an gcaoi chéanna ar bhonn dronlíne thar thréimhse an léasa.

m) Cuntas Caipitil Iarchurtha

Is éard atá sa Chuntas Caipitil Iarchurtha ná luach neamhamúchta na gcistí carntha atá cionroinnte do shócmhainní seasta.

n) Cúlchistí

Cúlchiste Caipitil Forbartha

Is éard atá sa Chúlchiste Caipitil Forbartha ná cistí atá curtha ar leataobh ag an Institiúid chun críocha sainithe caipitil forbartha. Eascraíonn cistí dá leithéid as Táillí Clárúcháin Mhic Léinn, bronntanais chaipitil neamhstáit, táillí saoraíde bainc agus aistrithe ó Chúlchistí Ioncaim, a bhfuil réamhchead sa dara cás ón Údarás um Ard-Oideachas

ina leith, maraon le hús bainc atá tuillte ar an airgead sin. Déanfar cistí dá leithéid a choinneáil sa Chuntas Cúlchiste Caipitil Forbartha ar choinníoll go bhfuil na tionscadail shainithe lena bhfuil siad tiomanta ag teacht le Plean Caipitil Forbartha na hInstitiúide, faofa ag an mBord Rialaithe, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastachán ar na costais.

2. Breithiúnais Chriticiúla Chuntasaíochta agus Príomhfhoinsí Meastacháin

Agus polasaithe cuntasaíochta na hInstitiúide á gcur i bhfeidhm, a bhfuil cur síos orthu i Nóta 1, éilítear ar an mBord Rialaithe breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh i dtaobh suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas nach léir go héasca ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdí gaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus tosca eile a meastar a bheith ábhartha. D'fhéadfadh torthaí iarbhair a bheith difriúil leis na meastacháin seo.

Déantar na meastacháin agus na toimhdí bunúsacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar na meastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a athbhreithniú mura mbaineann an t-athbhreithniú ach leis an tréimhse sin, nó i dtréimhse an athbhreithnithe agus tréimhsí sa todhchaí má bhaineann an t-athbhreithniú le tréimhsí reatha agus tréimhsí sa todhchaí araon.

Breithiúnais Chriticiúla i gCur i bhFeidhm Pholasaithe Cuntasaíochta na hInstitiúide

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla, seachas iad sin a mbíonn meastacháin i gceist leo (a ndéantar déileáil ar leithligh leo thíos), a rinne an Bord Rialaithe sa phróiseas a bhaineann le polasaithe cuntasaíochta na hInstitiúide a chur i bhfeidhm agus a imríonn an éifeacht is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

a) Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí atá ina mbunús leis an luacháil achtúireach faoina n-aithnítear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais a chinntiú (gan rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéal luacha saothair sa todhchaí agus rátaí básmhaireachta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar thosca eacnamaíochta reatha, agus le haghaidh athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Féadfaidh siad seo a leanas cur isteach ar na toibhdí trí

- (i) An ráta lascaine, athruithe sa ráta ar thoradh bhannaí corparáideacha d'ardcháilíocht
- (ii) Leibhéal luach saothair sa todhchaí, cúinsí margadh saothair sa todhchaí.

b) Pá Saoire

Déantar an fabhrú pá saoire a ríomh agus tagairt do na laethanta saoire atá amuigh ag deireadh na bliana. Ní bhíonn gá ag an bhfoireann acadúil le fabhrú ag deireadh na bliana i ngeall ar nádúr a gconartha.

c) Maoin, Gléasra agus Treallamh

Ríomhtar dímheas bunaithe ar mheastacháin agus ar thoibhdí ar shaolré ionchais agus luach iarmharach ionchais na sócmhainne.

3. Deontais Stáit

	Cionroinnte do Chaitheachas Athfhillteach €000's	Cionroinnte do Chaitheachas Caipitil €000's	2019 Iomlán €000's	2018 Iomlán €000's
Chaitheachas Athfhillteach – ÚAO	48,891	3,360	52,251	50,506
Deontas Caipitil – ÚAO	248	652	900	900
Iomlán 2019	49,139	4,012	53,151	51,406
Iomlán 2018	48,462	2,944	51,406	

4. Táillí Teagaisc agus Cion Tairbhe Mic Léinn

	2019				2018			
	Mic Léinn CLA	Stát Mhaoinithe	Neamh Stát Funded	Iomlán	Mic Léinn CLA	Stát Mhaoinithe	Neamh Stát Funded	Iomlán
		€000's	€000's	€000's		Athluaite €000's	€000's	€000's
Táillí íochta ag an Stat	6,859	5,749	-	5,749	7,144	5,621	-	5,621
Táillí Neamh-AE	199	24	1,258	1,282	127	22	986	1,008
Táillí íochta ag mic léinn nó ar son mac léinn	941	635	989	1,624	813	500	1,270	1,770
Táillí Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus	1,827	502	5,336	5,838	1,718	194	5,314	5,508
Táillí Eile		9,997	12,972	22,969		10,594	12,283	22,877
Cion tairbhe Mic léinn agus táillí athscrúdaithe san áireamh	9,826	16,907	20,555	37,462	9,802	16,931	19,853	36,784
Cionroinnte go Caipiteal		-	-	(5)		-	-	(9)
		16,907	20,555	37,457		16,931	19,853	36,775
Aistriú go Cúlchiste Caipitil Forbartha		-	-	(1,002)		-	-	(4,828)
Líon na Mac Léinn/Glanioncam Táille	9,826	16,907	20,555	36,455	9,802	16,931	19,853	31,947

D'íoc an tÚdarás Ardoideachais táillí teagaisc sa bhliain de €5.189m ar tháillí agus €560k ar Springboard/Scileanna TFC, a bhí páirtchistithe ag an gCiste Sóisialta Eorpach. D'íoc SUSI táillí cion tairbhe mic léinn sa bhliain de €9.464m in 2019 (€9.872m in 2018).

Luaitear líon na mac léinn mar chóibhéisí lánaimseartha bunaithe ar chreidmheasanna cláraithe.

Gearradh Míreanna Caipitil €5k in aghaidh Ranníocaíocht na Mac Léinn agus in 2018 gearradh €9k ar Fhoghlaim Fad Saoil.

5. Deontais Taighde agus Conarthaí

	2019 Iomlán €000's	2018 Iomlán €000's Athluaite
Ioncam		
Stát ÚAO	946	315
Stát Eile	7,507	6,927
Eile	7,993	7,272
Díbhinn	60	30
Cionroinnte do Chaipiteal	(355)	(398)
	16,151	14,146
Caiteachas		
Costais Pá	6,913	6,729
Costais Neamh-Phá	8,421	6,447
Dímheas Neamh-Stát	99	87
	15,433	13,263
Glanioncam	718	883
Aistriú go CDR	-	(99)
Aistrigh go Cúlchiste	(16)	-
Aistriú ó CDR – Sócmhainn Neamh-Stat	-	5
Aistriú ó CDR go Caiteachas	344	36
Barrachas don bhliain	1,046	825

San áireamh san Ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí tá suim de €1.727m i dtaca le haisghabháil forchostais. Seasann an t-iarbhéid do chostais dhíreacha a aisghabhadh d'obair taighde a rinneadh. D'íoc an tÚAO deontais i leith Taighde & Forbartha de €1,008k in 2019 (€722k in 2018).

6. Analís ar Ioncam Díorthaithe ón Stát

Ainm an Deontóra	Iarchur Feidh 01/09/18 €000's	Deontas faighte €000's	Iarchur CL 31/08/19 €000's	I&E 2019 €000's
Nóta 3 – Deontas Stáit				
ÚAO	615	52,436	(553)	52,498
Cionroinnte do Chaiteachas Caipitil	-	-	-	(3,359)
Ioncam ón Stat	615	52,436	(553)	49,139
Nóta 4 – Táillí Teagaisc agus Ciontairbhe Mic Léinn				
ÚAO	-	5,749	-	5,759
Fáilte Éireann	-	-	-	-
Stát – Eile	-	1,694	-	1,694
SUSI	-	9,464	-	9,464
Táillí Teagaisc agus Cion Tairbhe Mic Léinn	-	16,907	-	16,907

6. **Analís ar Ioncam Díorthaithe ón Stát** (*ar lean.*)

Ainm an Deontóra	Iarchur Feidh 01/09/18 €000's	Deontas faighte €000's	Iarchur CL 31/08/19 €000's	I&E 2019 €000's
Nóta 5 - Deontais Taighde & Conarthaí				
Bord Iascaigh Mhara	5	20	(17)	8
Comhairle Chontae Chorcaí	(41)	83	4	46
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	29	5	2	36
Comhairle Chathair Chorcaí	(5)	42	(7)	30
Gárda Cósta na hÉireann	-	-	-	-
Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí	-	-	-	-
An Roinn Talmhaíochta & Bia	47	589	(13)	623
An Roinn Cosanta	2	-	5	7
An Roinn Oideachais & Scileanna	(35)	132	13	110
Roinn Gnóthaí Eachtracha	-	3	(3)	-
Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail	-	43	(22)	21
Fiontar Éireann	539	2,852	(420)	2,971
Gníomhaireacht Chosanta Comhshaoil	217	763	75	1,055
Bord Soláthair Leictreachais	68	-	-	68
Bord Oideachais Oiliúna	-	48	-	48
Fáilte Éireann	-	1	-	1
An tÚdarás um Ard-Oideachas	440	1,008	(502)	946
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	-	-	-	-
IDA Éireann	-	-	66	66
Comhairle Taighde na hÉireann	74	155	(55)	174
Leargas	19	-	-	19
Institiúid na Mara	(23)	14	24	15
Coláiste Ollscoile Chorcaí	190	60	(38)	212
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	-	-	-	-
An Fóram Náisiúnta Teagaisc & Foghlama	(5)	5	4	4
An Lárionad Barr Feabhas i dTeagasc & Foghlaim				
Matamaitice & Eolaíochta	22	15	(31)	6
Oifig na nOibreacha Poiblí	-	-	-	-
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	(6)	-	13	7
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	17	4	(21)	-
Fuinneamh Inmharthana na hÉireann	(59)	229	39	209
Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann	569	1,112	(374)	1,307
Teagasc	(8)	276	11	279
Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta	-	-	-	-
Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath	-	-	-	-
Ollscoil Luimnigh	(25)	29	173	177
Institiúidí Teicneolaíochta – Eile	(6)	14	-	8
Tyndall	22	-	(22)	-
Deontais Taighde & Conarthaí	2,047	7,502	(1,096)	8,453

6. Analís ar Ioncam Díorthaithe ón Stát (ar lean.)

Ainm an Deontóra	Iarchur Feidh 01/09/18 €000's	Deontas faighte €000's	Iarchur CL 31/08/19 €000's	I&E 2019 €000's
Nóta 7 - Cistiú Tacaíochta Mic Léinn				
ÚAO	86	919	(323)	682
Cionroinnte do Chaiteachas Caipitil	-	-	-	(30)
Cistiú Tacaíochta Mac Léinn	86	919	(323)	652
Nóta 8 - Ioncam Eile				
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	-	(87)	-	(87)
Fáilte Éireann	-	2	-	2
Ioncam Eile	-	(85)	-	(85)

7. Cistiú Tacaíochta Mic Léinn

	Míchumais €000's	2019 Cúnamh Mic Léinn €000's	Iomlán €000's	2018 Iomlán €000's
Iarmhéid ar 1 Meán Fómhair	17	69	86	71
Fáltais				
An tÚdarás um Ard-Oideachas	440	479	919	647
Suímeanna Feidhmithe				
Costais Pá	101	-	101	85
Costais Neamh-Phá	143	408	551	554
Caiteachas Iomlán	244	408	652	639
Trealamh	(30)	-	(30)	7
Iarmhéid ar 31 Lúnasa	183	140	323	86

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas cistiú ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus páirtmhaoiníonn an Ciste Sóisialta Eorpach é.

8. Ioncam Eile

	2019 Iomlán €000's	2018 Iomlán €000's Athluaite
Asbhaintí aoisliúntais coinnithe	3,761	3,695
Stát Eile	(87)	224
Cíos ar Shaoráidí	11	45
Ioncam Ilghnéitheach	491	573
Student Services Company Limited	2,594	2,668
	<u>6,770</u>	<u>7,205</u>
Aistriú go CDR	(200)	(200)
Glan-Aschur	<u>6,570</u>	<u>7,005</u>

Gintear an t-ioncam ó Student Services Company Limited CIT trí mionmhargadh, bistro, siopa agus seirbhísí ceaintín a chur ar fáil do na mic léinn agus don fhoireann.

9. Costais Foirne

Is é meánlón na ndaoine (ar a n-áirítear sealbhóirí sinsearacha poist) a bhí fostaithe ag an Institiúid le linn na bliana, luaite mar chóibhéis lánaimseartha:

	2019 Líon na bhFostaithe	2018 Líon na bhFostaithe
Teagasc agus taighde	746	737
Teicniúil	138	135
Príomhriarachán agus seirbhísí	302	262
	<u>1,186</u>	<u>1,134</u>

	2019 €000's	2018 €000's Athluaite
Tuarastail agus pá	68,708	65,499
Ragobair	1,249	1,034
Liúntais	110	107
Costais Fostóra	5,738	5,816
Fochuideachtaí	1,906	1,902
	<u>77,711</u>	<u>74,358</u>

Cuimsíonn tuarastail bunphá do gach ball foirne ar conradh (lánaimseartha agus páirtaimseartha). Cuimsíonn sé íocaíochtaí acadúla páirtaimseartha le baill foirne acadúla a íoctar de réir na huaire agus le baill foirne ócáideacha eile a íoctar de réir na huaire, amhail feitheoirí scrúdaithe agus obair ócáideach mhic léinn.

Baineann ragobair le baill foirne riaracháin agus tacaíochta agus cuimsíonn sé na híocaíochtaí seo a leanas le baill foirne acadúla: ceartúchán scrúdaithe, achomhairc scrúdaithe agus painéil athbhreithnithe. Cuimsíonn sé freisin íocaíochtaí acadúla páirtaimseartha de réir uair-ráta le baill foirne lánaimseartha a rinne uaireanta de bhreis ar a gcuid uaireanta de réir conartha.

Cuimsíonn liúntais pá Seirbhíse, liúntais Uirlise agus Forcardaitheora, íocaíochtaí Bhord Agallaimh agus Honaria.

9. Costais Foirne (ar lean.)

Luach Saothair Príomh-Bhainistíochta

Le haghaidh críoch an nóta seo, cuimsíonn na príomhphearsanra bainistíochta san Institiúid an tUachtarán, baill den Bhord Feidhmeanaigh agus baill an Bhoird Rialaithe.

	2019			2018		
	CLA	Tuarastal €000's	Liúntais €000's	CLA	Tuarastal €000's	Liúntais €000's
Baill an Bhoird Rialaithe	-	-	24	-	-	17
Bord Feidhmeanaigh	11	1,216	-	8	888	-
	11	1,216	24	8	888	17

Sochair iarfhostaíochta na príomhfhoirne bainistíochta

Is baill de scéim na hInstitiúide iad seachtar ball bainistíochta den fhoireann feidhmeanaigh. Is socrú pinsin sochair shainithe an tuarastail dheiridh í an scéim pinsin le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do rialacháin reatha "eiseamláire" scéim na hearnála poiblí amháin.

Tuarastal agus sochair an Uachtaráin

	2019			2018		
	CLA	Tuarastal €000's	Ragobair/ Liúntais €000's	CLA	Tuarastal €000's	Ragobair/ Liúntais €000's
Uachtarán	1	158	-	1	152	-

Is ball den scéim pinsin é an tUachtarán. Is socrú pinsin sochair shainithe an tuarastail dheiridh í an scéim pinsin le sochair agus ranníocaíochtaí atá sainithe trí thagairt do rialacháin Reatha "eiseamláire" scéim na hearnála poiblí amháin.

Íocaíochtaí Foircinn

Níor íocadh íocaíochtaí foircinn le baill foirne ar bith de chuid na hInstitiúide.

Na Baill Foirne is Airde Tuarastal

Ghlac an Institiúid luach tosaigh de €60,000 chun na baill foirne is airde tuarastal a shainiú. Tá luach saothair na foirne, i mbandaí de €10,000 agus €60,000 á úsáid mar luach tosaigh, mar seo a leanas:

Bandaí Tuarastail	Comhdhlúite Bliain dar Críoch 31 Lúnasa	Institiúid Amháin Bliain dar Críoch 31 Lúnasa 2019	Comhdhlúite Bliain dar Críoch 31 Lúnasa 2018
60,000 - 70,000	120	118	132
70,001 - 80,000	123	122	137
80,001 - 90,000	220	220	188
90,001 - 100,000	50	50	37
100,001 - 110,000	17	17	12
110,001 - 120,000	2	2	2
120,001 - 130,000	-	-	-
130,001 - 140,000	-	-	-
140,001 - 150,000	-	-	-
> 150,000	1	1	1
Móiriólán	533	530	509

Ba é an figiúr foriomlán le haghaidh ranníocaíocht pinsin an fhostóra sa bhliain ná €90k (€135k in 2018).

10. Costais Oibriúcháin

	2019				2018
	Costais Pá €000's	Dímheas €000's	Costais Oibriúcháin Eile €000's	Iomlán €000's	Athluaite Iomlán €000's
Ranna Acadúla	55,199	1,284	4,750	61,233	58,975
Seirbhísí Acadúla	2,533	568	1,321	4,422	3,673
Saoráidí	1,540	1,182	5,572	8,294	7,775
Príomhriarachán	8,265	1,474	3,596	13,335	12,953
Oideachas Ginearálta	535	-	383	918	789
Seirbhísí do Mhic Léinn	2,625	215	3,749	6,589	6,430
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn	101	-	551	652	640
Deontais Taighde & Conartha	6,913	1,369	7,581	15,863	14,051
Caiteachas Iomlán	77,711	6,092	27,503	111,306	105,286
Iomlán 2018	74,358	5,979	24,929	105,266	

Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile	2019	2018
	Comhdhlúite €000's	Comhdhlúite Athluaite €000's
Ábhair & Tomhaltáin Eile	4,528	4,202
Ábhair Leabharlainne	241	272
Costais Ríomhaire	1,237	1,008
Oideachas Ginearálta	2,699	2,388
Seirbhísí do Mhic Léinn	1,041	948
Comhpháirtithe Tionscadail	1,414	885
Trealamh	1,546	1,779
Costais Foirgneamh	6,315	6,240
Taisteal & Cothú	2,237	1,946
Fáilteachas	234	157
Costais Pearsanra	1,470	1,214
Táillí Gairmiúla	2,177	1,233
Luach Saothair Iniúchóra	136	122
Costais Dí	(5)	363
Cumarsáid	195	249
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	601	582
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	833	520
Árachas	490	445
Gluaisteacht I Soláthar in aghaidh Drochfhiach	(201)	(40)
Costais Airgeadais	213	231
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne	15	-
Eile	87	185
	27,503	24,929

Tá figiúirí 2018 athluaite chun eisiámh na mbeartanna idirchuideachta idir CIT agus CIT Student Services Company Ltd a léiriú.

10. Costais Oibriúcháin (ar lean.)

Cuimsíonn Costais Oibriúcháin Eile

	2019 €000's	2018 €000's
Luach Saothair Iniúcháin		
Iniúcháireacht na hInstitiúide ag an ARCC	35	33
Seirbhísí Iniúcháireachta curtha ar fáil ag 3ú Páirtí	74	52
Iniúchadh Seachtrach ar Fhochuideachtaí	17	16
Iniúchadh Inmheánach ar Fhochuideachtaí curtha ar fáil ag 3ú Páirtí	10	21
	136	122
Taisteal & Cothú		
Taisteal: Baile	1,389	1,127
Taisteal: Idirnáisiúnta	848	819
	2,237	1,946
Fáilteachas		
Fáilteachas: Imeachtaí Foirne	7	22
Fáilteachas: Imeachtaí Mic Léinn	73	67
Fáilteachas: Seachtrach Eile	154	68
	234	157
Costais Dlí		
Costais Dlí: Táillí Gairmiúla	(20)	348
Costais Dlí: Socruithe	15	15
	(5)	363
Táillí Gairmiúla		
Táillí Gairmiúla: TF	287	170
Táillí Gairmiúla: Comhairle Chánach & Airgeadais	65	96
Táillí Gairmiúla: Caidreamh Poiblí/Margaíocht	67	65
Táillí Gairmiúla: Innealtóireacht	936	392
Táillí Gairmiúla: Eile	822	599
	2,177	1,322

11. Cánachas

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a cuid fochuideachtaí go léir, cés moite den Lárionad Nuálaíochta DAC CIT, díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach faoi ordú stádas carthanachta.

Tá dliteanas de €8k ar Lárionad Nuálaíochta DAC CIT do Cháin Chorparáideach don bhliain.

12. Toradh Airgeadais don Bhliain

Tá an barrachas don bhliain ar oibríochtaí leantacha comhdhéanta mar seo a leanas:

	2019	2018
	€000's	€000's
Barachas Institiúide don bhliain	4,643	7,688
Barrachas ginte ag fochuideachtaí agus fiontair eile	103	40
	4,746	7,728

13. Maoin, Gléasra agus Trealamh

Comhdhlúite

	Talamh & Foirgnimh €000's	Daingneáin & Feistí €000's	Trealamh Ríomhaire €000's	Gléasra & Innealra €000's	Troscán & Trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
Costas							
Ar 1 Meán Fómhair 2018	147,234	8,593	11,696	7,965	17,030	362	192,880
Breiseanna sa Bhliain	1,738	293	1,486	587	561	5	4,670
Diúscairtí sa Bhliain	-	(3)	(616)	(11)	(716)	(40)	(1,386)
Ar 31 Lúnasa 2019	148,972	8,883	12,566	8,541	16,875	327	196,164
Dímheas							
Ar 1 Meán Fómhair 2018	56,554	7,633	10,273	5,122	15,992	356	95,930
Muirear don Bhliain	3,649	339	969	393	737	5	6,092
Díothaithe de bharr Diúscairte	-	(3)	(617)	(7)	(708)	(37)	(1,372)
Ar 31 Lúnasa 2019	60,203	7,969	10,625	5,508	16,021	324	100,650
Glanluach de Réir Leabhar							
Ar 31 Lúnasa 2019	88,769	914	1,941	3,033	854	3	95,514
Ar 1 Meán Fómhair 2018	90,680	960	1,423	2,843	1,038	6	96,950

Bhí €3.630m de cheangaltas léasa ann ar 31 Lúnasa 2019 (2018 - €4.299m).

Coinníonn agus cothaíonn an Institiúid foirgneamh stairiúil ina bhfuil Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as le haghaidh críocha oibríochtúla, cuirtear síos air mar shócmhainn sheasta, seachas mar shócmhainn oidhreacht.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Físealaíne le feabhas a chur ar an timpeallacht teagaisc ach ní mheastar é sin a bheith ina shócmhainn oidhreacht.

13. Maoin, Gléasra agus Trealamh (*ar lean.*) – i dtaca leis an mbliain roimhe sin

Comhdhluite

	Talamh & Foirgnimh €000's	Daingneáin & Feistí €000's	Trealamh Ríomhaire €000's	Gléasra & Innealra €000's	Troscán & Trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
Costas							
Ar 1 Meán Fómhair 2017	147,889	10,934	12,349	6,521	19,232	362	197,287
Breiseanna sa bhliain	310	191	1,095	1,471	380	-	3,447
Diúscairtí sa bhliain	(965)	(2,532)	(1,748)	(27)	(2,582)	-	(7,854)
Ar 31 Lúnasa 2018	147,234	8,593	11,696	7,965	17,030	362	192,880
Dímheas							
Ar 1 Meán Fómhair 2017	53,814	9,696	11,328	4,695	17,885	351	97,769
Muirear don bhliain	3,705	468	641	454	706	5	5,979
Díothaithe de bharr Diúscairtí	(965)	(2,531)	(1,696)	(27)	(2,599)	-	(7,818)
Ar 31 Lúnasa 2018	56,554	7,633	10,273	5,122	15,992	356	95,930
Glanluach de Réir Leabhar							
Ar 31 Lúnasa 2018	90,680	960	1,423	2,843	1,038	6	96,950
Ar 1 Meán Fómhair 2017	94,075	1,238	1,021	1,826	1,347	11	99,518

Bhí cheangaltais léasa ann de €4.299m (2017 - €563k) ar 31 Lúnasa 2018.

Coinníonn agus cothaíonn an Institiúid foirgneamh stairiúil ina bhfuil Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as le haghaidh críocha oibríochtúla, cuirtear síos air mar shócmhainn sheasta, seachas mar shócmhainn oidhreachta.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Físealaíne le feabhas a chur ar an timpeallacht teagaisc ach ní mheastar é sin a bheith ina shócmhainn oidhreachta.

13. Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean.)

Institiúid Amháin

	Talamh & Foirgnimh €000's	Daingneáin & Feistí €000's	Trealamh Ríomhaire €000's	Gléasra & Innealra €000's	Troscán & Trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
Costas							
Ar 1 Meán Fómhair 2018	147,229	7,000	11,522	6,873	17,855	363	190,842
Breiseanna sa bhliain	1,738	125	1,470	587	538	6	4,464
Diúscairtí sa bhliain	-	(3)	(613)	(11)	(716)	(40)	(1,383)
Ar 31 Lúnasa 2019	148,967	7,122	12,379	7,449	17,677	329	193,923
Dímheas							
Ar 1 Meán Fómhair 2018	56,553	6,441	10,175	5,121	15,700	357	94,347
Muirear don Bhliain	3,649	258	944	393	691	5	5,940
Díothaithe de bharr Diúscairtí	-	(3)	(613)	(7)	(708)	(37)	(1,368)
Ar 31 Lúnasa 2019	60,202	6,696	10,506	5,507	15,683	325	98,919
Glanluach de réir Leabhar							
Ar 31 Lúnasa 2019	88,765	426	1,873	1,942	1,994	4	95,004
Ar 1 Meán Fómhair 2018	90,676	559	1,347	1,752	2,155	6	96,495

Bhí cheangaltais léasa ann de €3.630m (2018 - €4.299k) ar 31 Lúnasa 2019.

Coinníonn agus cothaíonn an Institiúid foirgneamh stairiúil ina bhfuil Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as le haghaidh críocha oibríochtúla, cuirtear síos air mar shócmhainn sheasta, seachas mar shócmhainn oidhreachta.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Fisealaíne le feabhas a chur ar an timpeallacht teagaisc ach ní mheastar é sin a bheith ina shócmhainn oidhreachta.

13. Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean.) i dtaca leis an mbliain roimhe sin

Institiúid Amháin

	Talamh & Foirgnimh €000's	Daingneáin & Feistí €000's	Trealamh Ríomhaire €000's	Gléasra & Innealra €000's	Troscán & Trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
Costas							
Ar 1 Meán Fómhair 2017	147,884	9,383	12,179	6,520	18,981	363	195,310
Breiseanna sa bhliain	310	149	1,091	380	1,456	-	3,386
Diúscairtí sa bhliain	(965)	(2,532)	(1,748)	(27)	(2,582)	-	(7,854)
Ar 31 Lúnasa 2018	147,229	7,000	11,522	6,873	17,855	363	190,842
Dímheas							
Ar 1 Meán Fómhair 2017	53,813	8,673	11,249	4,694	17,598	352	96,379
Muirear don Bhliain	3,705	299	622	454	701	5	5,786
Díothaithe de bharr Diúscairtí	(965)	(2,531)	(1,696)	(27)	(2,599)	-	(7,818)
Ar 31 Lúnasa 2018	56,553	6,441	10,175	5,121	15,700	357	94,347
Glanluach de réir Leabhar							
Ar 31 Lúnasa 2018	90,676	559	1,347	1,752	2,155	6	96,495
Ar 1 Meán Fómhair 2017	94,071	710	930	1,826	1,383	11	98,931

Bhí cheangaltas léasa ann de €4.299m (2017 - €563k) ar 31 Lúnasa 2018.

Coinníonn agus cothaíonn an Institiúid foirgneamh stairiúil ina bhfuil Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as le haghaidh críocha oibríochtúla, cuirtear síos air mar shócmhainn sheasta, seachas mar shócmhainn oidhreacht.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Físealaíne le feabhas a chur ar an timpeallacht teagaisc ach ní mheastar é sin a bheith ina shócmhainn oidhreacht.

14. Foghnóthais agus Infheistíochtaí

Tá leas ag an Institiúid sna foghnóthais agus comhfhiontair seo a leanas:

Foghnóthais

Rinne an Institiúid CIT Student Services Company a chorprú in 1994 le haghaidh seirbhísí siopa agus ceantín a chur ar fáil do na mic léinn. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í gan scairchaipiteal.

	2019 €000's	2018 €000's
Brabús don bhliain airgeadais	76	18
Glansócmhainní	499	814

Bunaíodh CIT Innovation Centre DAC, t/a The Rubicon i Lúnasa 2004 agus is é an lárionad goir ar an gcampas don Institiúid é. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an chuideachta.

	2019 €000's	2018 €000's
Brabús don bhliain airgeadais	48	5
Glansócmhainní	128	96

Bhunaigh an Institiúid CIT Foundation Limited in Iúil 2007 chun cistí a thiomsú agus tabhartais a fháil. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í gan scairchaipiteal. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an chuideachta.

	2019	2018
	€000's	€000's
Brabús/(Cailteanas) don bhliain airgeadais	(27)	(6)
Glansócmhainní	278	304

Bhunaigh an Institiúid Cosmos Education Limited in Eanáir 2008 chun seirbhísí oideachasúla, taighde agus oiliúna a sheachadadh trí thaispeántas eolaíochta, oideachasúil agus cultúrtha a oibriú i Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe, Corcaigh. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í gan scairchaipiteal. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an chuideachta.

	2019	2018
	€000's	€000's
Brabús/(Cailteanas) don bhliain airgeadais	6	8
Glansócmhainní	13	7

Bhunaigh an Institiúid CIT Infinite DAC i Nollaig 2015 chun leasanna CIT a bhainistiú i mbinse tástála cothrománach Idirlíon na nEarraí ar a dtugtar INFINITE. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an fochuideachta. Ní dhearna an chuideachta trádáil sa tréimhse airgeadais.

Bhunaigh an Institiúid CIT Consortium Projects DAC i Lúnasa 2017 chun ligean do CIT cur isteach ar chistiú faoin gCiste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh, ciste a bhainistíonn Fiontar Éireann. Ní dhearna an chuideachta trádáil sa tréimhse airgeadais. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an chuideachta.

Comhfhiontair

Bunaíodh GAC Training and Solutions Limited (GTSS) i bhFeabhra 2010 agus oiliúint tráchtála mar ghnó aici sna réimsí muirí ola, gáis, ceimiceáin agus tráchtarraí trádáilte. Cuimsíonn infheistíocht CIT 25,000 scair agus is ionann é sin agus 50% de scairseilbh le GAC Shipping UK Limited ar leo an scairseilbh eile de 50%.

Bunaíodh Seftec NMCI Offshore Training Limited (SNO) i bhFeabhra 2010 agus é mar ghnó aici cúrsaí agus sainchomhairleoirleacht a chur ar fáil do thionscal san fharráige amuigh agus muirí in Éirinn agus thar lear araon. Cuimsíonn infheistíocht GMT 25,000 scair agus is ionann é sin agus 50% den scairseilbh agus is le SEFTec Global Training Ireland Limited an scairseilbh eile de 50%.

Cuideachtaí Campais

Tá scairseilbh mhionlaigh ag an Institiúid i roinnt cuideachtaí campais. Is é luach tugtha anonn na n-infheistíochtaí sin i ráitis airgeadais na hInstitiúide ná €1,957.31, atá comhdhéanta mar seo a leanas:

Scairseilbh %	Cuideachta	Cineál Gnó	Méid €
10	nSilico	Bogearraí Bithfhaisnéisíochta	153.84
4.41	Adventamed	Feistí Leighis	120.00
9.52	AudioSourcRE	Clofhoine	1.18
10	Showguider	Bogearraí Bainistithe Imeachta	833.00
10	Tip Tap Tap	Teicneolaíocht Oideachasúil	643.00
7.44	Predictive Control Systems	Bogearraí Optamaithe Fuinnimh	206.29
3.24	OrthoXel	Feiste Leighis	0.00

14. Foghnóthais agus Infheistíochtaí (ar lean)

Infheistíochtaí

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2019 €000's	2018 €000's	2019 €000's	2018 €000's
Tá na hinfeistíochtaí atá á gcoinneáil mar seo a leanas:				
Ar 1 Meán Fómhair	212	217	50	50
Díúscairt	-	-	-	-
Gluaiseacht infheistíochtaí	330	(5)	2	-
Ar 31 Lúnasa	542	212	52	50

15. Infháiltais

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2019 €000's	2018 €000's Restated	2019 €000's	2018 €000's
Infháiltais Trádála	869	1,037	831	955
Deontais Taighde agus Conarthaí Infhála	4,238	2,974	4,230	2,955
Deontais Stáit Infhála	1,702	1,250	1,702	1,250
Táillí Acadúla Infhála	1,880	2,202	1,880	2,202
Réamhíocaíochtaí	578	297	548	305
Infháiltais Eile	348	241	341	351
	9,615	8,001	9,532	8,018

Baineann an t-athlua in 2018 le hiarmhéideanna a thaispeántar anois faoi na ceannteidil ábhartha i gcomórtas le line amháin mar a bhí i mblianta seo caite.

16. Airgead agus Coibheisi Airgid

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2019 €000's	2018 €000's	2019 €000's	2018 €000's
Airgead sa bhanc ar a n-áirítear iarmhéideanna atá coinnithe ar thaisce gearrthéarmach	28,296	20,913	27,007	19,467
Taisce fadtéarmach	5,000	7,000	5,000	7,000
	33,296	27,913	32,007	26,467

17. Suimeanna Iníochta: Dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2019 €000's	Athluaite 2018 €000's	2019 €000's	2018 €000's
Suimeanna Iníochta Trádála	452	201	236	167
Deontais Taighde agus Conarthaí Réamhíochta	6,798	7,591	6,603	7,351
Táillí Teagaisc Réamhíochta	3,576	1,871	3,576	1,872
Deontais Stáit réamhíochta	553	159	553	159
Fabhruithe	7,693	6,701	7,552	6,697
Léasanna (Nóta 18)	-	3	-	3
Cáin agus Leas Sóisialta Eile Réamhíochta	2,269	2,128	2,235	2,079
Suimeanna Eile Iníochta Roimhré	1,014	1,079	1,014	1,079
Iomlán na gCreidiúnaithe	22,355	19,733	21,769	19,407

Baineann an t-athlua in 2018 le hiarmhéideanna a thaispeántar anois faoi na ceannteidil ábhartha i gcomórtas le line amháin mar a bhí i mblianta seo caite.

18. Ceangaltais Léasa

	Talamh & Foirgnimh	Talamh & Foirgnimh	Eile	Eile
	2019 €000's	2018 €000's	2019 €000's	2018 €000's
Léasanna Oibriúcháin				
Is mar seo a leanas atá íos-íocaíochtaí iomlána don todhchaí faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe:				
Laistigh de 1 bhliain	467	467	-	3
Idir 2 & 5 bliaina	1,721	1,772	-	-
Léas Airgeadais				
Níos Mó ná 5 Bliana	1,442	2,060	-	-
Ceangaltais Iomlána	3,630	4,299	-	3

Chuaigh an léas ar an trealamh Firewall in éag in 2018.

Tá dhá réadmhaoin ar léas ag an Institiúid, a n-éagfaidh ceann amháin díobh ar 30 Samhain 2021 agus an ceann eile ar 31 Lúnasa 2028.

19. Deontais Chaipitil Iarchurtha

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2019 €000's	2018 €000's	2019 €000's	2018 €000's
Ar 1 Meán Fómhair				
Iarmhéid Tosaigh	95,831	98,233	95,773	98,168
Airgead faighte sa bhliain				
Cionroinnte ón deontas athfhillteach Stáit	3,360	2,244	3,360	2,244
Deontas Stáit do Mhionoibreacha Caipitil RO&S	652	700	652	700
Deontais Taighde & Conarthaí	355	378	355	359
Táillí Teagaisc – Féinmhaoinithe	5	9	5	9
Tacaíocht do Mhic Léinn	30	(7)	30	(7)
Cistithe ó Chúlchiste Caipitil Forbartha	-	19	-	19
Iomlán	4,402	3,343	4,402	3,324

19. Deontais Chaipitil Iarchurtha (ar lean)

Amúchta d'Ioncam agus Caiteachas sa bhliain				
Amúchta ag teacht le dímheas	(5,829)	(5,683)	(5,829)	(5,683)
Sócmhainní Seasta Fochuideachta – dímheas	(27)	(26)	-	-
Suim scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(14)	(36)	(15)	(36)
Iomlán	(5,870)	(5,745)	(5,844)	(5,719)
Ar 31 Lúnasa				
larmhéid Deiridh	94,363	95,831	94,331	95,773

20. Cúlchiste Caipitil Forbartha

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2019 €000's	2018 €000's	2019 €000's	2018 €000's
Iarmhéid Tosaigh	12,308	7,233	12,308	7,233
Ús Tuillte	7	9	7	9
Aistriú ó Fhorbairt Mic Léinn	1,002	4,828	1,002	4,828
Aistriú ó Ioncam Eile	200	200	200	200
Aistriú ó Dheontas Taighde & Conarthaí	6	99	6	99
Aistriú go Caiteachas	(344)	(36)	(344)	(36)
Tionscadail Chaipitil - Stát	-	(19)	-	(19)
Tionscadail Chaipitil – Neamh-Stát	-	(6)	-	(6)
Iarmhéid Deiridh	13,179	12,308	13,179	12,308

Cúlchiste Caipitil - Student Services Co Ltd

Fuarthas na cistí seo roimhe seo tar éis gur dúnadh iontaobhais. Tá an cúlchiste seo ainmnithe le haghaidh forbairtí caipitil sa todhchaí ar mhaithe le leas na mac léinn.

Cúlchiste Srianta

Baineann €7k le tabhartas a fuair CIT lena úsáid chun duaiseanna scoláireachta a chur ar fáil sa réimse Oideachas Ealaíne. Baineann €10k le Cosmos Education agus is airgead é a cuireadh ar leataobh don uasghrádú taispeántais.

21. Ceangaltais Chaipitil

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2019 €000's	2018 €000's	2019 €000's	2018 €000's
Údaraithe ach gan conradh déanta	2,350	4,734	2,350	4,734
	2,350	4,734	2,350	4,734

22. Páirtithe Gaolmhara

I ngnáthchúrsa gnó féadfaidh an Institiúid socruithe conartha a dhéanamh le gnóthais ina bhfuil baill de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó ina bhfuil leas eile acu. Tá nósanna imeachta glactha ag an Institiúid de réir Chód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus chomhlíon an Institiúid na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

23. Athlua Figiúirí ón mBliain Roimhe

Tá an bhliain roimhe athluaite chun díothú beart idirchuideachta le ceann dár bhfochuideachtaí a léiriú. Bhí mar thoradh air sin laghdú ar Ioncam Eile (Nóta 8) agus Costais Eile Oibriúcháin (Nóta 10). Ní bhaineann tábhacht leis na méideanna agus níl aon éifeacht ar an mbarrachas tuairiscithe don tréimhse roimhe sin.

24. Dlíteanais Theagmhasacha

Ní raibh dlíteanais theagmhasacha ar bith ann ar 31 Lúnasa 2019.

25. Gnóthas Leantach

Chruthaigh géarchéim COVID-19 dúshlán mhóra gnó do gach institiúid tríú leibhéal. Faoi láthair tá an Institiúid i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Údarás um Ard-Oideachas agus gach aonán tríú leibhéal i mbun measúnaithe ar an tionchar leanúnach agus measta a bhaineann leis sin agus tugtar tuairisc orthu sin go rialta don Bhord Rialaithe. Rinne an Bord Rialaithe athbhreithniú ar an tionchar airgeadach a bhfuil súil leis a bhaineann le COVID-19 agus tá siad sasta go bhfuil dóthain cistithe san Institiúid chun freastal ar a gcuid dlíteanas de réir mar a mbeidh siad dlite agus dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin measann an Institiúid go bhfuil sé iomchuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá bhrí sin, ní chuimsíonn na ráitis airgeadais seo coigeartú ar bith ar na suimeanna glanluacha agus ar rangú sócmhainní agus dlíteanas a d'fhéadfadh tarlú mura mbeadh an Institiúid in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

26. Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Cés moite de COVID-19 mar atá i nóta 25, níor tharla imeachtaí suntasacha ar bith eile ó dháta an Chlár Comhardaithe a mbainfeadh impleachtaí leo do na ráitis airgeadais seo.

27. An Cumasc atá Beartaithe le IT Thrá Lí

Ar 12 Feabhra 2019, rinne Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus IT Thrá Lí aighneacht leis an Aire Oideachais agus Scileanna ar ainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta faoi Alt 29 d'Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018. Chuir an tUAO Painéal Idirnáisiúnta ar bun chun aighneacht OTM a athbhreithniú. Tar éis athbhreithniú painéil i mBealtaine 2019, rinne an tAire a chinneadh ar 29 Meán Fómhair 2019 a chur siar ar feadh sé mhí agus thug cuntas ar roinnt coinníollacha nár mhór aghaidh a thabhairt orthu trí aighneacht fhorlíontach a bheadh déanta faoi Mhárta 2020.

Tar éis fianaise fhorlíontach a bheith curtha isteach, ghlac an tAire leis an iarratas ar ainmniú mar ollscoil teicneolaíochta ar 26 Bealtaine 2020. Is é atá pleanáilte anois Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a bhunú ar 1 Eanáir 2021 agus tús a chur leis an gcéad chéim eile den straitéis trasfhoirmithe agus pleanála chun institiúid nua a thógáil le tacaíocht a thabhairt agus forbairt a dhéanamh ar an téarnamh réigiúnach i dtimpeallacht eacnamaíochta atá dúshlánach.

Is iad na costais a bhaineann leis an tionscadal seo atá cuimsithe sna cuntais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019 ná €1,014k.

28. Costais a Bhaineann le Sochar Scoir

(i) Soláthar Foirne

Tugadh cuntas ar na hoibleagáidí sochair scoir den chéad uair i ráitis airgeadais 2016/2017. Thug an t-achtúire meastachán ar an staid thosaigh ar 1 Meán Fómhair 2016, bunaithe ar chúinsí margaidh ag an am sin.

(ii) Cur Síos ar an Scéim

Scéim na hInstitiúide

Is socrú sochar sainithe an tuarastail dheiridh í an scéim pinsin le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do rialacháin reatha "eiseamláire" scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim (aon ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí.

Is í an Ghnáthaois Scoir ná an 65ú lá breithe, agus tá teidlíocht ag baill réamh-2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. Tagann méadú ar phinsin in íocaíocht (agus iarchur) de ghnáth ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí. Coinníonn an Institiúid asbhaintí ó bhaill foirne.

An Scéim Aonair

Is baill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí iad iontrálaithe nua foirne atá fostaithe ag an Institiúid i ndiaidh Eanáir 2013 de réir Achtanna Pinsean na hEarnála Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Aistrítear asbhaintí ó thuarastail fhoirne faoin Scéim Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe ar bhonn míosúil de réir an aichta.

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin ghairme do sheirbhísigh phoiblí nua-iontrálaithe ó 1 Eanáir 2013. Is scéim sochair shainithe í, le sochair scoir bunaithe ar mheánphá gairme.

Gineann an scéim creidiúintí pinsin agus creidiúintí cnapshuime pinsin do gach ball den scéim. Fabhraíonn na creidiúintí airgid seo, ar a dtugtar “méideanna intagartha”, mar chéatadáin pá ar bhonn leanúnach. Déantar athluacháil go bliantúil ar na méideanna intagartha a fhabhraítear gach bliain go dtí an dul ar scor, ar aon dul le méaduithe ar bhoilsciú (Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Is é atá sa phinsean bliantúil a bhronntar ar dhul ar scor ná iomlán carnach méideanna intagartha phinsin bhall na scéime, agus, ar an gcaoi chéanna, is é atá sa chnapshuim scoir ná iomlán méideanna intagartha chnapshuim bhall na scéime.

Luacháil

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochtáí FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach ag achtúire cáilithe neamhspleach agus riachtanais an FRS á gcur san áireamh d’fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ar 31 Lúnasa 2019. Ar dul ar scor dóibh, íocann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte pinsin na mball ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna agus cuirear na híocaíochtaí do chuntas leithghabhála na Roinne. Dá bhrí sin, eisiatar ón luacháil iarfhostaithe de chuid na hInstitiúide a bhfuil pinsean á fháil acu. Léirítear an laghdú ar an dliteanas a eascraíonn as baill a chuaigh ar scor le linn na bliana mar ghnóthachan ó thaithí agus sainaithear ar leithligh é sa réiteach dliteanais.

Ba iad na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun na codanna den chostas sochair shainithe a ríomh don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019 mar seo a leanas:

	31 Lúnasa 2019	31 Lúnasa 2018
An ráta lascaine	0.90%	2.00%
Méaduithe tuarastail	2.55%	3.10%
Méaduithe pinsin	2.05%	2.60%
An ráta boilscithe	1.30%	1.85%

Ligeann an bonn básmhairreachta d’feabhsuithe in ionchas saoil i gcaitheamh ama a bheith curtha san áireamh ionas go mbraithefidh ionchas saoil ar dhul ar scor ar an mbliain ina mbaineann ball aois scoir amach (Aois 65). Tá líon na mball sa Scéim agus líon na mbásanna róbheag chun anailís a dhéanamh agus meastacháin bhríocha sain-scéime ar na leibhéil bhásmhairreachta sa todhchaí. Is é an t-ionchas saoil sa todhchaí de réir na dtáblaí básmhairreachta a úsáideadh chun dliteanais pinsin a chinneadh ná:

	31 Lúnasa 2019 Bliana	31 Lúnasa 2018 Bliana
Fireannach aois 65	21.7 years	21.1 years
Baineannach aois 65	24.1 years	23.8 years

(iii) Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a mhuirearaítear don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	31 Lúnasa 2019 €’000	31 August 2018 €’000
Costas reatha seirbhíse	20,750	20,853
Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir	7,543	7,859
Gnóthachan larsheirbhíse	(798)	-
Ranníocaíochtaí fostaí/(sochair íoctha)	(4,267)	(4,060)
	<u>23,228</u>	<u>24,652</u>

d) Gluaiseacht i nglanobleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	31 Lúnasa 2019 €'000	31 Lúnasa 2018 €'000
Glanobleagáidí sochair scoir ar 1 Meán Fómhair	366,755	355,107
Glanchoistais Seirbhíse Reatha	16,483	16,793
Ranníocaíochtaí Fostaí	4,267	4,060
Costais úis	7,543	7,859
Sochair íoctha sa tréimhse	-	-
Laghdú ar dhliteanais pinsin ag eascairt as an líon a chuaigh ar scor sa bhliain	(14,557)	(12,511)
Caillteanas/(gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanais	(4,211)	(5,211)
Athruithe ar thiomhdí achtúireacha	54,775	658
Caillteanas/(Gnóthachain) Iarsheirbhíse	(798)	-
	<u>430,257</u>	<u>366,755</u>
Scartha idir:		
SPSPS	6,784	3,445
ESS	423,473	363,310

e) Sócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir

Tá an Institiúid forordaithe in I.R. Uimh. 581 de 2012 mar údaras ábhartha do chríocha na Scéime Aonair. Is é tuairim na hInstitiúide (de réir Alt 44 d'Acht 2012) go mbeadh dliteanas ar bith i dtaca leis an Scéim Aonair fritháirithe ag sócmhainn chóibhéiseach maidir le cistiú stáit sa todhchaí.

Aithníonn an Institiúid suimeanna atá dlite ón Stát as an dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir a bhaineann le Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015 ar bhonn an tacar toimhdí a bhfuil cur síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am atá caite. Cuimsíonn na himeachtaí sin an bonn reachtúil le bunú na scéime sochair scoir, agus an polasaí agus cleachtas atá anois i bhfeidhm maidir le cistiú pinsean seirbhíse poiblí ar a n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag an Institiúid nach leanfaidh an polasaí cistithe sin de shuimeanna dá leithéid a íoc ag teacht le cleachtas reatha.

Ba é an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochar scoir a aithnítear sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach mar seo a leanas:

	31 Lúnasa 2019 €'000	31 Lúnasa 2018 €'000
Cistiú in-aisghabhála maidir le scor na bliana reatha		
Costais sochair	23,228	24,652
Sochair íoctha sa bhliain	-	-
	<u>23,228</u>	<u>24,652</u>

Ba é méid na ndlitéanas cistithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir mar a bhí ar 31 Lúnasa 2019 ná €430,257,000.

f) Stair oibleagáidí sochair scoir

	2019 €'000	2018 €'000
Oibleagáidí sochair shainithe	430,257	366,755
Caillteanas/(gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanas na scéime sochair shainithe	4,211	5,211

29. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 1 Deireadh Fómhair 2020.



Lárionad Taighde Nimbus, Campas Bhaile An Easpaig



7. Faisnéis Eile

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 7.1 Nuacht & Imeachtaí
- 7.2 Forbairt Champais
- 7.3 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí
- 7.4 Pointí Teagmhála

7.1 Nuacht & Imeachtaí

1. Sheol John Halligan, TD, Aire Stáit le freagracht as Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, go hoifigiúil Seachtain Spáis na hÉireann ag RCCD CIT ar 3 Meán Fómhair 2018.
2. Cuireadh tús leis an gClár Ionduchtaithe Dea-Thús don Mac Léinn ar 3 Meán Fómhair 2018.
3. Chuir Foireann Thionscadal Taighde Spraoi sa Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige fáilte roimh Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Mick Finn, chuig CIT ar 5 Meán Fómhair 2018 mar chuid d'Fhóram Thionscadal Taighde Spraoi ar chur chun cinn sláinte linbh.
4. Thug Misean Trádála Stát Maine cuairt ar CIT ar 11 Meán Fómhair 2018 chun Clár Malartúcháin Chóras Coláiste Pobail Mic CIT/Maine a phlé. Thug siad cuairt freisin ar CNMÉ le foramharc a fháil ar oideachas agus oiliúint CNMÉ, agus na pleananna atá ann go ndéanfadh CNMÉ Lá Muirí na hEorpa a óstú in 2020.
5. Seoladh taispeántas "Arts Fest" & taispeántas Gradam Rannpháirtíochta CIT 'Post' i Lárionad Taispeántais James Barry ar 12 Meán Fómhair 2018 agus páirteach ann bhí iarchéimithe roghnaithe as Mínealaín de chuid CDEC CIT 2018: Susan Dolan, Aneta Sawicka, Anna Gallweg, agus Kevin McDonald. Ba í an t-iarchéimí de chuid CDEC CIT, Wilhelmina Van der Bent, a choimeád an taispeántas.
6. Tháinig dath dearg ar Mhol Lárchathrach CIT ar Shráid an Chapail Bhuí le linn sheachtain 17 Meán Fómhair 2018 chun seoladh an bhanda nua "Is Sinne Corcaigh" a chuireann chun cinn a mbaineann maitheas leis i gCorcaigh.
7. Bhí Lá Clubanna Spóirt CIT ar siúl i Halla Nexus ar 18 Meán Fómhair 2018.
8. D'óstaigh CNMÉ cuairt Mhisean Trádála UAE/Gulf/Meánoirthear ar 19 Meán Fómhair 2018 ag CNMÉ. Síníodh Meamram Tuisceana idir an tÚdarás Feidearálach Iompair-Talamh & Muirí san UAE agus CIT.
9. Bhí Lá na gCumann CIT ar siúl i Halla Nexus ar 19 Meán Fómhair 2018.
10. Rinneadh síniú oifigiúil Chlárúchán do Champas Glas CIT le haghaidh Ghradam Champais Ghlais ar 19 Meán Fómhair 2018.
11. Ar 20 Meán Fómhair 2018, d'oscail Lárionad Rubicon Ciúb Ginte Smaointe & Spás Comhoibre.
12. Thug toscaireacht ó Ollscoil DA Nang Eacnamaíochta, Vítneam cuairt ar CIT ar 26 Meán Fómhair 2018 agus shínigh Meamram Tuisceana mar aitheantas ar a spéis i gcaidreamh déthaobhach a fhorbairt.
13. Bhí an tAonach Gairmeacha & Infhostaitheachta 2018 ar siúl i Halla Nexus agus Spóirt ar 27 Meán Fómhair 2018.
14. D'fhógair an Dr Áine Ní Shé, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla, cruthú Pholasaí nua Sláinte Intinne & Dea-bhail Mhic Léinn ar 28 Meán Fómhair 2018.
15. Bhunaigh CSC CIT comhpháirtíocht chruthaitheach le Dánlann Ealaíne Crawford: 'Ceol ag Meánlae' ar 7 Deireadh Fómhair 2018.
16. Agus iad ag tógáil ar an rath a bhí ar Sheó Bóthair Innealtóireachta CIT anuraidh, thaistil Seó Bóthair Innealtóireachta, Eolaíochta & Teicneolaíochta CIT go dtí CBS Mhainistir na Corann, Coláiste Craoibhín, Mainistir Fhear Maí, agus Coláiste Pobail Bheanntaí ar 9, 16 agus 22 Deireadh Fómhair 2018.
17. Reáchtáladh an Searmanas Comhbhronnta CIT/UCC ar 17 Deireadh Fómhair 2018. Fuair 85 réamhchéimí a gcuid pár.
18. D'óstaigh an Roinn Turasoireachta & Fáilteachais Maidin Caife ar 18 Deireadh Fómhair 2018 i gcabhair ar an Aonad Nuabheirthe (NNU) ag CUMH. Bailíodh €1,860.37 ar fad a úsáideadh chun cathaoireacha a cheannach don bharda Nuabheirthe.
19. Tháinig 80 rannpháirtí as an-chuid seirbhísí míchumais i gCorcaigh uile go dtí an Staidiam Lúthchleasaíochta ar 19 Deireadh Fómhair 2018 chun a gcéad mhíle a rith nó a shiúl. Thug 60 rannpháirtí as príomh-chomhpháirtí Rebel Rub, Down Syndrome Chorcaí, faoina gcéad dúshlán míle riamh ar 22 Deireadh Fómhair 2018.

20. Bronnadh céimeanna ar mhic léinn CSC CIT ar 23 Deireadh Fómhair 2018. Fuair 85 réamhchéimí a gcuid pár.
21. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl le haghaidh Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictirí & Próisis, Scoil na hEolaíochta & na Faisnéisíochta, agus Scoil Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta ar siúl ar 24 Deireadh Fómhair 2018. Trí sheisiún bronnta a bhí ann agus fuair 839 réamhchéimí a gcuid pár.
22. Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile le haghaidh an Scoile Gnó ar 26 Deireadh Fómhair 2018. Trí sheisiún bronnta a bhí ann agus fuair 951 réamhchéimí a gcuid pár.
23. Bronnadh céimeanna agus Dámhachtainí Eile le haghaidh Scoil na nDaonnachtaí ar 26 Deireadh Fómhair 2018. Dhá sheisiún bronnta a bhí ann agus fuair 663 réamhchéimí a gcuid pár.
24. Bhí searmanas Gradaim na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar siúl ar 1 Samhain 2018. Rinne an ócáid éachtaí na n-iarchéimithe as an Scoil Gnó agus Daonnachtaí a cheiliúradh. Bronnadh 54 gradam.
25. D'óstaigh an Institiúid fáiltiú chun fáilte a chur roimh Choláiste Endicott, Boston, SAM, ar 1 Samhain, 2018.
26. Bhí searmanas Gradam Taispeántais PLANT/CIT/STEAM ar siúl ar 5 Samhain, 2018. Ar na healaíontóirí a bhí páirteach bhí Geraldine McCarthy agus Muireann Kelliher.
27. Fógraíodh comhpháirtíocht nua Staidéar Thar Lear le Coláiste Endicott, Boston, ar 7 Samhain, 2018.
28. Bhí Imeacht agus Lá Oscailte Bliantúil CNMÉ ar siúl ar 8 Samhain, 2018 agus bhí níos mó ná 900 cuairteoir i láthair agus thart ar 60 ionadaí ó chuideachtaí loingseoireachta agus eagraíochtaí muirí.
29. Reáchtáladh an tAifreann Cuimhneacháin Bliantúil ar 9 Samhain, 2018.
30. Bhí Lá Oscailte Bliantúil CIT ar siúl idir 16-17 Samhain, 2018.
31. Ar 26 Samhain, 2018, d'fhaomh an Cumann Cothaithe creidiúnú an clár BSc (Onór) in Eolaíocht Cothaithe & Sláinte.
32. Osclaíodh Taispeántas Iarchéime MA in Ealaín & Próiseas: 'Memories of a Nervous System' ar 19 Samhain, 2018 agus léiríodh saothar le Francesca Castellano, Johanna Connor, Raphael Llewellyn, Sinéad Lucey, Anna Martin Walsh, Lar O'Toole, Ciara Rogers, Mirte Slob, Breda Stacey, agus Clare Scott.
33. Bhí Tráthnóna Faisnéise na Mac Léinn Lánfhásta CIT ar siúl ar 22 Samhain, 2018.
34. Reáchtáladh Bronnadh Gradaim Musgrave ar 22 Samhain, 2018:
 - a. Chuir 7 mac léinn modúl 10 gCreidmheas i mBácáil Miondíola Ghairmiúil i gcrích
 - b. Chuir 22 mac léinn modúl 10 gCreidmheas i Seirbhís Bia Delicatessen i gcrích
35. Bhí an Lá Faisnéise le haghaidh Treoirchomhairleoirí ar siúl ar 28 Samhain 2018.
36. Ar 30 Samhain 2018, bhronn an t-ealaíontóir Vivienne Roche, céimí agus iarbhall den Bhord Rialaithe (1995-2000), dhá shaothar ealaíne go foirmiúil ar CIT – 'Every Thread Laid Bare: a Magdalene Memorial' agus 'Laundry Mark'.
37. Chuir an Roinn Cnagcheoil ag CSC CIT an trío ceolchoirm bhliantúil le haghaidh bailiúchán airgid do chúrsaí cathannais i láthair d'Aonad na bPáistí in OOC, 'Rhythm & Jingle', ar 2 Nollaig 2018.
38. Shínigh CIT comhaontú le Tavistock and Portman Foundation, Londain, agus Lárionad Bessborough ar 3 Nollaig 2018 chun deis a thabhairt do lucht gairme a bhí ag obair le páistí agus clanna oiliúint a fháil le haghaidh Teastas in Ard-Chleachtas Cliniciúil.
39. Tionóladh Searmanas Bliantúil Gradaim na Dáimhe Innealtóireachta & na hEolaíochta ar 4 Nollaig 2018 agus mealladh lucht éisteachta de beagnach 350 duine, ar a n-áirítear 60 urra tionscail, cohórt mór de bhaill foirne CIT, roinnt ball den Bhord Rialaithe agus cuid mhaith lucht tacaíochta na mac léinn.
40. Rinneadh aighneacht fhoirmiúil ar Ghradam Cré-Umha Athena SWAN ar 5 Nollaig 2018.
41. Bhí searmanas bliantúil Bronnta Duaiseanna na hInstitiúide, a léiríonn onóir do shárchéimithe 2018, ar siúl ar 10 Nollaig 2018. Bronnadh 23 gradam.

42. Creidiúnaíodh an BSc (Onór) in Eolaíocht Chothaithe & Sláinte ag an gCumann Cothaithe (AFN), a choinníonn Clár Deonach Cothaitheoirí na RA (UKVRN) ar 13 Nollaig 2018.
43. Seoladh Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2018-2023 go foirmiúil ar 13 Nollaig 2018.
44. D'fhaomh an Bord Rialaithe an Polasaí agus Gnáthamh le haghaidh Fágála agus Dámhachtainí Leabaithe i gClár Céime Múinte CIT agus an Polasaí ar Chúlghairm Damhachtainí CIT ar 13 Nollaig 2018.
45. Bronnadh Teastais ar Ghrúpaí Pfizer ar 14 Nollaig 2018.
46. Seoladh Duais Merck (Millipore) don tSármhaitheas in Innealtóireacht Cheimiceach ar 14 Nollaig 2018.
47. Sheol an tUachtarán go foirmiúil an chéad chéim de threoirleabhráin TACIT (Teagasc agus Measúnú ag CIT) mar aon leis an acmhainn nua 'In at the Deep End- Starting to Teach at CIT' le haghaidh léachtóirí luathghairme ar 9 Eanáir 2019.
48. Reáchtáladh Seó Bóthair deiridh Innealtóireachta, Eolaíochta & Teicneolaíochta CIT don bhliain acadúil 2018 – 2019 i Lárionad Nexus ar 14 Eanáir 2019.
49. Bhí Campa 'I WISH' ar siúl in CIT idir 14-18 Eanáir 2019. D'fhreastail breis is 80 mac léinn na hidirbhliana air.
50. D'óstaigh CIT toscaireacht chuairte as Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Haaga-Helia, an Fhionnlainn, ar 17 agus 18 Eanáir 2019.
51. Cuireadh fáilte roimh thoscaireacht as Líonra Teicneolaíochta na hAfraice Theas (SATN) chuig CIT ar 21 Eanáir 2019.
52. Bhí Craobhchomórtais réigiúnacha VEX IQ Robotics ar siúl i Lárionad Nexus ar 22 agus 23 Eanáir 2019. Rinne thart ar 500 páiste bunscoile, tuismitheoirí agus múinteoirí freastal orthu.
53. Ar 1 Feabhra 2019, chuaigh fathaigh na Teicneolaíochta, Dell EMC, VMware, IBM, McKesson, Poppulo, agus Apple, i gcomhar le CIT le haghaidh imeachta ar leith, CIT Advance, a bhí ceaptha chun mná óga a spreagadh agus a chumhachtú ar a gconair teicneolaíochta gairme.
54. Bhí Oíche Chultúir na Malaeisia Corcaí, arna heagrú ag Cumann Idirnáisiúnta na Mac Léinn, ar siúl ar 2 Feabhra 2019 ag Halla Curtis CSC CIT.
55. Seoladh Páirceáil agus Taisteal Trialach CIT ar 5 Feabhra 2019.
56. Bhronn Stryker dífhibrileoir ar CIT ar 8 Feabhra 2019.
57. Bronnadh 65 Scoláireacht Spóirt CIT i 14 chatagóir dhifriúla spóirt ar 11 Feabhra 2019. Bhí an lúthchleasaí cáiliúil, Rob Heffernan, mar aoi onórach ar an tráthnóna.
58. D'óstaigh RCCD CIT Ambasadóir na Fraince chuig Éirinn, Stéphane Cruzat Uas., agus toscaireacht de mhic léinn Fhrancacha atá ag staidéar in CIT ar 11 Feabhra 2019.
59. Ar 13 Feabhra 2019, chuir CIT agus IT Thrá Lí aighneacht fhoirmiúil faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna mar iarratas ar ainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU).
60. Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ag Bronnadh an Earraigh i gCNMÉ ar 14 Feabhra 2019. Fuair 92 réamhchémí a gcuid pár a raibh 6 PhD san áireamh iontu.
61. Ghlac breis is 600 mac léinn bunscoile agus dara leibhéal páirt i gComórtas VEX IQ Robotics (bunscoil) agus Comórtas VEX EDR Robotics (mic léinn dara leibhéal) a bhí ar siúl i Halla Nexus idir 14-15 Feabhra 2019.
62. Bhí an tAonach Bliantúil Iarchéime ar siúl ar 19 Feabhra 2019.
63. Bhí Feachtas na Seachtaine Sábháilteachta arna eagrú ag Aontas na Mac Léinn ar siúl idir 21-27 Feabhra 2019.
64. Bhí an tSeachtain Saor ó Bhruscar arna heagrú ag Cumann Fuinnimh & Comhshaoil na Mac Léinn ar siúl idir 25 Feabhra - 1 Márta 2019.
65. Bhí an Chéad Chomhdháil Lá Idirnáisiúnta na mBan de chuid CIT – Mná a Chumhachtú le Treorú ar siúl ar 4 Márta 2019.

66. Bhí Seachtain na Nuálaíochta ar siúl idir 4-9 Márta 2019, a chuimsigh 40 imeacht agus breis is 1,900 i láthair.
67. D'óstaigh CIT caint phoiblí a thug an tAthair Peter McVerry dar teideal 'The Housing and Homelessness Crisis' ar 6 Márta 2019.
68. Sheol na Seirbhísí TF Tairseach Foirne nua 'Workvivo' ar 6 Márta 2019.
69. Bhí baill d'fhoireann RCCD CIT ina n-aíonna ag fáiltiú 'Mná san Eolaíocht' in Áras an Uachtaráin ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, 8 Márta 2019. San áireamh san fhoireann bhí Clair McSweeney, Danielle Wilcox, Frances McCarthy, agus an Dr Niamh Shaw de chuid RCCD mar aon le Josette O'Mullane ón Oifig Nuálaíochta & Fiontraíochta.
70. D'óstaigh CIT cuairt ó Ambasadóir na Téalainne ar 11 Márta 2019 a raibh comhghleacaithe dá chuid as Ambasad Ríogúil na Téalainne in éineacht leis.
71. D'éagraigh 'CIT Shláintiúil' agus Da Silly Heads imeacht dhá lá Sláinte Intinne dar teideal 'Stigma is Silly' idir 12-13 Márta 2019. Ar na cainteoirí bhí iarpheileadóir réalta Ard Mhacha Oisín McConville, Valerie Mulcahy, buaiteoir deich mbonn uile-Éireann Pheil na mBan le Corcaigh, agus an dornalaí gairmiúil agus buaiteoir bonn cré-umha na hEorpa, Eric Donovan.
72. Sheol Cumann LADT* CIT an chéad lámhleabhar teagaisc ar conas Comhghuaillíochtaí Aeracha/Díreacha nó Comhghuaillíochtaí Inscne & Gnéasachta a chur ar bun i scoileanna dara leibhéal ar 20 Márta 2019. Sheol Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Mick Finn, an lámhleabhar le haghaidh mic léinn agus baill foirne scoileanna dara leibhéal i Halla na Mílaoise Chorcaí.
73. D'óstaigh Seirbhísí Cúramóirí CIT & Aontas na Mac Léinn CIT imeacht 'Ullmhaigh le haghaidh Brexit' a bhí dírithe ar mhic léinn na bliana deiridh & Iarchéimithe ar 20 Márta 2019. Ba é an príomhchainteoir ná iarimreoir gairmiúil Rugbaí agus Cóitseálaí Cothaithe Feidhmíochta, Jonny Holland.
74. Sheol an POF J.A. McNamara an Lárionad Nuálaíochta Lean in Ospidéal Ollscoile Chorcaí go foirmiúil ar 21 Márta 2019, a thug aitheantas don tacaíocht mhór a fuarthas ó Lárionad CAMMS.
75. Thug Ambasadóir na hÚcráine cuairt chúirtéise ar CIT ar 22 Márta 2019.
76. Rinne CIT an Comórtas Náisiúnta Scileanna a chomhóstú le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath san RDS, Baile Átha Cliath, idir 23-24 Márta 2019. D'fhreastail breis is 10,000 duine ar an imeacht, ar a n-áirítear an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn a bhuaíl le printísigh as gach cearn d'Éirinn agus a rinne comhghairdeas leo.
77. Ar 26 Márta 2019, d'fhógair CIT i gcomhpháirtíocht le Tomar Trust Scoláireachtaí Tearmainn a bhronnadh ar lucht iarrtha dídín agus mic léinn teifigh ar mhian leo cúrsa fochéime a dhéanamh in CIT ó Mheán Fómhair 2019.
78. Ar 27 Márta 2019, tionóladh Searmanas Bliantúil Chumainn & Gníomhaíochtaí na Mac Léinn i Lárionad Nexus chun aitheantas a thabhairt do chion deonach na mac léinn a bhí gafa le himeachtaí agus gníomhaíochtaí Chumann a eagrú le linn na bliana. Bhí Molly Lynch, iarchéimí CSC, bunaitheoir Cumann Ceoil CIT in 2010, atá ag obair mar Aisteoir & Amhránaí sa West End anois, ina hAoi Speisialta.
79. Dhreap grúpa ball foirne an sliabh is airde in Éirinn, Corrán Tuathail, ar 29 Márta 2019 chun airgead a bhailiú le haghaidh Chiste Jack O'Driscoll.
80. Bronnadh Gradam Speisialta ar RCCD CIT agus Spéir Dhorcha Éireann in éineacht ó Aontas Réalteolaíochta Idirnáisiúnta don Tionscadal Spéartha Dorcha do Chách ar 30 Márta 2019. Óstaíodh sceideal d'imeachtaí oideachasúla chun Domhan-Uair 2019 a cheiliúradh agus clár imeachtaí Spéartha Dorcha Éireann á sheoladh ag Ard-Mhéara Chorcaí.
81. D'fhreastail breis is 3,000 mac léinn idirbhliana as 35 scoil ar Lá Eispéarais TY Bliantúil CIT ar 2 Aibreán 2019.
82. D'óstaigh an Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta Dúshlán Bliantúil Mic Léinn Institiúid Margaíochta na hÉireann ar 3 Aibreán 2019.
83. Cuireadh tús le 'Sraith Léachtaí' de chuid Thionscadal Seirbhís Phríosúin Chorcaí agus Dillon's Cross ar 3 Aibreán 2019 le léacht a thug Pádraig Trehy Uas., Mínealaín CDEC, dar teideal 'An Introduction to Film Language' ag Príosún Chorcaí. Thug Janet Reid, Roinn Mínealaíon i Sláinte agus Oideachas, CDEC, breis léachtaí le linn Aibreáin agus Bealtaine 2019, Michael Hourihan, Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictirí & Próisis, an Dr Helen McGuirk, Lárionad Hincks don

tSármhaitheas Fiontraíochta, Gerard O'Donovan, Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí, an Dr Sharon Lawton, Seirbhís Rochtana, agus Marian Quinn, Roinn Spórt, Áineasa & Staidéar Luathóige.

84. Bhí SciFest, an t-imeacht taispeántas STEM dara leibhéal is mó in Éirinn, ar siúl in CIT ar 5 Aibreán 2019. D'oscail Simon Coveney TD an t-imeacht a raibh iontrálacha istigh air ó níos mó ná 250 dalta as 34 scoil as Cúige Mumhan uile. Ghnóthaigh Caomhán Budhlaeir agus Illian Wall, mic léinn de chuid Choláiste Bráithre na Toirbhirte, Corcaigh, Gradam don Tionscadal SciFest is Fearr 2019.
85. D'óstaigh RCCD CIT an t-imeacht 'How Dark is MY Sky@' mar chuid d'Fhéile Foghlaim ar Feadh an tSaoil Chorcaí ar 5 Aibreán 2019.
86. D'óstaigh Foireann Freagartha Éigeandála CIT Lá Seirbhísí Éigeandála deonacha i Lárionad Nexus ar 6 Aibreán 2019. Thug an t-imeacht seirbhísí éagsúla le chéile ar a n-áirítear an Garda Cóta/RNLI, Tarrtháil Pluaise agus Sléibhe, Otharcharr, Madraí Cuardaigh agus Tarrthála, Raidió agus Cumarsáid, agus an Chrois Dhearg.
87. Mar chuid de Sheachtain Foghlaim ar Feadh an tSaoil Chorcaí, d'óstaigh RCCD CIT ceardlann le George McMillan as Cairde Pháirce Náisiúnta Baile Cruaiche agus baill d'Fheachtas Spéir Chairdiúil Chorcaí ar 8 Aibreán 2019.
88. Mar chuid d'Fhéile Foghlaim ar Feadh an tSaoil Chorcaí, reáchtáladh ceardlann ar 'Scileanna Oiliúna Fiontraíochta Dóibh Siúd os Cionn 65' i Lárionad Rubicon ar 9 Aibreán 2019. Eagraíodh an cheardlann i gcomhar le Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta mar chuid den tionscadal taighde SmARtEST (Aosú Cliste agus Athnuachan trí Scileanna Oiliúna Fiontraíochta).
89. Reáchtáladh seoladh an taispeántais 'My Education My Future' i Lárionad Taispeántais James Barry ar 9 Aibreán 2019. Cuireadh 68 píosa obair ealaíne le mic léinn dara leibhéal as nascscoileanna rochtana ar sárthaispeáint.
90. Thug Ceann na Dáimhe Seirbhísí Sóisialta agus Pobail as Coláiste Humber, Ontario, Ceanada, Derek Stockley, cuairt ar CIT chun bualadh leis an Oifig Idirnáisiúnta ar 9 Aibreán 2019.
91. Thug Comhairleoirí Ardscoile as Sri Lanka cuairt ar CIT agus bhuail leis an Oifig Idirnáisiúnta ar 9 Aibreán 2019.
92. Léirigh mic léinn as an BA (Onór) i Staidéar Amharclainne & Drámaíochta seó dar teideal 'Platform Solos' ar 10 Aibreán 2019.
93. Sheol Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Mick Finn, an seimineár 'Learning Conversations – International Ideas in Action' in Triskel Christchurch ar 11 Aibreán 2019.
94. Ar 11 Aibreán 2019, sheol CDEC CIT clár céime nua ceithre bliana, BA (Onór) lánaimseartha i nGrianghráfadóireacht le Meáin Nua le tosú i Meán Fómhair 2019.
95. Reáchtáladh an 33ú Taispeántas Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta agus Bithleighis Chorcaí i Lárionad Nexus ar 11 Aibreán 2019 agus bhí 250 tionscadal ar taispeáint ar an lá, Chuimsigh an t-imeacht taispeántas d'Fheithiclí Seanré agus Clasaiceacha arna eagrú ag iarbhall foirne de chuid CIT, Dan Kelleher. Ar chuid de na cuideachtaí agus grúpaí a thug tacaíocht do thionscaddail taighde innealtóireachta na mac léinn bhí Boston Scientific, Firebird, an tÚdarás um Fhuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann, ABP, Lárionad Taighde NIMBUS, an Lárionad Glanteicneolaíochta, Irish Pioneer Works, agus MeSSO Research.
96. Thionóil Seán Kelly, MEP, cruinniú poiblí ar Ghníomhaíocht Aeráide in Amharclann Rory Gallagher ar 12 Aibreán 2019. Ar na cainteoirí bhí ionadaithe ó Chumann Feirmeoirí na hÉireann, Cumann Fuinneamh Gaoithe na hÉireann, agus Cumann Bithfhuinnimh na hÉireann.
97. Reáchtáladh bronnadh na Coimre ón tSraith Léachtaí Ollúnachta le deireanas ar na hOllúna CIT faoi seach i Seomra na Comhairle ar 12 Aibreán 2019.
98. Thug Ophir Kariv Uas., Ambasadóir Iosrael chun na hÉireann, cuairt ar CIT ar 12 Aibreán 2019 chun eolas a fháil faoin staidéar agus taighde atá ar siúl faoi láthair in CIT.
99. Chuir an tUachtarán, an Dr Barry O'Connor, fáilte roimh an Aire Airgeadais & Caiteachais Phoiblí, Paschal Donohue, agus an Tánaiste, Simon Coveney TD, chuig CIT ar 12 Aibreán 2019.
100. Reáchtáil Ceolfhoireann Aireagail Ardscoil Mountain View as San Francisco, SAM, Ceolfhoireann Éadrom Chorcaí agus Cór Óige ETB Chorcaí ceolchoirm i Halla Curtis i gCSC CIT ar 14 Aibreán 2019.

101. Sheol an Tánaiste Simon Coveney TD Straitéis Acadúil CIT ar 15 Aibreán 2019 i gCNMÉ. Ghlac sé páirt freisin i mbronnadh Gradam Éachta Céimí STEM ar an gCeannasóir Michael Malone, Ceannasóir i gCeannas ar Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.
102. D'óstaigh CIT cuairt ón Reachtaire Ollamh Mustafa Çufali de chuid Ollscoil Zonguldak Bülent Ecevit sa Tuirc ar 15 Aibreán 2019.
103. Reáchtáladh Searmanas Bliantúil na nGradam Spórt CIT tar 29 Aibreán 2019.
104. Óstaíodh comórtas deiridh VEX Robotics don séasúr in CIT ar 30 Aibreán 2019. Cuireadh fáilte roimh níos mó ná 3,500 mac léinn bunscoile/meánscoile, mar aon lena dtuismitheoirí, múinteoirí, agus oibrithe deonacha Dell chuig CIT le linn shéasúr VEX.
105. Ghlac baill foirne de chuid CNMÉ páirt i bhfeachtas TodayFM Dare to Care agus chuir orthu a mbróga damhsa le haghaidh Dancers for Cancer ar 30 Aibreán 2019.
106. Sheol múinteoirí ealaíne mic léinn as an gcomhchlár CIT/UCC Máistir Gairmiúil in Oideachas (Ealaín & Dearthadh) taispeántas dar teideal 'On the Same Page' sa Ghailearaí Uimh. 46 Sráid an Chapail Bhuí, ar 1 Bealtaine 2019.
107. Síniódh Meamram Tuisceana stairiúil idir Fondúireacht Cope agus CIT ar 1 Bealtaine 2019.
108. D'oscail Ceolfhoireann Shiansach CSC CIT, Córacha Sóisearacha, Córacha Sinsearacha, Cór Óige agus Cór Fleischmann Féile Chórúil Idirnáisiúnta Chorcaí 2019 le léiriú i Halla na Cathrach ar 1 Bealtaine 2019.
109. Óstaíodh Seisiún Faisnéise LOI ar Champas Bhaile an Easpaig ar 2 Bealtaine 2019 agus bhí na céadta mac léinn ionchasach agus a dtuismitheoirí i láthair.
110. Thug Cór Fhoireann CIT léiriú in Óstán Clayton mar chuid de 'Afternoons in the Atrium' le haghaidh Féile Chórúil Chorcaí 2019 ar 5 Bealtaine 2019.
111. Ar 7 Bealtaine 2019, fuair CIT an nuacht go raibh siad le gradam cré-umha Athena SWAN, a bhfuil an-tóir air, a fháil.
112. Seoladh an t-eagrán is déanaí de 'Access, the Student Voice' i Lárionad Taispeántais James Barry ar 8 Bealtaine 2019. San eagrán sin bhí cur síos ag 10 mac léinn a chomhroinn a gcuid aistear pearsanta oideachais.
113. Tionóladh Colloquium THEA bliantúil i Lárionad Berkeley ar 8 Bealtaine 2019 agus rinne iniúchadh ar 'The Future of Undergraduate Technological Higher Education'.
114. Reáchtáladh an tSraith Tionscnaimh Seimineáir le haghaidh Scoil na hEolaíochta agus na Faisnéisíochta i Seomra na Comhairle idir 10-17 Bealtaine 2019. Ar na cainteoirí bhí: an Dr Declan O'Connor, Roinn na Matamaitice, an Dr Caitríona Guinane, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha, an Dr Donna O'Shea, Roinn Eolaíochtaí Ríomhaire, agus an Dr Ambrose Furey, Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha.
115. D'óstaigh an Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta caint le Liam Long (Aistritheoir ar Fhoireann Choimisiún na hEorpa) ar 10 Bealtaine 2019 maidir le deiseanna gairme in institiúidí de chuid an Choimisiúin.
116. D'óstaigh CNMÉ Craobh Chorcaí d'Institiúid na dTreoirchomhairleoirí ar 10 Bealtaine 2019.
117. D'eagraigh Cumann Sóisialta na Foirne Lá Bronnta Carthanais CIT chun bheith rannpháirteach i dtionscadal amhail maisiú agus garradóireacht le haghaidh Lárionad Beatha Chorcaí idir 11-25 Bealtaine 2019.
118. Chuir CIT fáilte roimh 80 mac léinn Idirbhliana ar 13 Bealtaine 2019 le haghaidh an chláir Engineering Your Future – clár seachtaine teagmhálach atá ceaptha chun léargas bríoch praiticiúil a thabhairt do mhic léinn Idirbhliana ar shaol spreagúil agus éagsúil na hinnealtóireachta ag an tríú leibhéal.
119. D'ardaigh CIT an bhratach ildaite ar 13 Bealtaine 2019 mar chuid den 9ú Seachtain Feasachta LADT*.
120. Reáchtáladh an Clár Samhraidh Comhráite ar Theagasc agus Foghlaim idir 13-17 Bealtaine 2019. Ar na heagraíochtaí a bhí rannpháirteach bhí an Cumann Ardoideachais agus Míchumais, Comhairle Meantóireachta agus Cóitseála na hEorpa, an Scoil Polasaí agus Cleachtais ag an Institiúid Oideachais (Campas Naomh Pádraig), DCU, Coláiste Griffith agus Seirbhís Tacaíochta Míchumais CIT, an Campas Leathnaithe, Eolaíochtaí Bitheacha, agus an tAonad Teagaisc agus Foghlama.

121. D'óstaigh CIT ionadaithe ó Ollscoil Idirnáisiúnta Eolaíochta & Teicneolaíochta Botswana, Ollscoil Pretoria, an Afraic Theas, agus Universidad del Rosario, An Cholóim ar 15 Bealtaine 2019 le linn cuairt seachtaine mar chuid den chlár Erasmus+ de chuid an Aontais Eorpaigh.
122. Sheol Jim Daly TD, Aire Stáit sa Roinn Sláinte, Mol Nuálaíochta Sláinte na hÉireann (HIHI) in CIT ar 20 Bealtaine 2019.
123. Reáchtáladh searmanas bronnta céime le haghaidh mic léinn Cope Foundation in CIT ar 20 Bealtaine 2019.
124. Sheol an tAire David Stanton TD Cyber Ireland ar 20 Bealtaine 2019. Forbairt shuntasach a bhí ann do CIT de bhri go bhfuil CIT ina ceanncheathrú ag braisle Cyber Ireland.
125. D'óstaigh an tUachtarán cuairt chúirtéise ó Ambasadóir na hEilbhéise chun na hÉireann, Louis-José Tournon Uas., ar 20 Bealtaine 2019.
126. Bhí comhdháil ráithiúil an Industrial Internet Consortium (IIC) ar siúl in CIT ar 20 Bealtaine 2019 agus bhí thart ar 150 ionadaí as ballchuideachtaí den IIC i láthair.
127. Bhronn Aontas na Mac Léinn CIT seic ar €15,289.46 ar Jack O'Driscoll tar éis bailiúcháin i gcabhair ar Chiste Jack O'Driscoll ar 20 Bealtaine 2019.
128. Thug Painéal Comhairleach na hOllscoile Teicneolaíche cuairt ar CIT idir 22-24 Bealtaine 2019.
129. D'óstaigh an Cuibhreannas Tionsclaíochta Idirlín Fóram ar Dhéantúsaíocht Chliste i Lárionad Berkeley ar 23 Bealtaine 2019 i gcomhpháirtíocht le dhá lárionad taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, CONFIRM agus I-Form.
130. Mar chuid d'Fhéile Lárshamhraidh Chorcaí 2019, d'óstaigh CDEC CIT an taispeántas 'STATE OF PRINT' sa Ghailearaí, 46 Sráid an Chapail Bhuí idir 23 Bealtaine – 13 Meitheamh 2019.
131. Reáchtáladh taispeántas den obair a rinne mic léinn a chuir cúrsaí páirtaimseartha i gcrích i Líníocht, Péinteáil, Ceirmeacht, Teicstílí agus Grianghrafadóireacht ag CDEC CIT in 2019 sa Ghailearaí, 46 Sráid an Chapail Bhuí idir 23 – 30 Bealtaine 2019.
132. Rinne breis is 80 dalta bunscoile freastal ar Champa 'Dúshlán Eolaíochta' i saotharlanna na Roinne Eolaíochtaí Fisiceacha ar 28 Bealtaine 2019.
133. Seoladh Seó bliantúil na Céime CDEC CIT – BOLD ar 30 Meitheamh 2019 inar léiríodh saothar le mic léinn na bliana deiridh den BA (Onór) in Amharc-chumarsáid agus an BA (Onór) i Meáin Chruthaitheacha Dhigiteacha & DISMANTLE inar léiríodh saothar le mic léinn na bliana deiridh den BA (Onór) i Mínealaín agus an BA (Onór) in Ealaín Fheidhmeach Chomhaimseartha.
134. Reáchtáladh Lá Cleasa Lútha bliantúil Bhunscoileanna Chorcaí sa Raon Lúthchleasaíochta agus Staidiam Spórt ar 30 Bealtaine 2019 agus bhí níos mó ná 4,500 rannpháirtí agus lucht féachana ar champas.
135. D'óstaigh mic léinn de chuid Teicneolaíocht Ailtireachta & Ailtireacht Intí seó deireadh bliana 'UNPACKED' sa Monarcha Ailtireachta ar 5 Meitheamh 2019. D'oscail Pat Kirwan, Comhlach, BIM & BREEAM, Henry J Lyons Ailtirí an taispeántas.
136. Óstaíodh 'T.R.A.C.E.S.', bailiúchán deireadh bliana d'oibreacha i ngloine, snaidhm, prionta agus grianghraf sa Ghailearaí, 46 Sráid an Chapail Bhuí, ar 6 Meitheamh 2019 le mic léinn 3ú Bliain in Ealaín Fheidhmeach Chomhaimseartha CEDC CIT.
137. I gcomhar le UCC+, d'óstaigh an tSeirbhís Rochtana Lá Xperience le haghaidh mic léinn na chéad bhliana i nascscoileanna DEIS CIT ar 6 Meitheamh 2019.
138. Óstaíodh Searmanas Gradaim Chlár Príosúin CIT/Chorcaí i bPríosún Chorcaí ar 6 Meitheamh 2019.
139. Óstaíodh 'Dismantle' Taispeántas na Céime Mínealaíne agus Ealaíne Feidhmí i gCampas Sharman Crawford idir 7-14 Meitheamh 2019. D'oscail Dee Forbes Uas., Stiúrthóir Ginearálta RTÉ, an taispeántas go hoifigiúil.
140. Seoladh Student Inc., an luasaire CIT-threoraithe le haghaidh fiontraithe mic léinn, i dtrí champas i gCúige Mumhan den chéad uair riamh ar 10 Meitheamh 2019.

141. Thug ionadaithe as ollscoileanna agus institiúidí teicniúla Palaistíneacha cuairt ar CIT mar chuid de thuras staidéir ar rialachas líAO ar a n-áirítear rialachas acadúil ar 12 Meitheamh 2019.
142. Léirigh Alsa Productions ‘Tall Tail’ in Amharclann Stack, CSC CIT, idir 14-15 Meitheamh 2019.
143. D’óstaigh Gailearaí Ealaíne Crawford Cruinniú na nÓg, Lá Náisiúnta Cruthaitheachta do Leanaí ar 15 Meitheamh 2019.
144. Thug 19 ball foirne agus mac léinn de chuid CSC CIT léiriú in Aula Maxima UCC le haghaidh Vanbrugh & Friends, ceolchoirm mhór bhliantúil de chuid na Fondúireachta Náisiúnta Téadcheatharéid ar 15 Meitheamh 2019.
145. Thug an East Winds Symphonic Band as Pennsylvania, SAM, ceolchoirm i Halla Curtis ar 17 Meitheamh 2019.
146. Sheol Ray Loughheed Uas., Institiúid Margaíochta na hÉireann (Craobh Chorcaí), Lámhleabhar Oideachais Leantaigh 2019/2020 ar 17 Meitheamh 2019.
147. D’óstaigh CIT Comhdháil Eispéaras Céad Bhliana na hEorpa (EFYE) in CIT thar 3 lá dar tús 17 Meitheamh 2019 agus san áireamh ann bhí 140 seisiún, agus breis is 350 rannpháirtí. Ba é an chéad uair a tháinig comhdháil EFYE go hÉirinn.
148. Thug toscaireacht as Shanghai, agus ionadaithe as Bureau Airgeadais Shanghai, Lárionad Fiontraíochta Teicneolaíochta Shanghai, Lárionad Shanghai don Nuálaíocht Ardteicneolaíochta agus Oideachais san áireamh, cuairt ar CIT ar 18 Meitheamh 2019.
149. Thug A Shoilse an Dr Rizal Sukma, Ambasadóir Phoblacht na hIndinése chun na Ríochta Aontaithe, na hÉireann agus na hEagraíocht Idirnáisiúnta Muirí, cuairt ar CIT mar chuid de ‘Baineann Tábhacht leis an Áise’ ar 24 Meitheamh 2019.
150. Rinne CIT comhóstú ar imeacht le CDK Global Éireann ar 25 Meitheamh 2019 chun an chéad Chéim (Onór) Leibhéal 8 i mBainistíocht Gnó agus Teicneolaíocht Uathghluaisteachta in Éirinn riamh a fhógairt.
151. D’óstaigh Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta imeacht dar teideal ‘STEMming your Talent Issues – Next Steps’ in Vertigo ag Halla Chontae Chorcaí ar 28 Meitheamh 2019.
152. Ceiliúradh an 50ú Comóradh Bliana de Thuirling Apollo 11 ar an nGealach ag RCCD CIT ar 15 Iúil 2019. Craoladh an t-imeacht ó RTÉ1.
153. Mar chuid de Mhí Cheardaíochta Chorcaí, d’óstaigh An Gailearaí, 46 Sráid an Chapail Bhuí taisteántas dar teideal ‘Emerge’, arna choimeád ag Enid Conway, ar 1 Lúnasa 2019.
154. D’óstaigh CIT cuairt ó oifigigh éagsúla Seapánacha Rialtais mar chuid de WorldSkills Éireann ar 2 Lúnasa 2019.
155. Sheol Club CLG Mic Léinn go hoifigiúil a Lógó nua éagsúlachta agus Ionchuisitheachta don Bhliain Acadúil 2019/20 ar 29 Lúnasa 2019.
156. Reáchtáladh Seisiún Tionscnaimh na Mac Léinn Lánfhásta ar 29 Lúnasa 2019 agus bhí breis is 100 mac léinn lánfhásta i láthair.
157. Ar 30 Lúnasa 2019, chuaigh Roinn na Meán Cumarsáide i gcomhar le RTÉ agus Television Mobiles (TVM), cuideachta craoltóireachta lasmuigh atá bunaithe i dTobar Pártnáin, Co. Chorcaí, chun Teastas i Léiriú Teilifíse a chruthú.

7.2 Forbairt Champais

1. Arena CIT



Cur Síos

Is foirgneamh ilchuspóireach é Arena CIT atá lena úsáid le haghaidh 3 phríomhfheidhm, mar atá: spóirt agus aclaíocht; ealaíona agus cultúr; agus acadúil/oideachas. Tá an foirgneamh atá beartaithe 3,500 mcr agus chuimsíonn sé halla spóirt 8 lánchúirt; giomaisiam iomlán carda/meachan; saoráidí gléasta; agus líon seomraí ilfheidhmeacha/tionscadail.

Stádas an Tionscadail

Cuireadh an tionscadal ar feitheamh ar feadh roinnt blianta agus tugadh cead dul ar aghaidh i ndeireadh 2018. Athfhostaíodh an Fhoireann Dearaidh agus tá staid na mionsonraí dearaidh curtha i gcrích. Faoi láthair tá an tionscadal ag staid leochaileach.

2. Lárionad Acmhainní Foghlama




Cur Síos

Is foirgneamh neamhspleách an foirgneamh de 6,750 mcr atá beartaithe agus chuimsíonn sé seomra léachta, seomraí ranga, seomraí seimineáir, caifé foghlama, spás staidéir agus oifigí, agus tá sé suite taobh thoir de Phríomhfhoirgneamh 1974.

Stádas an Tionscadail

Faomhadh an tionscadal lena chuimsiú i gCuachadh 1 den 3ú leibhéal CPP i nDeireadh Fómhair 2017. Cuireadh tús le comhchomhairle na foirne Dearaidh i Meitheamh 2018. Tá iarratais ar Chead Pleanála, Sábháilteacht Dóiteáin agus Teastas Rochtana Míchumais go léir lóisteáilte. Is é an dáta suímh ná R1 2021 ach braitheann sé sin ar dhul chun cinn na dtionscadal eile i gCuachadh 1.

3. Athbhreithniú agus Uasdátú ar Mháistirphlean an Champais



Cur Síos

Ceapadh Ailtireacht Reddy chun athbhreithniú a dhéanamh ar an máistirphlean agus na roghanna straitéiseacha a mhapáil amach le haghaidh fhorbairt fhisiceach na hInstitiúide do na 10 mbliana seo chugainn ar a n-áirítear athbhreithniú ar an bplean páirceála agus comaitéireachta.

Stádas an Tionscadail

Cuireadh an dréacht-mháistirphlean i láthair go luath in 2019 agus tá súil leis an tuarascáil dheiridh a chur i láthair i R3 2019.

4. Foirgneamh 1974: Oibreacha Uasghrádaithe Dín Pas 2



Cur Síos

Baineann an tionscadal le huasghradú Phas 2 de dhíon Fhoirgneamh 1974. Tá an díon níos mó ná 40 bliain d'aois agus is gá athsholáthar iomlán. Rinneadh Pas 1 a athsholáthar in 2014, agus Pas 2 le linn shamhradh 2019. Tá 33% den díon críochnaithe ag an staid seo.

Stádas an Tionscadail

Rinneadh an obair le linn shamhradh 2019 agus bhí an obair curtha i gcrích faoi Mheán Fómhair 2019.

5. Foirgneamh 1974: Oibreacha Meicniúla



Cur Síos

Baineann an tionscadal leis na píobáin téimh faoin talamh agus na príomhphíobáin inmheánacha uisce i bhFoirgneamh 1974 a athsholáthar agus iad a shuiteáil os cionn talún. Mionsonraíodh an obair agus rinneadh na tairiscintí in 2019 ach ní fhéadfaí í a dhéanamh ach amháin le linn an tsamhraidh.

Stádas an Tionscadail

Rinneadh an obair le linn shamhradh 2019 agus bhí an obair curtha i gcrích faoi Mheán Fómhair 2019.

6. Foirgneamh 1974: Uasghrádaithe éagsúla ar Sheomraí Ranga



Cur Síos

Cuimsithe sa tionscadal bhí:

Uasghrádaithe rangsheomraí (líon 6)
Uasghradú ar dhoirse dóiteain (líon 36)
Athchóiriú ar Leithreas na bhFear B216
Urlár nua agus péinteail ar C162
Péinteail IT2:-T2.2;-T2.3
Athchóiriú iomlán ar C148 agus C248

Stádas an Tionscadail

Rinneadh an obair le linn shamhradh 2019 agus bhí an obair curtha i gcrích faoi Mheán Fómhair 2019.

7. Foirgneamh 1974: Uasghrádú Oifig D260



Cur Síos

Is é a bhí i gceist leis an tionscadal ná athchóiriú iomlán ar Oifig D260, Oifig mhór do 18 duine. Chuirimsigh an obair uasghrádú meicniúil, leictreach, urlárta nua, troscán agus tógáil seomra beag cruinnithe a thógáil laistigh den seomra.

Stádas an Tionscadail

Rinneadh an obair le linn shamhradh 2019 agus bhí an obair curtha i gcrích faoi Mheán Fómhair 2019.

8. Coirí a athsholáthar i bhFoirgneamh Berkeley



Cur Síos

Is é a bhí i gceist leis an tionscadal ná na coirí a athsholáthar go hiomlán i bhFoirgneamh Berkeley (Leabharlann/TF) agus coirí le rialú cascáideach a chur ina n-áit agus uasghrádú choire d'uisce te díreach.

Stádas an Tionscadail

Rinneadh an obair le linn shamhradh 2019 agus bhí an obair curtha i gcrích faoi Mheán Fómhair 2019.

9. Oibreacha Aghaidhe Céim 2 Bloc G



Cur Síos

Tar éis tuairisc ar scrúdú a rinneadh ar an bhfoirgneamh, moladh go ndéanfaí oibreacha leasúcháin chun próifíilí miotail púdarbhraithe a chur in áit gach caolach sraithadhmaid ag altanna cumhdaigh, agus an t-adhmad go léir a bhí truaillithe ag lobhadh a athsholáthar agus an t-adhmad eile go léir a chóireáil.

Stádas an Tionscadail

Rinneadh an obair le linn shamhradh 2019 agus bhí an obair curtha i gcrích faoi Mheán Fómhair 2019.

10. Uasghrádú ar Shoilsiú




Cur Síos

Tionscadal chun an soilsiú sna seomraí Ríomhaire TF agus Bloc C a uasghrádú le soilsiú LED níos tiosaí ar fhuinneamh.

Stádas an Tionscadail

Rinneadh an obair le linn shamhradh 2019 agus bhí an obair curtha i gcrích faoi Mheán Fómhair 2019.

11. Lárionad Lúthchleasaíochta Ardfeidhmíochta LSSIF



Cur Síos

Chuir Lúthchleasaíocht Éireann agus CIT iarratas ar mhaoiniú chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt faoin gCiste Mórscála Infreastruchtúir (LSSIF) le haghaidh Lárionad Lúthchleasaíochta Ardfeidhmíochta (síneadh le Arena CIT), agus athdhromchlú an raon reatha faoin aer.

Stádas an Tionscadail

An t-iarratas curtha isteach Aibreán 2019. Faoi láthair ag fanacht le cinneadh ar an iarratas.

7.3 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoraidí

In 2018/19 cuireadh roinnt tionscadal suntasach sláinte agus sábháilteachta chun cinn.

- Ullmhaíodh tairiscint agus d'fhostaigh seirbhísí sainchuideachta comhairleoireachta innealtóireachta, sláinte, agus sábháilteachta chun iniúchadh mion a dhéanamh ar chothabháil gach córas agus trealamh criticiuil sábháilteachta ag CNMÉ. Tharla an tionscadal seo i ngeall ar shaincheisteanna leanúnacha le trealamh agus cáipéisíu taifid ag CNMÉ. Cuireadh torthaí an iniúchta ar fáil i ráithe 1 de 2019. I ngeall ar thuairisc an iniúchta ba ghá Plean Gnímh a ullmhú chun clabhsúr a chur le moltaí na tuairisce. Cuireadh tús leis an dara próiseas tairisceana chun tacú leis an bpróiseas clabhsúir; tá obair leantach ar an bplean sin ar siúl faoi láthair.
- Ullmhaíodh tairiscint agus d'fhostaigh na seirbhísí de chuid seirbhísí freagartha garchabhrach le haghaidh gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl lasmuigh de na gnáthuaireanta ag CIT (i ndiaidh 5pm laethanta na seachtaine, Sathairn) nuair nach mbíonn an Fhoireann Dheonach Freagartha Garchabhrach ar fáil chun cumhdach Garchabhrach a chur ar fáil. Cuireadh na seirbhísí sin i bhfeidhm in 2018.
- Ullmhaíodh tairiscint agus d'fhostaigh na seirbhísí de chuid sainchuideachta comhairleoireachta chun suirbhé iomlán a dhéanamh ar cheantair fhoirgnimh CIT chun a fháil amach cibé acu an bhfuil ábhair ina bhfuil aiseist iontu nó nach bhfuil i ngach foirgneamh. Eisíodh na suirbhéanna agus tuairiscí críochnaithe i mBealtaine 2019.
- Ullmhaíodh tairiscint agus fuair Dífhibrileoirí Seachtracha Uathobrithe athsholáthair ag Campas Bhaile an Easpaig i ráithe 1 2019.
- Ullmhaíodh tairiscint agus d'fhostaigh seirbhísí sainchuideachta comhairleoireachta chun measúnú riosca a dhéanamh ar gach ceantar ag CIT ina bhfuil riosca féideartha pléisce agus chun Cáipéis Chosanta Pléisce a ullmhú don Institiúid. Cuireadh tús leis an obair seo i mí na Bealtaine 2019 agus beidh an chéad dréacht-tuarascáil ar fáil i mí na Nollag 2019.
- Cuireadh tús le Próiseas Ullmhachta agus Freagartha Éigeandála CIT. D'fhreastail baill foirne CIT ar chruinniú mullaigh maidir le Pleanáil Éigeandála agus, ag eascair as sin, tionóladh cruinnithe forleathana ullmhúcháin leis na páirtithe leasmhara chun cabhrú le forbairt na struchtúr tionscnaimh le haghaidh pleanála éigeandála. Chuaigh na hoibreacha sin chun cinn go maith. Leantar le forbairt na gcóras.
- Cuireadh tús le huasghrádú ar na Ceardlanna Leictreacha i mBloc A. Bhí dearáí chun feabhas a chur ar ghnéithe sábháilteachta agus timpeallachtaí oibre a d'fhorbair baill foirne teicniúla agus léachtóireachta ina gcreat do na hoibreacha.
- Cuireadh tús le huasghrádú ar an gCeardlann Oibrithe Miotail agus ceantair sheachtracha stórála ag CEDC CIT chun feabhas a chur ar shábháilteacht na timpeallacha oibre.

Rinne Price Waterhouse Coopers, le comhoibriú iomlán ó fhostaithe CIT, iniúchadh ar Chórais Bhainistithe Sábháilteachta CIT in 2018 agus d'eisigh tuarascáil. Tá an obair a bhaineann le cur i bhfeidhm mholtaí na tuarascála sin ar siúl i gcónaí.

Stiúraigh an tUachtarán turas sábháilteachta i gCEDC CIT i mí na Nollag 2018. Thug an turas deis chun feabhas a chur ar chultúr na sábháilteachta laistigh den láthair oibre agus foghlama trí idirghníomhaíocht agus plé le fostaíthe agus mic léinn.

Rinne árachóirí CIT, Comhlachtaí Poiblí na hÉireann, seimineár ar shláinte, sábháilteacht agus árachas a eagrú agus a sheachadadh. D'aibhsigh an t-imeacht an tábhacht a bhaineann leis an tsábháilteacht agus leis an dualgas cúraim atá dlite. Léirigh na hardleibhéil idirghníomhaíochta agus plé an dúil atá ag páirtithe leasmhara CIT a bhí i láthair a bheith rannpháirteach.

Rinne an Oifig Foirgneamh & Eastát athbhreithniú ar mheasúnuithe riosca roinne le haghaidh na foirne cothabhála agus glantacháin. Cuireadh cáipéisíocht uasdátaithe in iúl do na baill foirne ábhartha.

Rinneadh measúnuithe ar Threalamh Scáileáin Taispeána a bhaineann le stáisiúin oibre le haghaidh roinnt fostaíthe ar leith i ranna éagsúla.

Oiliúint Sábháilteachta

Cuireadh Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil mar seo a leanas:

- Oiliúint Tiománaí Forcardaitheora le haghaidh ball foirne i gCNMÉ.
- Oiliúint Láimhseála de Láimh le haghaidh baill foirne cothabhála agus glantacháin i bhFoigrnimh & Eastáit.
- Oiliúint le haghaidh 'Dearthóirí sna Rialacháin Foirgníochta' do na Bainisteoirí Tionscadail i bhFoigrníocht & Eastáit.
- Oiliúint don Fhreagróir Céadchabhrach (FAR) le haghaidh ball foirne i gCDEC CIT, CSC CIT, RCCD CIT, agus Feitheoirí Scrúdaithe.
- Oiliúint Athnuachana Garchabhrach le haghaidh Feitheoirí Scrúdaithe.
- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta agus Marascal Dóiteáin le haghaidh Ceannairí Mic Léinn
- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta le haghaidh mac léinn na chéad bhliana i dTurasóireacht & Fáilteachas.
- Ardoiliúint ACS (CPR) do bhaill den fhoireann práinnfhreagartha (ERT)
- Oiliúint Chéad Fhreagróra Éigeandála le haghaidh ball nua den fhoireann práinnfhreagartha (ERT)

Cáipéis Tuairiscithe Timpiste/Teagmhais 01/09/2018 go 31/08/2019

Cáipéis Tuairisce Timpiste/Teagmhais 01/09/2018 go 31/08/2019							
Mí	Timpistí	Bosca Garchabhrach (áirithe le Timpistí)	Timpistí S&S nár mhór a thuirisciú	Teagmhais (teagmhais leighis/neasteagmhais)	Inbhagrach go Féideartha don Bheatha	Glaonna ar Otharcharr	Glaonna ERT
M. Fómhair	5	2	0	4	1 teagmhas leighis	1	6
D. Fómhair	10	8	1	5	0	1	9
Samhain	14	7	1	8	0	0	14
Nollaig	2	0	0	6	0		7
Eanáir	2	0	0	2	1 teagmhas leighis	1	3
Feabhra	6	0	1	5	0	0	7
Márta	4	3	0	3	0	0	3
Aibreán	3	2	1	6	0	1	5
Bealtaine	2	2	0	0	0	0	0
Meitheamh	0	0	0	0	0	0	0
Iúil	3	1	0	1	0	0	2
Lúnasa	0	0	0	1	0	0	1
Iomlán	52	25	4	41	2	4	57

Tuairiscíodh 52 timpiste a raibh 25 díobh aicmithe mar Bhosca Garchabhrach (FAB). Miontimpistí a bhí iontu sin a ndearnadh cóireáil orthu ar an láthair gan a thuilleadh ag teastáil i.e. cóiriú steiriúil curtha ar mhionchréacht nó Watergel curtha ar mhiondó. Tuairiscíodh 41 timpiste eile a gcuirfí síos orthu mar imeachtaí a bhaineann le leigheas nó Neasteagmhais, nuair nár tharla gortú ar bith.

Léiríonn an t-iomlán de 93 timpiste ar fad gur coinníodh an líon laghdaithe ón mbliain roimhe sin.

Coiste Sábháilteachta CIT

Rinneadh cruinnithe Coiste Sábháilteachta a sceidealú ag eatraimh rialta ar feadh na tréimhse.

7.4 Pointí Teagmhála

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: www.cit.ie

CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

Seoladh

Baile an Easpaig, Corcaigh

Teileafón

+353 21 432 6100

CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

Seoladh

Cé na hAontachta, Corcaigh

Teileafón

+353 21 480 7300/310

Facs

+353 21 454 7617

Gréasán: <https://csm.cit.ie>

COLÁISTE EALÁINE & DEARTHA CRAWFORD CIT

Seoladh

Sráid Sharman Crawford, Corcaigh

Teileafón

+353 21 433 5200

Facs

+ 353 21 433 5201

Gréasán: <https://crawford.cit.ie>

COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN

Seoladh

Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

Teileafón

+353 21 497 0600

Facs

+353 21 497 0601

Gréasán: www.nmci.ie



Foilsithe ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire
@ Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Aibreán 2021

Arna tháirgeadh ag baill foirne Oifig an Uachtaráin

Nóta:

Rinneadh gach dícheall a chinntiú go bhfuil an t-eolas anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid le dliteanas ar bith as earráid ar bith atá ann.

E&OE

Aistritheoir
Niall Ó Murchadha

